AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 14.5.2012
COM(2011) 627 final/3

2011/0282 (COD)

CORRIGENDUM:
Annule et remplace le document COM(2011) 627 final du 12.10.2011 et le document COM(2011) 627 final/2 du 19.10.2011
Concerne toutes les versions linguistiques

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

{SEC(2011) 1153 final}
{SEC(2011) 1154 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is i dtogra an Choimisiúin le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2014-2020 (an togra le haghaidh an CAI)[1] a leagtar síos an creat buiséadach agus na príomhthreochtaí don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT). Ar a bhonn sin, tá an Coimisiún ag tíolacadh sraithe rialachán lena leagfar síos an creat rialaitheach i gcomhair an CBT le linn na tréimhse 2014-2020, maille le measúnú tionchair ar chásanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le héabhlóid an bheartais.

Tá na hathchóirithe atáthar á moladh faoi láthair bunaithe ar an Teachtaireacht maidir leis an CBT as seo go 2020[2] ina raibh breac-chuntas ar roghanna ginearálta beartais chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh le sárú amach anseo ag lucht talmhaíochta agus ag limistéir thuaithe agus chun na cuspóirí a leagadh síos don CBT a bhaint amach, mar atá 1) táirgeadh inmharthana bia; 2) bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide; agus 3) forbairt chothrom críoch. Fuair na moltaí maidir le hathchóiriú atá sa Teachtaireacht tacaíocht ghinearálta le linn na díospóireachta idirinstitiúidí[3] agus sa chomhairliúchán le geallsealbhóirí a rinneadh faoi chuimsiú an mheasúnaithe tionchair.

Téama coitianta a tháinig chun cinn go minic le linn an phróisis seo is ea an gá éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn d'fhonn fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach i gcomhair thalmhaíocht an AE agus i gcomhair limistéar tuaithe i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020, agus struchtúr an CBT á choinneáil roinnte ar dhá cholún a úsáideann ionstraimí comhlántacha chun na cuspóirí céanna a bhaint amach. Le Colún I cumhdaítear íocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh lena dtugtar tacaíocht bhunúsach bhliantúil d'ioncam fheirmeoirí an AE agus tacaíocht i gcás ina dtarlóidh suaitheadh áirithe ar an margadh. Le Colún II cumhdaítear forbairt tuaithe i gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit cláir ilbhliantúla a tharraingt suas agus a chómhaoiniú faoi chomhchreat[4].

Trí athchóirithe leanúnacha mhéadaigh an CBT treocht mhargaidh na talmhaíochta agus thug tacaíocht ioncaim do tháirgeoirí, d'fheabhsaigh sé an chaoi ar comhtháthaíodh ceanglais chomhshaoil agus threisigh tacaíocht d'fhorbairt tuaithe mar bheartas comhtháthaithe chun limistéir thuaithe a fhorbairt ar fud an AE. De bharr an phróisis athchóirithe sin, áfach, tháinig éilimh chun cinn go ndáilfí an tacaíocht ar bhealach níos fearr i measc na mBallstát agus laistigh díobh, agus gur fearr mar a spriocdhíreofaí bearta a bhfuil sé mar aidhm acu dul i

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún *Buiséad don Eoraip 2020*, COIM(2011)500 críochnaitheach, 29.6.2011.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún *An CBT i dtreo 2020*: *déileáil leis na dúshláin bhia, acmhainní nádúrtha agus chríche a bheidh ann amach anseo*, COIM(2010)672 críochnaitheach, 18.11.2010.

3 Féach go háirithe an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2011, 2011/2015(INI), agus conclúidí na hUachtarántachta an 18.3.2011.

4 Is éard atá sa chreat reachtach atá ann faoi láthair Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (íocaíochtaí díreacha), Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (ionstraimí margaidh), Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (forbairt tuaithe), Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle (maoiniú).

ngleic le dúshláin chomhshaoil agus dul i ngleic le luaineacht an mhargaidh ar bhealach níos fearr.

San am a chuaigh thart, rinneadh athchóirithe chun freagairt a thabhairt ar dhúshláin de thionscnamh inmheánach, barrachais ollmhóra agus géarchéimeanna maidir le sabháilteacht bia mar shampla; agus rinne siad leas an AE laistigh dá theorainneacha agus go hidirnáisiúnta mar aon. Sa lá atá inniu ann, áfach, is tosca seachtracha is cúis le formhór na ndúshlán atá ag an tionscal talmhaíochta agus dá bhrí sin tá beartas níos ginearálta de dhíth chun freagairt a thabhairt orthu.

Meastar go leanfaidh ioncam ó thalmhaíocht de bheith faoi bhrú amach anseo ó tharla go mbeidh breis rioscaí ann d'fheirmeoirí, go bhfuil an táirgiúlacht ag moilliú agus go mbeidh corrlaigh níos lú de dheasca méaduithe ar phraghsanna ionchuir; dá bhrí sin is gá tacaíocht ioncaim a choinneáil agus ionstraimí a threisiú chun rioscaí a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus freagairt níos fearr a thabhairt i gcás géarchéimeanna. Tá sé sár-riachtanach go mbeadh an talmhaíocht láidir ar mhaithe le tionscal an bhia san AE agus le slándáil dhomhanda bia.

Ag an am céanna, táthar ag iarraidh ar thionscal na talmhaíochta agus ar limistéir thuaithe breis iarrachta a dhéanamh chun na spriocanna teanntásacha maidir leis an gcomhshaol agus le fuinneamh agus an straitéis bhithéagsúlachta, ar cuid de clár oibre Eoraip 2020 iad, a bhaint amach. Is gá tacú le feirmeoirí, arb iad na príomhbhainisteoirí talún iad maille le foraoiseoirí, chun córais agus cleachtais feirmeoireachta a ghlacadh agus a chothabháil a fhabhróidh go mór cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ó tharla nach bhfuil aon léiriú i bpraghsanna margaidh ar leasanna den sórt sin don phobal. Tá sé sár-riachtanach freisin an tairbhe is optamaí a bhaint as an acmhainn atá i limistéir éagsúla thuaithe agus sa dóigh sin cur le fás uilechuimsitheach agus comhtháthú.

Dá bhrí sin, amach anseo ní bheidh an CBT ina bheartas nach bhfreastalóidh ach ar chuid bheag, bíodh go bhfuil sé sár-riachtanach, de gheilleagar an AE, ach beartas lena mbaineann tábhacht straitéiseach i gcomhair slándála bia, an chomhshaoil agus cothroime idir críocha a bheidh ann freisin. Is ansin atá an breisluach don AE a thiocfaidh ó bheartas, ar comhbheartas i bhfírinne é, lena mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainní teoranta an bhuiséid chun earnáil talmhaíochta inmharthana a chothabháil ar fud an AE, agus a rachaidh i ngleic le saincheisteanna tábhachtacha trasteorainn amhail athrú aeráide agus treisiú dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát, agus fairis sin, a cheadóidh solúbthacht sa chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais áitiúla.

Foráiltear sa chreat atá leagtha amach sa togra le haghaidh an CAI gur cheart a struchtúr décholúnach a fhágáil ag an CBT agus an buiséad le haghaidh gach colúin acu a choinneáil, i dtéarmaí ainmniúla, ar a leibhéal le haghaidh 2013 agus gur cheart é a bheith dírithe ar thorthaí de réir phríomhthosaíochtaí an AE. Ba cheart táirgeadh inbhuanaithe a chur chun cinn le híocaíochtaí díreacha trí 30 % dá gclúdach buiséadach a shannadh do bhearta sainordaitheacha a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil. Ba cheart na leibhéil íocaíochta a chóineasú go forchéimnitheach agus ba cheart uasteorannú forchéimnitheach a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí le tairbhithe móra. Ba cheart forbairt tuaithe a áireamh i gComhchreat Straitéiseach le cistí comhbhainistíochta eile de chuid an AE, an cur chuige ina taobh a threisiú agus a dhíriú ar na torthaí agus coinníollachtaí *ex-ante* feabhsaithe follasacha a chur i bhfeidhm. Ar deireadh thiar, ó thaobh beart margaidh de ba cheart maoiniú an CBT a threisiú le dhá ionstraim atá lasmuigh den CAI: 1) cúltaisce éigeandála chun gníomhú i ngéarchéimeanna; agus 2) raon feidhme Chiste na hEorpa um Choigeartú don Domhandú a shíneadh.

Ar a bhonn sin, tá príomheilimintí chreat reachtach an CBT le linn na tréimhse 2014-2020 leagtha amach sna rialacháin seo a leanas:

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi choimsiú an chomhbheartais talmhaíochta ('an Rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha');

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair);

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ('an Rialachán maidir le forbairt tuaithe');

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air ('an Rialachán cothrománach');

– Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta;

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 maidir le cur i bhfeidhm íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí i leith na bliana 2013;

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 maidir le córas na scéime aoníocaíochta agus tacaíocht do shaothraithe fíniúnacha.

Forbairt é an Rialachán maidir le forbairt tuaithe ar an togra arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2011 ina leagtar amach comhrialacha le haghaidh gach ciste a oibríonn faoi Chomhchreat Straitéiseach[5]. Tiocfaidh rialachán ina dhiaidh seo maidir leis an scéim le haghaidh na ndaoine is díothaí. Cuirtear an cistiú don scéim sin faoi cheannteideal éagsúil de chuid CAI anois.

Ina theanta sin, táthar ag ullmhú rialacha nua maidir le foilsiú faisnéise i dtaobh tairbhithe ag cur san áireamh agóidí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh d'fhonn an bealach is iomchuí a aimsiú chun réiteach a fháil idir ceart na dtairbhithe chun cosanta ar a sonraí pearsanta agus prionsabal na trédhearcachta.

---

[5] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, COIM(2011)615 an 6.10.2011.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

Ar bhonn na meastóireachta ar an gcreat beartais atá ann faoi láthair agus ar bhonn anailíse ar dhúshláin agus riachtanais a bheidh ann amach anseo, déantar measúnú agus comparáid idir tionchar trí chás mhalartacha sa mheasúnú tionchair. Toradh is ea é ar phróiseas fada a thosaigh in Aibreán 2010 agus a bhí faoi stiúir grúpa idirsheirbhíse a thug anailís fhairsing chainníochtúil agus cháilíochtúil le chéile, lena n-áirítear bonnlíne a bhunú i bhfoirm réamh-mheastachán meántéarmach le haghaidh margaí talmhaíochta agus ioncaim go dtí 2020 agus tionchar na gcásanna éagsúla beartais a shamhaltú de réir eacnamaíocht na hearnála.

Is iad seo a leanas na trí chás a léirítear sa mheasúnú tionchair: 1) cás an choigeartaithe, ina leantar leis an gcreat beartais atá ann faoi láthair ach ina dtéitear i ngleic leis na lochtanna is tábhachtaí atá air, amhail dáileadh na n-íocaíochtaí díreacha; 2) cás an chomhtháthaithe, ina n-athraítear an beartas go mór trí fheabhas a chur ar spriocdhíriú agus ar ghlasú íocaíochtaí díreacha agus trí threisiú a dhéanamh ar spriocdhíriú straitéiseach i gcomhair beartas forbartha tuaithe a bheidh níos comhordaithe le beartais eile an AE, agus tríd an mbunús dlí a shíneadh chomh maith chun scóip níos fairsinge a thabhairt do chomhar táirgeoirí; agus 3) cás an athdhírithe, ina gcuirtear an beartas i dtreo nua sa chaoi go mbeidh sé dírithe go heisiach ar an gcomhshaol agus go gcuirfear deireadh le híocaíochtaí díreacha go forchéimnitheach, cás é ina dtoimhdítear go bhféadfar an acmhainneacht táirgeachta a choinneáil gan tacaíocht a thabhairt agus go bhféadfar freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha limistéar tuaithe le beartais eile.

I bhfianaise na géarchéime eacnamaíche agus an bhrú ar an airgeadas poiblí, ar saincheisteanna iad ar ar thug an AE freagra tríd an straitéis Eoraip 2020 agus an togra le haghaidh CAI, tugann gach aon de na trí chás méid éagsúil tábhachta do gach ceann de na trí chuspóir beartais a bheidh ag an CBT a bheidh ann amach anseo agus a bhfuil sé d'aidhm aige an talmhaíocht a chur faoi bhonn níos iomaíche agus níos inbhuanaithe agus na limistéir thuaithe a dhéanamh bríomhar. D'fhonn an beartas a ailíniú níos fearr leis an straitéis Eoraip 2020, go háirithe ó thaobh éifeachtúlachta acmhainní de, beidh sé níos riachtanaí fós amach anseo táirgiúlacht na talmhaíochta a fheabhsú trí thaighde, aistriú eolais agus cur chun cinn comhair agus nuálaíochta (lena n-áirítear tríd an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta). Cé nach bhfuil beartas talmhaíochta an AE ag feidhmiú a thuilleadh i dtimpeallacht ina bhfuil beartais a shaobhann trádáil, táthar ag tnúth le breis brú ar an earnáil áirithe seo ó thuilleadh léirscaoilte, go háirithe faoi chuimsiú Chlár Oibre Forbartha Doha nó an Chomhaontaithe Saorthrádála le Mercosur.

Tarraingíodh na trí chás beartais suas ag cur san áireamh na bpríomhroghanna a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin a rinneadh mar chuid den mheasúnú tionchair. Iarradh ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach idir 23.11.2010 agus 25.1.2011 agus reáchtáladh coiste comhairleach an 12.1.2011. Seo thíos achoimre ar na príomhphointí[6]:

– Tá geallsealbhóirí d'aon tuairm go ginearálta gur gá CBT láidir a bheith ann atá bunaithe ar struchtúr décholúnach chun dul i ngleic le dúshláin na slándála bia, na bainistíochta oiriúnaí ar acmhainní nádúrtha agus na forbartha críochaí.

[6] Féach Iarscríbhinn 9 den mheasúnú tionchair chun forbhreathnú a fháil ar an 517 aighneacht a fuarthas.

– Measann formhór na bhfreagróirí gur cheart ról a bheith ag an CBT i gcobhsú margaí agus praghsanna.

– Tá tuairimí éagsúla ag geallsealbhóirí i dtaobh na nithe ar cóir tacaíocht a dhíriú orthu (go háirithe athdháileadh cabhrach dírí agus uasteorannú íocaíochtaí).

– Táthar d'aon tuairim gur féidir leis an dá cholún a bheith tábhachtach chun gníomhaíocht ar son na haeráide a ghéarú agus chun feidhmíocht i dtaobh an chomhshaoil a mhéadú ar mhaithe le sochaí an AE. Cé go gcreideann cuid mhaith feirmeoirí go bhfuiltear á dhéanamh cheana féin, dar leis an bpobal i gcoitinne d'fhéadfaí úsáid ní b'éifeachtúla a bhaint as íocaíochtaí faoi Cholún I.

– Is mian leis na freagróirí go mbeadh gach cuid den AE, limistéir mhídheisiúla san áireamh, páirteach i bhfás agus i bhforbairt amach anseo.

– D'aibhsigh go leor freagróirí comhtháthú an CBT le beartais eile, amhail beartais comhshaoil, sláinte, trádála agus forbartha.

– Amharctar ar nuálaíocht, forbairt gnóthas iomaíoch agus soláthar earraí poiblí do shaoránaigh an AE mar bhealaí chun an CBT a ailíniú leis an straitéis Eoraip 2020.

Seo thíos an chomparáid a rinneadh sa mheasúnú tionchair idir na trí chás mhalartacha beartais:

Chuirfeadh cás an athdhírithe luas faoin gcoigeartú struchtúrach in earnáil na talmhaíochta, tríd an táirgeadh a bhogadh go dtí na limistéir ab éifeachtúla ó thaobh costais de agus go dtí na hearnálacha ba mhó brabús. Cé go méadódh sé cistiú ar son an chomhshaoil go mór, nochtfadh sé an earnáil do bhreis rioscaí de dheasca an raoin feidhme theoranta a bheadh ag idirghabháil mhargaidh. Thairis sin, bheadh costas mór sóisialta agus don chomhshaol ag baint leis ó tharla go gcaillfeadh na limistéir ba lú iomaíochas cuid mhaith ioncaim agus go ndéanfaí cuid mhaith díghrádú comhshaoil iontu, ós rud é go gcaillfeadh an beartas a éifeacht mar luamhán a thagann ó íocaíochtaí díreacha a nascadh leis na ceanglais maidir le tras-chomhlíonadh.

Ag ceann eile an speictrim, is le cás an athdhírithe a bheadh an comhleanúnachas beartais ab fhearr ann maille le feabhsuithe teoranta inbhraite maidir le hiomaíochas na talmhaíochta agus le feidhmíocht i dtaobh an chomhshaoil araon. Tá amhras tromchúiseach ann, áfach, go bhféadfadh an cás áirithe seo dul i ngleic ar bhealach leordhóthanach leis na dúshláin mhóra a bheidh ann amach anseo maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, ar dúshláin iad a mbeidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta i dtreis leo.

Cur chuige úrnua atá i gceist le cás an chomhtháthaithe lena gcuirfí feabhas ar spriocdhíriú agus ar ghlasú íocaíochtaí díreacha. Léiríonn an anailís gur féidir glasú a chur i gcrích ar chostas réasúnta d'fheirmeoirí cé nach bhféadtar ualach riaracháin éigin a sheachaint. Ar an dul céanna, is féidir spreagadh nua a thabhairt d'fhorbairt tuaithe ar chuntar go mbainfidh na Ballstáit agus na réigiúin úsáid éifeachtúil as na deiseanna nua agus nach ndéanfaidh an comhchreat straitéiseach le cistí eile an AE an tsineirgíocht le Colún I a laghdú ná láidreachtaí sainiúla na forbartha tuaithe a lagú. Má fhaightear an chothromaíocht cheart, is é seo an cás is fearr a rachadh i ngleic le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta agus na limistéar tuaithe.

Ar a bhonn sin, baintear de thátal sa mheasúnú tionchair gurb é an cás comhtháthaithe an cás is cothroime maidir le hailíniú forchéimnitheach a dhéanamh idir an CBT agus cuspóirí straitéiseacha an AE agus tá an chothromaíocht sin le fáil freisin i gcur chun feidhme na n-eilimintí éagsúla sna tograí reachtacha. Beidh sé sár-riachtanach freisin creat meastóireachta a fhorbairt chun feidhmíocht an CBT a thomhas le sraith choitinn táscairí a bheidh nasctha le cuspóirí beartais.

Leagadh béim nach beag ar an simpliúchán feadh an phróisis agus ba cheart cur leis ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí chuíchóiriú a dhéanamh ar thras-chomhlíonadh agus ionstraimí margaidh, nó an leagan amach atá ar scéim na bhfeirmeoirí beaga. Thairis sin, ba cheart glasú na n-íocaíochtaí díreacha a dhéanamh ar bhealach a íoslaghdóidh an t-ualach riaracháin, costais na rialuithe san áireamh.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Tá sé beartaithe an struchtúr atá ag an CBT faoi láthair a choinneáil, mar atá dhá cholún le bearta bliantúla sainordaitheacha a chuirfear i bhfeidhm go ginearálta faoi chuimsiú Cholún I maille le bearta deonacha atá oiriúnaithe do shainiúlachtaí tíortha agus réigiún faoi chur chuige an chláraithe ilbhliantúil faoi chuimsiú Cholún II. Leis an leagan amach nua atá ar íocaíochtaí díreacha, áfach, táthar ag iarraidh breis leasa a bhaint as na sineirgíochtaí le Colún II, agus ag an am céanna táthar ag cur an cholúin sin faoi Chomhchreat Straitéiseach chun an comhordú idir é agus cistí comhbhainistíochta eile de chuid an AE a fheabhsú.

Ar a bhonn sin, coinneofar an struchtúr atá ann faoi láthair mar atá ceithre bunionstraimí dhlíthiúla, cé go méadófar raon feidhme an rialacháin mhaoinithe chun forálacha coiteanna a thabhairt le chéile faoi chuimsiú an rialacháin chothrománaigh, mar a thugtar air anois.

Comhlíonann na tograí prionsabal na coimhdeachta. Comhbheartas i bhfírinne is ea an CBT: réimse is ea é ina roinntear inniúlacht idir an AE agus na Ballstáit agus a bhainistítear ar leibhéal an AE d'fhonn earnáil na talmhaíochta a choinneáil ar bhonn inbhuanaithe agus ilghnéitheach ar fud an AE, agus chun dul i ngleic le saincheisteanna móra trasteorainn amhail athrú aeráide agus treisiú na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit. I bhfianaise thromchúis na ndúshlán a bheidh ann amach anseo maidir le slándáil bia, an comhshaol agus cothroime idir críocha, is beartas é an CBT fós lena mbaineann tábhacht straitéiseach chun a áirithiú go dtabharfar an fhreagairt is éifeachtaí ar na dúshláin bheartais agus go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainní buiséadacha. Thairis sin, tá sé beartaithe struchtúr na n-ionstraimí a choinneáil mar atá sé faoi láthair, i.e. in dhá cholún, agus níos mó saoirse ag na Ballstáit réitigh a chur in oiriúint dá sainiúlachtaí áitiúla faoi Cholún II, ar colún é a chómhaoiníonn siad. Cuirfear an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht atá nua agus an tsraith straitéisí um bainistiú rioscaí faoi chuimsiú Cholún II. Ag an am céanna ba cheart an beartas a ailíniú níos fearr leis an straitéis Eoraip 2020 (lena n-áirítear comhchreat le cistí eile de chuid an AE) agus ba cheart roinnt feabhsuithe agus eilimintí simpliúcháin a thabhairt isteach. Ar deireadh thiar, léiríonn an anailís a rinneadh faoi chuimsiú an mheasúnaithe thionchair go follasach an costas a bheadh ann i dtéarmaí iarmhairtí don gheilleagar, don chomhshaol agus don tsochaí mura ndéanfar gníomhaíocht éigin.

Forbairt é an rialachán maidir le forbairt na tuaithe ar an gcur chuige straitéiseach a tugadh isteach le linn na tréimhse reatha, ar cur chuige é a d'imir tionchar dearfach toisc gur fhorbair Ballstáit straitéisí agus cláir ar bhonn anailíse ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí chun idirghabháil a oiriúnú ar an gcaoi is fearr do shainiúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha. Is

é is aidhm don sásra seachadta nua an cur chuige straitéiseach a threisiú – *inter alia* trí chomhthosaíochtaí atá sainithe go follasach a leagan síos maidir le forbairt na tuaithe ar leibhéal an AE (maille leis na spriocthásacairí coitinne gaolmhara) chomh maith leis na coigeartuithe is gá a dhéanamh i bhfianaise na taithí a fuarthas go dtí seo.

Tá an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta ar áireamh sa rialachán freisin, ar comhpháirtíocht í a bhfuil sé d'aidhm dó éifeachtúlacht a chur chun cinn ó thaobh acmhainní de, trí naisc a chothú idir an taighde agus an cleachtas agus nuálaíochta a spreagadh go ginearálta. Gníomhaíonn an comhpháirtíocht trí bhíthin grúpaí oibríochtúla a bhfuil freagracht orthu as tionscadail nuálaíocha agus a bhfuil líonra de chúnamh acu.

Ar bhonn an togra a thíolaic an Coimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2011 ina leagtar amach comhrialacha maidir le gach ciste a oibríonn faoi Chomhchreat Straitéiseach, ba cheart go bhfeidhmeodh Colún II den CBT ar mhodh comhordaithe agus comhlántach le Colún I, agus le cistí eile de chuid an AE chomh maith (go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI)). Tá na cistí curtha faoi Chomhchreat Straitéiseach ar leibhéal an AE a thrasuífear i gConarthaí Comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear cuspóirí coiteanna agus comhrialacha i gcomhair a n-oibrithe. A bhuí le comhrialacha a bhunú i gcomhair gach ciste a oibríonn aoi Chomhchreat Straitéiseach, is éasca a bheidh sé do thairbhithe agus d'údaráis náisiúnta araon tionscadail a bhainistiú agus éascófar cur chun feidhme tionscadal comhtháthaithe freisin.

I bhfianaise an méid sin, tá sé mar aidhm fhadtéarmach straitéiseach i gcónaí do bheartas fhorbairt na tuaithe cur le hiomaíochtas earnáil na talmhaíochta, le bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, gníomhaíocht ar son na haeráide agus le forbairt chothrom chríochach limistéar tuaithe. I gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020, tá léiriú níos mionsonraithe sna sé tosaíochaí uile-AE thíos ar na cuspóirí ginearálta sin maidir le tacaíocht le forbairt na tuaithe feadh na tréimhse 2014-2020:

– aistriú faisnéise agus nuálaíocht sa talmhaíocht, foraoiseacht, agus i limistéir thuaithe a chothú

– iomaíochas gach cineál talmhaíochta a fheabhsú agus inmharthanacht feirmeacha a fheabhsú;

– eagrúchán an tslabhra bia agus bainistíocht riosca a chur chun cinn sa talmhaíocht;

– na héiceachórais a bhraitheann ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht a athchóiriú, a chaomhnú agus a fheabhsú;

– éifeachtúlacht acmhainní agus an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil na foraoiseachta;

– cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i limistéir thuaithe a chur chun cinn

Ba cheart na tosaíochtaí sin a bheith mar bhonn ag an gclárú, lena n-áirítear spriocthásacairí a shainiú i ndáil le gach ceann acu. Ar áireamh sa rialachán tá rialacha maidir le cláir a ullmhú, a fhormheas agus a athbhreithniú, ar rialacha iad a leanann na rialacha atá ann faoi láthair den

chuid is mó. Thairis sin tá deis sa rialachán fochláir a dhéanamh (e.g. feirmeoirí óga, feirmeoirí beaga, limistéir sléibhe, slabhraí gearra soláthair) a thairbheoidh de leibhéal cabhrach níos airde.

Rinneadh liosta na mbeart ar leith a chuíchóiriú agus rinneadh athbhreithniú ar bhearta ar leith. Dá bharr sin tugadh roinnt coigeartuithe isteach chun dul i ngleic le saincheisteanna a tháinig aníos le linn na tréimhse reatha maidir le raon feidhme, cur chun feidhme agus glacadh. Toisc gur féidir le formhór na mbeart freastal ar bhreis is cuspóir nó tosaíocht amháin, ní mheastar gurb iomchuí a thuilleadh iad a ghrúpáil ina n-aiseanna; ba cheart go mbeadh cláir cothrom a bhuí leis an gclárú a dhéanamh ar bhonn tosaíochtaí. Tá beart sonrach cruthaithe i gcomhair feirmeoireachta orgánaí, agus tá teorannú nua tugtha isteach maidir le srianta nádúrtha sonracha. Tá feabhas curtha ar fhoráil maidir le tacaíocht le comhbhearta comhshaoil.

Tá tréisiú suntasach déanta ar an mbeart comhair atá ann faoi láthair agus síneadh é chun raon fairsing de chineálach comhair a chumhdach (comhar eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta) idir raon fairsing tairbhithe ionchasacha. Cumhdaíonn sé treoirthionscadal go sainráite anois chomh maith le comhar thar theorainneacha réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Beidh ról príomha ag Leadar agus lionraí i gcónaí, go háirithe chun limistéir tuaithe a fhorbairt agus nuálaíocht a scaipeadh. Beidh tacaíocht Leadar comhsheasmhach agus comhordaithe leis an tacaíocht le forbairt áitiúil a thugann cistí comhbhainistíochta eile de chuid an AE. A prize for local innovative co-operation projects will support transnational initiatives in favour of innovation.

A bhuí le sraith straitéisí maidir le bainistíocht riosca lena n-airítear tacaíocht le cistí frithpháirteacha agus uirlis nua maidir le cobhsaíocht ioncaim, tá deiseann nua ann déileáil leis an luaineacht mhór i margaí talmhaíochta a chreidtear a leanfaidh ar aghaidh sa mheántéarma.

A bhuí le deireadh a chur le córas na n-áiseanna atá ann faoi láthair, cuíchóireofar an clárú a dhéanann na Ballstáit.

Ar deireadh thiar, tá sé beartaithe forbairt a dhéanamh ar an gComhchreat Monatóireachta agus Meastóireachta a tugadh isteach le linn na tréimhse reatha. Déanfar é a shimpliú agus a fheabhsú ar bhonn taithí a fuarthas go dtí seo. Beidh liosta coiteann táscairí nasctha leis na tosaíochtaí beartais chun críche monatóireachta agus meastóireachta.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Foráiltear sa togra le haghaidh CAI gur cheart leanúint de chuid shuntasach de bhuiséad an AE a thiomnú don talmhaíocht, ó tharla go mbaineann tábhacht straitéiseach leis an gcomhbheartas talmhaíochta. Dá bhrí sin, agus de réir praghsanna reatha, tá sé beartaithe go ndíreoidh an CBT ar a chroíghníomhaíochtaí le EUR 317.2 billiún leithdháilte ar Cholún I agus EUR 101.2 billiún ar Cholún II feadh na tréimhse 2014-2020.

Tá EUR 17.1 billiún de chistiú breise mar chomhlánadh ar chistiú Cholún I agus Cholún II. Is éard atá i gceist leis an gcistiú breise sin EUR 5.1 billiún i gcomhair taighde agus nuálaíochta, EUR 2.5 billiún i gcomhair sabháilteachta bia agus EUR 2.8 billiún i gcomhair tacaíocht bia do na daoine is díothaí faoi cheannteidil eile de chuid an CAI, chomh maith le EUR 3.9 billiún mar chúltaisce nua i gcomhair géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta agus suas le

EUR 2.8 billiún sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú lasmuigh den CAI. Dá bhrí sin is ionann an buiséad iomlán agus EUR 435.6 billiún feadh na tréimhse 2014-2020.

Maidir le dáileadh tacaíochta i measc na mBallstát, tá sé beartaithe i gcás gach Ballstáit a fhaigheann íocaíochtaí díreacha atá faoi bhun 90 % de mheán an AE, go laghdófar an bhearna sin aon trian. Ríomhtar na huasmhéideanna náisiúnta sa rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha ar an mbonn sin.

Tá dáileadh tacaíochta ar fhorbairt tuaithe bunaithe ar chritéir oibiachtúla atá nasctha leis na cuspóirí beartais agus an dáileadh reatha á chur san áireamh. Amhail an cás faoi láthair, ba cheart rátaí cómhaoinithe ní b'airde a bheith ann chun leasa na réigiún lagfhorbartha, ar rátaí iad a bheidh feidhm acu maidir le bearta áirithe eile amhail aistriú eolais, grúpaí táirgeoirí, comhar agus Leader.

Tabharfar roinnt solúbthachta isteach i gcás aistrithe idir colúin (suas le 5 % d'íocaíochta díreacha): ó cholún I go Colún II lena chur ar chumas na mBallstát a mbeartas forbartha tuaithe a threisiú, agus ó cholún II go Colún I i gcás na mBallstát sin ina bhfuil leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha fós faoi bhun 90 % den mheán don AE.

Tá mionsonraí an tionchair airgeadais a thiocfaidh as na tograí le haghaidh athchóiriú an CBT leagtha amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis na tograí.

2011/0282 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[7],

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[9],

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[10]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le 'CBT as seo go dtí 2020: Na dúshláin a bhaineann le bia, acmhainní nádúrtha agus críocha amach anseo a baint amach"[11] (anseo feasta 'Teachtaireacht CBT as seo go 2020') tá na dúshláin, cuspóirí agus treoshuímh fhéideartha le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (anseo feasta 'CBT') i ndiaidh 2013 leagtha amach. I bhfianaise na díospóireachta i dtaobh na Teachtaireachta sin, ba cheart CBT a athchóiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Ba cheart gach ceann de phríomhionstraimí an CBT a chumhdach san athchóiriú, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) [12]. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 a aisghairm agus téacs nua a chur ina ionad.

---

7 IO C , , lch .
8 IO C , , lch .
9 IO C , , lch .
10 IO C , , lch .
11 COIM(2010) 672 críochnaitheach, 18.11.2010.
12 IO L 277, 21.10.2005, lch 1.

(2) Ba cheart do bheartas forbartha tuaithe a bheith ag gabháil le híocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh an CBT agus iad a chomhlánú agus dá bhrí sin rannchuidiú le cuspóirí an bheartais atá leagtha síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh' anseo feasta). Ina theannta sin, ba cheart na príomhchuspóirí beartais atá léirithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2010 'Eoraip 2020 Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach'[13] ('Straitéis 'Eoraip 2020' anseo feasta) a bheith comhtháthaithe i mbeartas forbartha tuaithe agus ba cheart an beartas sin a bheith ag luí leis na gcuspóirí ginearálta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta atá leagtha amach sa Chonradh.

(3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, mar atá forbairt tuaithe, a ghnóthú go leordhóthanach i bhfianaise na nasc idir é agus ionstraimí eile an CBT, méid na n-éagothromaíochtaí idir na limistéir thuaithe éagsúla agus na srianta ar acmhainní airgeadais na mBallstát in Aontas méadaithe, agus gur féidir dá bhrí sin é a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais thrí ráthaíocht ilbhliantúil maoinithe ón Aontas agus trí dhíriú isteach ar a thosaíochtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(4) den Chonradh sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(4) Ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar mhaithe le heilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú. Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid réamhoibre, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(5) Chun forbairt inbhuanaithe ar limistéir thuaithe a áirithiú, is gá díriú ar líon teoranta príomhthosaíochtaí a bhaineann le haistriú eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe, iomaíochas gach cineál talmhaíochta agus inmharthanachta feirme, eagrúchán biashlabhraí agus bainistíocht riosca sa talmhaíocht, éiceachórais a bhraitheann ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht a bhuanú agus a fheabhsú, éifeachtúlacht acmhainní agus an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia agus na foraoiseachta, agus cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch na limistéar tuaithe a chur chun cinn. Agus é sin á dhéanamh ní mór éagsúlacht na gcásanna a imríonn tionchar ar limistéir thuaithe ag a bhfuil saintréithe éagsúla nó ina bhfuil catagóirí éagsúla tairbhithe féideartha a chur san áireamh agus na cuspóirí trasnaí maidir le nuálaíocht, comhshaol agus maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a chur san áireamh. Ba cheart don ghníomhaíocht mhaolaithe díriú ar astaíochtaí sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a theorannú i bpríomhghníomhaíochtaí amhail táirgeadh beostoic, úsáid leasacháin agus ar linnte charbóin a chaomhnú agus ar cheapadh carbóin a fheabhsú maidir le húsáid na talún, athrú ar úsáid na talún agus earnáil na foraoiseachta. Tosaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaineann le haistriú eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir

[13] COIM(2010) 2020 críochnaitheach, 3.3.2010.

thuaithe, ba cheart feidhm a bheith aici go cothrománach i dtaca le tosaíochtaí eile an Aontais maidir le forbairt tuaithe.

(6) Ba cheart tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus chuspóir an Aontais maidir le cosaint agus fheabhsú an chomhshaoil á chur chun cinn mar atá leagtha amach in Airteagail 11 agus 19 den Chonradh, ag cur san áireamh an phrionsabail 'íoc mar a thruaillítear'. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi na cuspóirí maidir le tacaíocht don athrú aeráide i gcomhréir leis an sprioc 20 % ar a laghad de bhuiséad an Aontais a chaitheamh chun na críche seo, ag úsáid modheolaíochta arna glacadh ag an gCoimisiún.

(7) Ba cheart do ghníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ('CETFT' anseo feasta) agus na hoibríochtaí lena gcuireann sé a bheith comhsheasmhach agus comhoiriúnach le tacaíocht ó ionstraimí eile an CBT. Chun leithdháileadh barrmhaith agus úsáid éifeachtúil acmhainní an Aontais a áirithiú ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i ndáil le sainiú eisceachtaí ón riail nach féidir aon tacaíocht a dheonadh d'oibríochtaí arna dtacú faoi chomheagraíochtaí margaidh.

(8) Chun a áirithiú go dtosóidh cláir forbartha tuaithe láithreach agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtúil iad, ba cheart tacaíocht ón CETFT a bheith bunaithe ar chreatchoinníollacha riaracháin fónta a bheith ann. Ba cheart do Bhallstáit measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh coinníollachtaí *ex ante* áirithe. Ba cheart do gach Ballstát clár forbartha tuaithe náisiúnta dá chríoch iomlán nó sraith de chláir réigiúnacha a ullmhú. Ba cheart straitéis a shainaithint i ngach clár le haghaidh spriocanna a bhaineann le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaint amach agus rogha beart. Ba cheart tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a chomhlíonadh sna cláir, agus iad a oiriúnú ag an am céanna do chomhthéacsanna náisiúnta agus beartais eile an Aontais a chomhlánú, go háirithe beartas an mhargaidh thalmhaíochta, an beartas comhtháthaithe agus an comhbheartas iascaigh. Ba cheart do Bhallstáit a roghnaíonn sraith de chláir réigiúnacha a bheith ábalta creat náisiúnta a ullmhú chomh maith, gan leithdháileadh buiséid faoi leith, chun comhordú a éascú i measc na réigiún chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhorleitheadacha.

(9) Ba cheart do na Ballstáit a bheith ábalta fochláir théamacha a chuimsiú ina gcláir forbartha tuaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainiúla sna limistéir lena gcuireann siad tábhacht faoi leith. Ba cheart d'fheirmeoirí óga, feirmeoirí beaga, feirmeacha beaga, limistéir sléibhe agus cruthú slabhraí soláthair gairide i measc nithe eile a bheith i gceist sna fochláir théamacha. Ba cheart fochláir théamacha a úsáid freisin chun foráil a dhéanamh maidir leis an deis aghaidh a thabhairt ar na hearnálacha talmhaíochta a bhfuil tionchar láidir acu ar fhorbairt limistéar tuaithe a athstruchtúrú. Mar mhodh le hidirghabháil éifeachtúil fhochlár téamach dá leithéid a mhéadú ba cheart go bhféadfadh Ballstáit soláthar a dhéanamh i dtaobh rátaí tacaíochta níos airde maidir le hoibríochtaí áirithe arna gcumhdach acu.

(10) Ba cheart riachtanais an limistéir a chumhdaítear a shainaithint sna cláir forbartha tuaithe agus ba cheart cur síos a dhéanamh iontu ar straitéis chomhchuibhithe chun na riachtanais sin a bhaint amach i bhfianaise thosaíochtaí an Aontais do bheartas forbartha tuaithe. Ba cheart don straitéis sin a bheith bunaithe ar bhunú spriocanna. Ba cheart na naisc idir na riachtanais a shainaithneofar, na spriocanna a shocrófar agus

rogha na mbeart a roghnófar lena mbaint amach a bhunú. Ba cheart an fhaisnéis uile a theastaíonn lena gcomhréireacht le ceanglais an Rialacháin seo a mheasúnú a bheith sna cláir forbartha tuaithe chomh maith.

(11) Bunófar spriocanna i gcláir forbartha tuaithe i gcoinne comhshraith táscairí sprice le haghaidh gach Ballstáit. Chun an cleachtadh seo a éascú ba cheart na limistéir arna gcumhdach sna táscairí seo a shainiú i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe. I bhfianaise chur i bhfeidhm cothrománach thosaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaineann le haistriú eolais sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, measfar na hidirghabhálacha faoin tosaíocht seo a bheith bunriachtanach i ndáil leis na táscairí sprice arna sainiú le haghaidh thosaíochtaí eile an Aontais.

(12) Is gá rialacha áirithe a bhunú le haghaidh cláir forbartha tuaithe a chlárú agus a leasú. Ba cheart nós imeachta níos éadroime a sholáthar le haghaidh leasuithe nach ndéanfadh difear do straitéis na gclár nó ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais faoi seach.

(13) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht a áirithiú maidir leis an nós imeachta a leanfar i gcás leasuithe ar chláir, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na critéir a leagan síos ar an mbonn go mbreathnófar ar na hathruithe atá molta ar na spriocanna cainníochtaithe mar a bheith an-tábhachtach, lena n-imspreagtar ar an gcaoi sin an gá leis an gclár a leasú trí ghníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 91 den Rialachán seo.

(14) Teastaíonn leibhéal cuí oiliúna teicniúla agus eacnamaíche mar aon le cumas méadaithe chun eolas agus faisnéis a rochtain agus a mhalartú lena n-áirítear scaipeadh na gcleachtas is fearr táirgthe talmhaíochta agus foraoiseachta de bharr theacht chun cinn agus speisialtóireacht na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus de bharr na ndúshlán faoi leith atá os comhair micreafhiontar, fiontar beag agus meánmhéide i limistéir thuaithe. Níor cheart do ghníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise a bheith i bhfoirm cúrsaí oiliúna traidisiúnta amháin ach ba cheart iad a oiriúnú do riachtanais na ngníomhaithe tuaithe. Dá bhrí sin ní amháin gur cheart ceardlanna, oiliúnú, gníomhaíochtaí taispeánta agus gníomhartha faisnéise a chothú ach ba cheart scéimeanna malartaithe nó cuairteanna feirme gearrthéarmacha a chothú chomh maith. Ba cheart don eolas agus don fhaisnéis a fhaightear cur ar chumas feirmeoirí, sealbhóirí foraoise, daoine atá bainteach le hearnáil an bhia agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a n-iomaíochas agus a n-éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú go háirithe, agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú agus cur le hinbhuanaitheacht an gheilleagair thuaithe ag an am céanna. Chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise éifeachtach maidir leis na torthaí sin a sheachadadh ba cheart a éileamh go mbeadh na hinniúlachtaí cuí ar fad ag soláthraithe na seirbhísí aistrithe eolais.

(15) Chun a áirithiú go bhfuil sé ar chumas na n-eagraíochtaí a chuireann seirbhísí faisnéise ar fáil seirbhísí a sholáthar ar chaighdeán agus de chineál atá i gcomhréir le cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe, lena áirithiú go spriocdhíreofar na cistí níos fearr agus lena áirithiú i gcás scéimeanna malairte feirmeacha agus cuairteanna feirme go ndéanfaí idirdhealú soiléir idir iad agus gníomhaíochtaí comhchosúla faoi scéimeanna eile an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le

hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le cáilíochtaí íosta na gcomhlachtaí atá ag soláthar an aistrithe faisnéise, na costais incháilithe agus fad tréimhse agus inneachar scéimeanna malairte feirmeacha agus cuairteanna feirme.

(16) Cabhraíonn seirbhísí comhairleacha feirme le feirmeoirí, le sealbhóirí foraoise agus le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide i gceantair thuaithe le bainistíocht inbhuanaithe agus feidhmíocht fhoriomlán a ngabháltais nó a ngnó a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart spreagadh a thabhairt do bhunú seirbhísí den sórt sin agus ba cheart feirmeoirí, sealbhóirí foraoise agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide a spreagadh chun leas a bhaint as an gcomhairle sin. Chun cur le caighdeán agus éifeachtacht na comhairle a chuirtear ar fáil, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cáilíochtaí íosta agus oiliúint rialta na gcomhairleoirí. Ba cheart do sheirbhísí comhairleacha feirme, dá bhforáiltear i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) Uimh. HR/2012 an [...][14] cabhrú le feirmeoirí measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht a ngabháltais talmhaíochta agus na feabhsúcháin riachtanacha a aithint maidir leis na ceanglais bhainistíochta reachtúla, dálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil, cleachtais talmhaíochta a bheadh tairbheach don aeráid agus don chomhshaol atá leagtha amach i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) Uimh. DP/2012 an [...][15], ceanglais nó gníomhartha a bhaineann le maolú maidir le hathrú aeráide agus oiriúnú chuige, bithéagsúlacht, cosaint uisce, galar ainmhithe a fhógairt agus nuálaíocht ar a laghad faoi mar atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. HR/2012. Ba cheart don chomhairle caighdeáin sábháilteachta ceirde a chuimsiú nuair is ábhartha. Féadfaidh an chomhairle saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht eacnamaíoch, talmhaíochta agus comhshaoil an ghabháltais nó an fhiontair a chuimsiú freisin. Ba cheart go gcabhródh seirbhísí bainistithe feirme agus seirbhísí faoisimh feirme le feirmeoirí bainistiú a ngabháltais a fheabhsú agus a éascú.

(17) Chun a áirithiú go bhfuil sé ar chumas na gcomhlachtaí agus na n-údarás a chuireann seirbhísí comhairleacha ar fáil comhairle a sholáthar ar chaighdeán agus de chineál atá i gcomhréir le cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith sonrú breise cháilíochtaí íosta na n-údarás agus na gcomhlachtaí a sholáthraíonn comhairle.

(18) Cuireann scéimeanna cáilíochta an Aontais nó scéimeanna náisiúnta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia dearbhuithe ar fáil do thomhaltóirí maidir le caighdeán agus tréithe an táirge nó maidir leis an bpróiseas táirgthe a úsáideadh de thoradh na feirmeoirí a bheith rannpháirteach i scéimeanna den sórt sin, cruthaíonn siad luach breise do na táirgí atá i gceist agus cuireann siad leis na deiseanna atá ann dóibh sa mhargadh. Dá bhrí sin ba cheart fheirmeoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna scéimeanna sin. Ós rud é gurb ag an am a thosaíonn siad ag glacadh páirte i scéimeanna den sórt sin agus sna blianta luatha a bhíonn siad rannpháirteach iontu a fhorchuirtear costais agus oibleagáidí ar fheirmeoirí de thoradh a rannpháirtíochta, agus nach n-aisíocann an margadh go hiomlán iad astu, ba cheart tacaíocht a bheith teoranta do dhaoine nua atá ag glacadh páirte agus níor cheart go gcuimseodh an tacaíocht tréimhse níos faide ná cúig bliana. Ós rud é go bhfuil saintréithe speisialta ag

---

[14] IO L , , lch. .

[15] IO L , , lch. .

cadás mar tháirge feirme, ba cheart scéimeanna cáilíochta don chadás a chumhdach freisin. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtúil agus go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le scéimeanna cáilíochta an Aontais a d'fhéadfadh a bheith cuimsithe ag an mbeart seo.

(19) Chun feabhas a chur ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil na ngabháltas talmhaíochta agus fiontar tuaithe, feabhas a chur ar éifeachtúlacht na hearnála margaíochta agus próiseála táirgí talmhaíochta, bonneagar a sholáthar atá riachtanach d'fhorbairt na talmhaíochta, agus tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí neamh-chúititheacha atá riachtanach chun aidhmeanna comhshaoil a bhaint amach, ba cheart tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí fisiceacha a chuireann leis na haidhmeanna sin. Cuimsíodh réimse idirghabhálacha éagsúla le bearta éagsúla le linn na tréimhse cláraithe 2007-2013. Ar mhaithe le simpliú ach freisin le ligean do thairbhithe tionscadail chomhtháite a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a mbeadh breisluach níos mó acu, ba cheart beart aonair a bheith ann a chuimseodh gach cineál infheistíochta fisicí. Ba cheart do na Ballstáit tairseach a shainiú le haghaidh gabháltas talmhaíochta atá incháilithe chun cabhair a fháil le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'inmharthanacht feirmeacha a bheadh bunaithe ar thorthaí anailíse ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí ('SWOT') mar mhodh chun cabhair a spriocdhíriú níos fearr.

(20) Déanann tubaistí nádúrtha níos mó damáiste d'acmhainn táirgiúlachta earnáil na talmhaíochta ná mar a dhéanann siad d'acmhainn earnálacha eile. Chun tacú le hinmharthanacht agus le hiomaíochas feirmeacha nuair a tharlaíonn a leithéid de thubaistí ba cheart tacaíocht a chur ar fáil le cabhrú le feirmeoirí an acmhainn talmhaíochta a ndearnadh damáiste di a thabhairt ar ais. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú chomh maith nach ndéanfar aon róchúiteamh i leith damáistí mar thoradh ar an teaglaim atá ann de scéimeanna cúitimh an Aontais (go háirithe an beart bainistithe riosca), scéimeanna náisiúnta agus scéimeanna cúitimh príobháideacha. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na costais a bheadh incháilithe faoin mbeart seo a shainiú.

(21) Tá sé riachtanach ó thaobh fhorbairt agus iomaíochas na gceantar tuaithe go gcruthófar agus go bhforbrófar gníomhaíocht eacnamaíoch nua mar fheirmeacha nua, ghnólachtaí nua nó infheistíochtaí nua i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta. Ba cheart go n-éascódh beart forbartha feirme agus gnó iarrachtaí feirmeoirí óga iad féin a chur ar bun ar dtús mar fheirmeoirí agus coigeartú struchtúrach a dhéanamh ar a ngabháltais tar éis dóibh a bheith curtha ar bun, go n-éascódh sé iarrachtaí feirmeoirí éagsúlú a dhéanamh agus dul le gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta agus le bunú agus forbairt fiontar beag agus meánmhéide neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe. Ba cheart spreagadh a thabhairt freisin d'fhorbairt feirmeacha beaga a d'fhéadfadh a bheith inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de. Chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a dtugtar tacaíocht dóibh faoin mbeart seo inmharthana, ba cheart nárbh fholáir dóibh plean gnó a sholáthar chun tacaíocht a fháil. Ba cheart nach dtabharfaí tacaíocht do bhunú gnó ach amháin i rith thréimhse tosaigh an ghnó agus nach ndéanfaí cúnamh oibriúcháin den tacaíocht sin. Dá bhrí sin, i gcás ina roghnaíonn na Ballstáit cabhair a dheonú i dtráthchodanna ní ceart go

mairfeadh na tráthchodanna sin níos faide ná tréimhse cúig bliana. Ina theannta sin chun athstruchtúrú earnáil na talmhaíochta a spreagadh, ba cheart tacaíocht i bhfoirm íocaíochtaí bliantúla a sholáthar d'fheirmeoirí atá rannpháirteach sa scéim na bhfeirmeoirí beaga arna bunú le Teideal V de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012 agus a thugann gealltanas a ngabháltas iomlán mar aon leis na teidlíochtaí íocaíochta comhfhreagracha a aistriú go feirmeoir eile nach bhfuil rannpháirteach sa scéim sin.

(22) Is ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a sheasann geilleagar tuaithe an Aontais. Ba cheart forbairt gnó feirme agus neamhthalmhaíochta a bheith dírithe ar chur chun cinn fostaíochta agus ar phoist ardchaighdeáin a bhunú i limistéir thuaithe, ar na poist atá ann cheana féin a choinneáil, ar luaineachtaí séasúrachta i bhfostaíocht a laghdú, ar earnálacha neamhthalmhaíochta taobh amuigh den talmhaíocht agus de phróiseáil talmhaíochta agus bia a fhorbairt agus ag an am céanna comhtháthú gnó agus naisc idir earnálacha áitiúla a chothú. Ba cheart tionscadail lena gcomhtháthaítear talmhaíocht, turasóireacht tuaithe, trí thurasóireacht inbhuanaithe agus freagrach a chur chun cinn i limistéir thuaithe, agus oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha ag an am céanna a spreagadh chomh maith le hinfheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite.

(23) Chun a áirithiú go mbainfear leas éifeachtach agus éifeachtúil as acmhainní buiséadacha an CETFT agus chun cosaint ar chearta tairbhithe a ráthú agus le hidirdhealú idir tairbhithe i mBallstáit éagsúla a sheachaint, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh maidir le leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfar daoine dlítheanacha a mheas mar fheirmeoirí óga, tréimhse chairde a leagan amach maidir le scileanna ceirde a fhoghlaim, an méid ábhar is lú a nglacfar leis i bpleananna gnó agus na critéir a bheidh le húsáid ag na Ballstáit ina sainmhínithe ar fheirmeacha beaga agus na tairseacha uasta agus íosta le hincháilitheacht oibríochta a chinneadh faoin tacaíocht d'fheirmeoirí óga nó forbairt feirmeacha beaga faoi seach. .

(24) Gnéithe riachtanacha d'aon iarracht acmhainn fáis limistéar tuaithe a áirithiú agus a n-inbhuanaitheacht a chur chun cinn is ea forbairt an bhonneagair áitiúil agus na seirbhísí áitiúla i limistéir thuaithe, lena n-áirítear fóillíocht agus cultúr, athnuachan sráidbhailte agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar athchóiriú agus ar fheabhsú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha atá ag sráidbhailte agus tírdhreacha tuaithe. Dá bhrí sin ba cheart tacaíocht a dheonú d'oibríochtaí a bhfuil an aidhm sin acu, lena n-áirítear rochtain ar Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide agus forbairt leathanbhanda tapa agus sárthapa. I gcomhréir leis na cuspóirí sin, ba cheart spreagadh a thabhairt d'fhorbairt seirbhísí agus bonneagair as a dtiocfaidh cuimsiú sóisialta agus a d'aisiompódh treochtaí maidir le meath sóisialta agus eacnamaíoch agus bánú na limistéar tuaithe. Chun a áirithiú go mbeidh gach tacaíocht chomh héifeachtach agus is féidir, ba cheart oibríochtaí cuimsithe a chur chun feidhme i gcomhréir le pleananna d'fhorbairt na mbardas agus a gcuid seirbhísí bunúsacha, i gcás ina bhfuil na pleananna sin ann, arna leagan amach ag pobal tuaithe amháin nó níos mó. Chun comhchuibheas a áirithiú le cuspóirí an Aontais maidir le hathrú aeráide, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i ndáil leis na cineálacha bonneagar fuinnimh in-athnuaite a bheidh incháilithe do thacaíocht a shainiú.

(25) Dlúthchuid den fhorbairt tuaithe is ea an fhoraoiseacht agus i gcás tacaíochta d'úsáid talún atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don aeráid, ba cheart go gcuimseodh an tacaíocht sin forbairt limistéar foraoise agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí. Le linn

na tréimhse cláraithe 2007-2013 chuimsigh bearta difriúla na cineálacha éagsúla tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí agus bainistíochta foraoiseachta. Ar mhaithe le simpliú ach freisin ar mhaithe le ligean do thairbhithe tionscadail chomhtháite a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a mbeadh breisluach méadaithe iontu, ba cheart beart aonair a bheith ann a chuimseodh gach cineál infheistíochta agus bainistíochta foraoiseachta. Ba cheart go gcuimseodh an beart seo feabhsú acmhainní foraoise agus cur leo trí fhoraoisiú talún agus trí chórais agrafhoraoiseachta a chruthú ina mbeidh córais fhairsinge talmhaíochta agus foraoiseachta, athchóiriú foraoisí a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca dóiteáin nó tubaistí nádúrtha eile agus bearta coiscthe iomchuí, infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil agus margú táirgí foraoise a bheidh dírithe ar fheabhsú fheidhmíocht eacnamaíoch agus comhshaoil na sealbhóirí foraoise agus infheistíochtaí neamhchúititheacha a fheabhsaíonn athléimneacht ó thaobh éiceaschórais agus aeráide de agus luach comhshaoil na n-éiceachóras foraoise. Níor cheart do thacaíocht an iomaíocht a shaobhadh agus ba cheart di a bheith neodrach ó thaobh an mhargaidh de. Dá bhrí sin, ba cheart teorainneacha a chur i bhfeidhm maidir le méid agus le stádas dlíthiúil na dtairbhithe. Ba cheart gníomhaíochtaí coiscthe dóiteáin i limistéir atá aicmithe ag na Ballstáit a bheith mar limistéir mheánriosca nó ardriosca ó thaobh dóiteáin de. Ba cheart gach beart coisctheach a bheith ina cuid de phlean cosanta foraoisí poiblí. Más rud é go dtarlaíonn tubaiste nádúrtha nuair atá athchóiriú á dhéanamh ar acmhainneacht foraoise a ndearnadh damáiste di ba cheart d'eagraíocht eolaíochta phoiblí aitheantas foirmiúil a thabhairt dó. Ba cheart an beart foraoiseachta a ghlacadh i bhfianaise na ngealltanas a thug an tAontas agus na Ballstáit ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus a bheith bunaithe ar phleananna foraoise náisiúnta nó fo-náisiúnta na mBallstát nó ar ionstraimí coibhéiseacha ar cheart go gcuirfí san áireamh na gealltanais arna dtabhairt sna Comhdhálacha Airí maidir le Cosaint Foraoisí san Eoraip. Ba cheart don bheart rannchuidiú le cur chun feidhme Straitéis Foraoiseachta an Aontais[16]. Chun a áirithiú go mbeidh foraoisiú talún talmhaíochta i gcomhréir le cuspóirí an bheartais comhshaoil ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i leith an tsainithe ar íoscheanglais áirithe maidir leis an gcomhshaol.

(26) Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtúil agus go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le coinníollacha a leagan síos faoina gcinnfidh Ballstáit gur tharla tubaiste nádúrtha nó foirgeacht le lotnaidí nó galar agus go sannfaidh siad na gcineálacha beart coisctheach a bheidh incháilithe chun tacaíocht a fháil ón CETFT.

(27) Cabhraíonn grúpaí táirgeoirí le feirmeoirí aghaidh a thabhairt le chéile ar na dúshláin a bhaineann le breis iomaíochta agus le comhdhlúthú margaí iarmhartacha i ndáil le margú a gcuid táirgí lena n-áirítear i margaí áitiúla. Dá bhrí sin ba cheart spreagadh a thabhairt do bhunú grúpaí táirgeoirí. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní teoranta airgeadais sa chaoi is fearr níor cheart go mbainfeadh aon dream leas as tacaíocht ach amháin grúpaí táirgeoirí atá incháilithe mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Chun a áirithiú go mbeidh an grúpa táirgeoirí ina n-aonán inmharthana, ba cheart plean gnó a chur isteach mar choinníoll go dtabharfadh na Ballstáit aitheantas don ghrúpa

---

16 Rún ón gComhairle an 15 Nollaig 1998 maidir le Straitéis um Fhoraoiseacht don Aontas Eorpach, IO C 56, 26/2/1999, lch. 1. [Tá straitéis nua le cur ina ionad faoi dheireadh 2013]

táirgeoirí. Ionas nach mbeadh cúnamh oibriúcháin á chur ar fáil agus chun ról dreasachta na tacaíochta a choimeád, níor cheart go mairfeadh an tacaíocht ar feadh tréimhse níos faide ná cúig bliana ar a mhéad.

(28) Ba cheart ról tábhachtach a bheith i gcónaí ag íocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide maidir le tacú le forbairt inbhuanaithe limistéar tuaithe agus freagairt d'éilimh na sochaí atá ag méadú i gcónaí maidir le seirbhísí comhshaoil. Ba cheart d'íocaíochtaí spreagadh breise a thabhairt d'fheirmeoirí agus do bhainisteoirí talún eile freastal ar an tsochaí ina hiomláine trí chleachtais talmhaíochta a chur i bhfeidhm, nó leanúint ar aghaidh á gcur i bhfeidhm, a chabhraíonn le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus atá comhoiriúnach le cosaint agus le feabhsú an chomhshaoil, na tírdhreacha agus a gnéithe, acmhainní nádúrtha, na hithreach agus na héagsúlachta géinití. Sa chomhthéacs seo, ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar chaomhnú acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus ar riachtanais bhreise na gcóras feirmeoireachta a bhfuil luach ard acu ó thaobh an dúlra de. Ba cheart do na híocaíochtaí cuidiú le costais bhreise agus ioncam tarscaoilte mar thoradh ar an ngealltanas a rinneadh a chumhdach agus ba cheart nach gcumhdóidís ach gealltanais a théann níos faide ná na caighdeáin agus na riachtanais shainordaitheacha a bhaineann leo, i gcomhréir leis an bprionsabal 'íoc mar a thruaillítear'. Tarlaíonn sé i gcásanna go leor nuair a bhíonn gealltanais ag grúpa feirmeoirí i gcomhar le chéile go méadaíonn na sineirgí a bhíonn ann dá bharr sin an tairbhe don chomhshaoil agus don aeráid. Mar sin féin, bíonn costais bhreise idirbheartaíochta ann de thoradh gníomhaíochta comhpháirtí ar cheart cúiteamh leordhóthanach a dhéanamh ina dtaobh. Chun a áirithiú go bhfuil sé ar chumas feirmeoirí agus bainisteoirí talún eile na gealltanais atá déanta acu a chur chun feidhme i gceart ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige go dtabharfar dóibh na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach. Ba cheart do na Ballstáit leanúint de leibhéal na n-iarrachtaí arna ndéanamh sa tréimhse cláraithe 2007-2013 agus 25 % ar a laghad de ranníocaíocht iomlán ón CETFT i leith gach cláir forbartha tuaithe a chaitheamh ar mhaolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus ar bhainistíocht talún, trí íocaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide, íocaíochtaí feirmeoireachta orgánaí agus íocaíochtaí i leith limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu nó trí bhearta sonracha eile maidir le srianta.

(29) Chun a áirithiú go ndéanfar na gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide a shainiú i gcomhréir le cuspóirí foriomlána comhshaoil an Aontais, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na coinníollacha a leagan síos a bheidh infheidhme maidir le síneadh bliantúil gealltanas tar éis na tréimhse tosaigh, gealltanais chun méadú a dhéanamh, nó bainistiú de chineál eile a dhéanamh, ar fheirmeoireachta beostoic, srianta a chur le leasacháin, le táirgí cosanta plandaí nó le hionchur eile, pórtha áitiúla a thógáil a bhfuil an baol ann go gcaillfear don fheirmeoireacht iad nó acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú agus oibríochtaí incháilithe i ndáil le caomhnú acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht.

(30) Ba cheart go spreagfadh íocaíochtaí maidir le hathrú chuig an bhfeirmeoireacht orgánach nó leanúint ar aghaidh leis an bhfeirmeoireacht orgánach feirmeoirí chun páirt a ghlacadh i scéimeanna den sórt sin agus freagairt d'éileamh na sochaí atá ag méadú go mbainfí leas as cleachtais feirme atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus go mbeadh caighdeáin arda leasa ainmhithe ann. Chun an tsineirgíocht sna tairbhí bithéagsúlachta a chuireann an beart ar fáil a mhéadú, ba cheart conarthaí comhchoiteanna nó comhar idir feirmeoirí a spreagadh chun limistéir chóngaracha

níos leithne a chuimsiú. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do bhearta athraithe agus cothabhála chun a áirithiú nach bhfillfeadh líon mór feirmeoirí ar an bhfeirmeoireacht traidisiúnta. Ba cheart do na híocaíochtaí cuidiú chun costais bhreise a thabhaítear agus ioncam tarscaoilte de thoradh ar an gealltanais a chumhdach agus ba cheart nach gcumhdóidís ach gealltanais a théann níos faide ná na caighdeáin agus na ceanglais shainordaitheacha a bhaineann leo.

(31) Ba cheart leanúint de tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise chun aghaidh a thabhairt ar na míbhuntáistí sonracha sna limistéir lena mbaineann de thoradh chur i bhfeidhm Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin[17] agus Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine[18] chun tacú le bainistiú éifeachtach láithreáin Natura 2000 agus ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin d'fheirmeoirí le cabhrú maidir le míbhuntáistí i limistéir abhantracha a d'eascair ó chur i bhfeidhm Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lenar bunaíodh creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[19]. Ba cheart an tacaíocht a bheith nasctha le ceanglais shonracha a bhfuil tuairisc orthu sa chlár forbartha tuaithe atá níos déine ná na caighdeáin agus na ceanglais shainordaitheacha a bhaineann leo. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit riachtanais shonracha limistéir Natura 2000 a chur san áireamh agus éirim ghinearálta a gclár forbartha tuaithe á socrú.

(32) I gcás íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir sléibhe nó i réimsí eile a bhfuil constaicí nádúrtha nó constaicí sonracha eile le sárú acu, ba cheart do na híocaíochtaí sin cuidiú le cothabháil na tuaithe agus le cothabháil agus cur chun cinn modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe, trí spreagadh a thabhairt chun talamh talmhaíochta a úsáid go leanúnach. Chun a áirithiú go mbeidh íocaíochtaí tacaíochta den sórt sin éifeachtúil ba cheart iad a thabhairt d'fheirmeoirí mar chúiteamh ar chostais bhreise agus ioncam tarscaoilte a bhaineann le míbhuntáiste an limistéir lena mbaineann.

(33) Chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais go héifeachtach agus go dtabharfar cóir chomhionann d'fheirmeoirí ar fud an Aontais ba cheart limistéir sléibhe agus limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó eile ar leith ag baint leo a shainiú i gcomhréir le critéir oibiachtúla. Ba cheart critéir bhithfhisiciúla a bheith i gceist i gcás na limistéar sin a bhfuil srianta nádúrtha ag gabháil dóibh agus go mbeadh fianaise dhaingean eolaíoch mar thaca faoi na critéir sin. Ba cheart socruithe idirthréimhseacha eile a ghlacadh éascú a dhéanamh ar dheireadh a chur ar bhealach céimneach le híocaíochtaí sna limistéir sin nach measfar a thuilleadh gur limistéir iad a bhfuil srianta nádúrtha ag gabháil dóibh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcritéar seo.

(34) Ba cheart leanúint de feirmeoirí a spreagadh ardchaighdeáin a ghlacadh maidir le leas ainmhithe trí thacaíocht a sholáthar d’fheirmeoirí a ghlacann caighdeáin maidir le feirmeoireacht ainmhithe a théann níos faide ná mar is gá ná na caighdeáin shainordaitheacha a bhaineann leo. Chun a áirithiú go mbeidh gealltanais faoi leas ainmhithe i gcomhréir le beartas foriomlán an Aontais sa réimse seo, ba cheart an

---

17 IO L 20, 26.1.2010, lch 7.
18 IO L 206, 22.7.1992, lch 7.
19 IO L 327, 22.12.2000, lch 1.

chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le sainiú na réimsí inar ceart do na gealltanais sin caighdeáin uasghrádaithe modhanna táirgthe a chur ar fáil.

(35) Ba cheart leanúint de híocaíochtaí a dheonú do shealbhóirí foraoise a sholáthraíonn seirbhísí caomhnaithe foraoise atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid nó trí ghealltanais a thabhairt maidir le feabhsú bithéagsúlachta, caomhnú éiceachóras ard-luacha foraoise, a n-acmhainneacht maolaithe agus oiriúnaithe a fheabhsú, agus treisiú a dhéanamh ar luach foraoisí i ndáil le creimeadh ithreach a chosc, acmhainní uisce a chothabháil agus le guaiseacha nádúrtha a sheachaint. Sa chomhthéacs seo, ba cheart aird faoi leith a thabhairt do chaomhnú agus do chur chun cinn acmhainní géiniteacha foraoise. Déanfar íocaíocht i ndáil le gealltanais comhshaoil foraoise a théann níos faide ná na caighdeáin shainordaitheacha bhainteacha atá leagtha síos sa reachtaíocht náisiúnta. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtúil agus go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na cineálacha oibríochtaí atá incháilithe ar thacaíocht faoin mbeart seo.

(36) Le linn na tréimhse cláraithe 2007-2013 níor tugadh tacaíocht ach d'aon chineál comhair amháin go sainráite faoin mbeartas forbartha tuaithe: comhar maidir le forbairt táirgí, teicneolaíochtaí agus próiseas nua san earnáil talmhaíochta agus bia agus san earnáil foraoiseachta. Tá tacaíocht le haghaidh an chineáil comhair seo riachtanach i gcónaí ach ba cheart í a chur in oiriúint chun freastal níos fearr ar riachtanais an gheilleagair eolasbhunaithe. Ba cheart sa chomhthéacs seo go bhféadfaí maoiniú a thabhairt do thionscadail le hoibreoir amháin faoin mbeart seo, ar choinníoll go scaipfí na torthaí a gheofaí, agus go mbainfí amach sa chaoi sin an cuspóir maidir le cleachtais, próisis nó táirgí nua a scaipeadh. Ina theannta sin, tá sé soiléir anois má thacaítear le réimse níos leithne cineálacha comhair agus le raon níos leithne tairbhithe, ó oibreoirí beaga go oibreoirí níos mó, gur féidir cabhrú chun cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe a bhaint amach trí chabhrú le hoibreoirí i limistéir thuaithe na míbhuntáistí eacnamaíocha, comhshaoil agus eile a thig as ilroinnt a shárú. Dá bhrí sin, ba cheart an beart a leathnú. Ba cheart do thacaíocht d'oibreoirí beaga chun próisis oibre i gcomhar le chéile a eagrú agus chun áiseanna agus acmhainní a úsáid le chéile cabhrú leo a bheith inmharthana ó thaobh an gheilleagair de in ainneoin iad a bheith ag obair ar scála beag. Ba cheart do thacaíocht do mhodhanna cothrománacha agus ingearacha comhair i measc gníomhaithe sa slabhra soláthair, chomh maith le gníomhaíochtaí a chur chun cinn i gcomhthéacsanna áitiúla feidhmiú mar chatalaíoch chun slabhraí soláthair ghairide, margaí áitiúla agus slabhraí bia áitiúla a fhorbairt a bheadh réasúnta ó thaobh an gheilleagair de. Ba cheart do thacaíocht do chur chuige comhchoiteann maidir le tionscadail agus cleachtais chomhshaoil cabhrú chun tairbhí comhshaoil agus aeráide a sholáthar a bheadh níos comhsheasmhaí agus níos mó ná mar a d'fhéadfadh oibreoirí aonair a chur ar fáil agus iad ag gníomhú beag beann ar dhaoine eile (mar shampla, trí chleachtais a chur i bhfeidhm ar limistéir neamhshaothraithe talún níos mó). Ba cheart tacaíocht a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla sna réimsí difriúla sin. Tá braislí agus líonraí an-tábhachtach maidir le comhroinnt saineolais agus maidir le saineolas, seirbhísí agus táirgí a sholáthar atá speisialaithe agus nua. Uirlisí tábhachtacha iad treoirthionscadail chun infheidhmeacht tráchtála na dteicneolaíochtaí, na dteicnící agus na gcleachtas a thástáil i gcomhthéacsanna éagsúla, agus iad a oiriúnú más gá. Gné ríthábhachtach iad grúpaí

oibriúcháin den Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil ('CEN' anseo feasta) maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta. Gléas thábhachtach eile iad straitéisí forbartha áitiúla a fheidhmíonn lasmuigh de chreat forbartha áitiúil LEADER – idir gníomhaithe poiblí agus príobháideacha ó limistéir thuaithe agus uirbeacha araon. Murab ionann agus a bhíonn i gcur chuige LEADER, d'fhéadfadh a leithéid de chomhpháirtíochtaí agus de straitéisí a bheith teoranta d'earnáil amháin agus/nó d'aidhmeanna forbartha a bheadh réasúnta sonrach, lena n-áirítear iad siúd atá luaite thuas. Ba cheart eagraíocht idir bhrainse a bheith incháilithe chun tacaíocht a fháil faoin mbeart seo. Ba cheart an tacaíocht a bheith teoranta do thréimhse seacht mbliana ach amháin i gcás comhghníomhaíochta comhshaoil agus aeráide i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

(37) Bíonn níos mó rioscaí eacnamaíochta agus comhshaoil ag bagairt ar fheirmeoirí sa lá atá inniu ann de bharr athraithe aeráide agus an mhéadaithe atá tagtha ar luaineacht praghsanna. Tá bainistíocht éifeachtach rioscaí níos tábhachtaí d'fheirmeoirí anois sa chomhthéacs sin. Ar an ábhar sin ba cheart beart bainistíochta riosca a chur ar bun chun le cuidiú le feirmeoirí dul i ngleic leis na rioscaí is coitianta a bhíonn ag bagairt orthu. Dá bhrí sin ba cheart don bheart seo tacú le feirmeoirí chun na préimheanna a íocann siad chun árachas barraí, ainmhithe agus plandaí a fháil a chuimsiú, agus go gcuimseodh sé freisin ceapadh cistí frithpháirteacha agus an cúiteamh a íocann a leithéid de chistí d'fheirmeoirí de bharr caillteanais a fhulaingíonn siad de bharr ráigeanna de ghalar ainmhithe nó phlandaí chomh maith le teagmhais comhshaoil. Ba cheart uirlis cobhsaithe ioncaim a chuimsiú freisin i bhfoirm ciste fhrithpháirtigh le tacú le feirmeoirí nuair a bheadh titim mór le teacht ar a n-ioncam. Chun a áirithiú go bhfuil cóireáil chomhionann le fáil ag feirmeoirí ar fud an Aontais, nach saobhtar an iomaíocht, agus go dtugtar urraim d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart coinníollacha sonracha a chur ar fáil maidir le tacaíocht a dheonú faoi na bearta seo. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an tréimhse íosta agus an tréimhse uasta d'iasachtaí tráchtála chuig cistí frithpháirteacha a shainiú.

(38) Tá sé cruthaithe thar roinnt blianta ag cur chuige LEADER maidir le forbairt áitiúil gur cur chuige úsáideach é maidir le cur chun cinn fhorbairt na limistéar tuaithe agus bíonn an toradh sin air toisc gur cur chuige ó bhun aníos atá ann a chuireann san áireamh go hiomlán na riachtanais il-earnála le haghaidh fhorbairt inginiúil na tuaithe. Dá bhrí sin ba cheart leanúint de LEADER sa todhchaí agus é a bheith éigeantach é a chur i bhfeidhm maidir le gach clár forbartha tuaithe.

(39) Chun a áirithiú go gcuirfear straitéisí forbartha áitiúla i bhfeidhm ar leibhéal críochach a ligeann dóibh torthaí a sholáthar a chuireann go héifeachtach le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe agus nuálaíocht, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i ndáil le critéir maidir le daonra a leagan síos don limistéar atá le clúdach ag gach aon straitéis dá leithéid agus raon feidhme mionsonraithe na gcostas ullmhúcháin agus beochana a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh.

(40) Ba cheart a chuimsiú sa tacaíocht a thugann an CETFT d'fhorbairt áitiúil LEADER gach gné d'ullmhúchán agus de chur chun feidhme straitéisí forbartha áitiúla agus feidhmiú grúpaí áitiúla gníomhaíochta chomh maith le comhar i measc críoch agus grúpaí a bhíonn i mbun forbartha a thagann ó bhun aníos agus a bhíonn faoi stiúir an

phobail áitiúil. Ba cheart "trealamh tosaithe LEADER” a mhaoiniú chomh maith chun comhpháirtithe i limistéir thuaithe nach bhfuil LEADER á chur i bhfeidhm go fóill acu tástáil agus ullmhú a dhéanamh do dhearadh agus d'fheidhmiú straitéise forbartha áitiúla. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtúil agus go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le sainiú mionsonraithe a dhéanamh ar na costais bheochana incháilithe a bheadh ag grúpaí áitiúla gníomhaíochta.

(41) Bíonn infheistíochtaí coiteann in go leor de na bearta forbartha tuaithe faoin Rialachán seo agus d'fhéadfadh baint a bheith acu le hoibríochtaí atá an-éagsúil. Chun a áirithiú go mbeidh soiléireacht ann maidir le cur chun feidhme na n-oibríochtaí sin, ba cheart rialacha comhchoiteanna áirithe a leagan síos i gcomhair gach infheistíochta. Ba cheart a shainmhíniú sna comhrialacha seo na cineálacha caiteachais ar féidir breathnú orthu mar chaiteachas infheistíochta agus a áirithiú nach dtugtar tacaíocht ach do na hinfheistíochtaí a chruthaíonn luach nua sa talmhaíocht agus do na hinfheistíochtaí sin amháin. Chun sainiúlachtaí a bhaineann le cineálacha áirithe infheistíochtaí ar nós trealamh dara láimhe a cheannach agus infheistíochtaí simplí athsholáthair agus a áirithiú ag an am céanna go mbainfear leas éifeachtach as cistí an CETFT, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na coinníollacha a leagan amach faoina bhféadfar cineálacha áirithe infheistíochtaí a mheas mar chaiteachas incháilithe. Chun éascú a dhéanamh ar réadú tionscadal infheistíochta ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann airleacain a íoc. Lena áirithiú go mbeidh tionchar éifeachtach, cothrom agus inbhuanaithe ag cúnamh an CETFT, ba cheart rialacha a leagan síos lena áirithiú go mbeidh infheistíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí buan agus nach n-úsáidtear tacaíocht an CETFT chun iomaíocht a shaobhadh.

(42) I gcás beart áirithe faoin Rialachán seo a bhaineann le limistéir ní mór do na tairbhithe gealltanais a thabhairt a mhairfidh ar feadh cúig bliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin d'fhéadfadh athruithe teacht ar staid an ghabháltais nó ar staid an tairbhí. Ba cheart rialacha a leagan síos chun an nós imeachta sna cásanna sin a chinneadh. Chun a áirithiú go gcuirfear bearta maidir le limistéar chun feidhme go héifeachtúil agus chun leasa airgeadais an Aontais a urrú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i ndáil leis na coinníollacha is infheidhme a leagan amach i gcás aistriú gabháltais go páirteach, i ndáil le cásanna eile a shainiú nach gceanglófar aisíoc na cabhrach iontu.

(43) Tá foráil i mbearta áirithe faoin Rialachán seo go mbeadh sé de choinníoll maidir le tacaíocht a dheonú go dtabharfadh na tairbhithe gealltanais a bheadh níos leithne ná bonnlíne bhainteach atá sainithe i dtéarmaí caighdeán nó ceanglas sainordaitheach. I bhfianaise na n-athruithe a d'fhéadfadh teacht ar an reachtaíocht i rith thréimhse na ngealltanas agus a dhéanfadh modhnú ar an mbonnlíne, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú na gconarthaí lena mbaineann chun a áirithiú go dtabharfar urraim don choinníoll sin i gcónaí.

(44) Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní airgeadais le haghaidh fhorbairt na tuaithe ar an mbealach is fearr agus is féidir agus le díriú ar bhearta faoi chláir forbartha tuaithe atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe ach le ráthú freisin go gcaithfear go cothrom le hiarratasóirí, ba cheart do na Ballstáit critéir roghnúcháin a leagan síos chun tionscadail a roghnú. Níor cheart go gceadófaí aon eisceacht don

riail seo ach amháin i gcás na mbeart sin ina dtugtar tacaíocht chun íoc as soláthar seirbhísí agra-chomhshaoil nó leasa ainmhithe. Nuair atá na critéir roghnúcháin á gcur i bhfeidhm ba cheart prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh lena mbaineann le deontais bheaga.

(45) Ba cheart don CETFT tacaíocht a thabhairt trí bhearta cúnaimh theicniúil do ghníomhartha a bhaineann le cur chun feidhme clár forbartha tuaithe, lena n-áirítear costais a bhaineann le cosaint na siombailí agus na ngiorrúchán a bhaineann le scéimeanna cáilíochta de chuid an Aontais le haghaidh rannpháirtíochta inar féidir tacaíocht a dheonú faoin Rialachán seo agus costais na mBallstát maidir le teorannú limistéar a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu. Chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní buiséadacha an CETFT go héifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí rialaithe ar féidir a mhaoiniú faoi chúnamh teicniúil.

(46) Tá sé cruthaithe ag líonrú na líonraí, na n-eagraíochtaí agus an lucht riaracháin náisiúnta a raibh baint acu le cur chun feidhme céimeanna éagsúla den chlár, a eagraíodh i gcomhthéacs an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe, gur féidir leo ról an-tábhachtach a bheith acu ó thaobh fheabhsú cáilíochta na gclár forbartha tuaithe trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú i rialachas na forbartha tuaithe chomh maith le faisnéis a scaipeadh i measc an phobail níos leithne faoi na buntáistí a bhaineann leis. Ba cheart an líonrú a mhaoiniú dá bhrí sin ar leibhéal an Aontais mar chuid den chúnamh teicniúil.

(47) Chun cabhrú chun aidhmeanna an CEN (Comhpháirtíocht Eorpach um Nuáil a bhaint amach maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta ba cheart gréasán CEN a chur ar bun chun líonrú a dhéanamh ar ghrúpaí oibriúcháin, ar sheirbhísí comhairleacha agus ar thaighdeoirí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme gníomhaíochtaí a dhíríonn ar nuálaíocht sa talmhaíocht. Ba cheart é a mhaoiniú ar leibhéal an Aontais mar chuid den chúnamh teicniúil.

(48) Le linn na tréimhse cláraithe 2007-2013 bhí gréasán saineolaithe meastóireachta ag feidhmiú i gcomhthéacs an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe. Chun aird a thabhairt ar riachtanais shonracha na meastóireachta, ba cheart gréasán meastóireachta Eorpach um fhorbairt tuaithe a chur ar bun don tréimhse cláraithe 2014-2020 chun na gníomhaithe go léir atá páirteach i ngníomhaíochtaí meastóireachta a thabhairt le chéile chun malartú saineolais a éascú sa réimse sin. Ba cheart é a mhaoiniú mar chuid den chúnamh teicniúil.

(49) Ba cheart do Bhallstáit cuid de mhéid iomlán gach cláir forbartha tuaithe a chur ar leataobh i gcomhair cúnaimh theicniúil le maoiniú a thabhairt do bhunú agus d'fheidhmiú gréasáin náisiúnta tuaithe a thabharfaidh le chéile eagraíochtaí agus lucht riaracháin a bhfuil baint acu le forbairt tuaithe, lena n-áirítear an chomhpháirtíocht, a bhfuil sé d'aidhm aige a rannpháirtíocht i gcur chun feidhme an chláir a mhéadú agus feabhas a chur ar cháilíocht na gclár forbartha tuaithe. Ba cheart do ghréasáin náisiúnta tuaithe plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme.

(50) Ba cheart don CETFT a thabhairt le fios go n-aithníonn an tAontas gur féidir le cineálacha cur chuige um fhorbairt áitiúil agus gné trasnáisiúnta iad féin a threisiú, go háirithe nuair a chuirtear spiorad nuálach i bhfeidhm. Ba cheart don CETFT é seo a

dhéanamh trí dhuaiseanna a bhronnadh ar líon teoranta tionscadal atá ina n-eiseamláirí ó thaobh na saintréithe sin de. Ba cheart go ndéanfadh na duaiseanna comhlánú ar fhoinsí eile maoinithe atá ar fáil tríd an mbeartas forbartha tuaithe trí aitheantas a thabhairt d'aon tionscadal oiriúnach tosaigh, cibé acu ar tugadh maoiniú don tionscadal sin trí chlár forbartha tuaithe nó nár tugadh.

(51) Ba cheart do chláir forbartha tuaithe foráil a dhéanamh do ghníomhaíochtaí nuálacha a chuireann earnáil talmhaíochta chun cinn a bheadh éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, a bheadh táirgiúil agus a mbeadh astuithe ísle aici, le tacaíocht ón CEN um tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta. Ba cheart é bheith mar aidhm ag an CEN réitigh nuálacha a thrasuíomh níos tapúla agus níos forleithne sa chleachtas. Ba cheart don CEN breisluach a chruthú trí fheabhas a chur ar roghnú agus ar éifeachtacht ionstraimí a bhaineann le nuálaíocht agus na sineirgíochtaí eatarthu a fheabhsú. Ba cheart don CEN na bearnaí a líonadh trí thaighde agus feirmeoireacht phraiticiúil a nascadh níos fearr le chéile.

(52) Ba cheart do ghrúpaí oibriúcháin tionscadail nuálaíocha maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an CEN lena dtabharfaí le chéile feirmeoirí, taighdeoirí, comhairleoirí, gnóthais agus gníomhaithe eile ar spéis leo nuálaíocht san earnáil talmhaíochta. Chun a áirithiú go rachaidh tionscadail den sórt sin chun tairbhe na hearnála ina hiomláine, ba cheart a dtorthaí a scaipeadh.

(53) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cinneadh a dhéanamh faoi mhéid iomlán de thacaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe faoin Rialachán seo don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, maidir le miondealú bhliantúil air agus an méid is lú a bheadh le comhchruinniú i réigiúin thearcfhorbartha i gcomhréir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse ó 2014 go 2020 agus leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais[20] don tréimhse chéanna. Ba cheart na leithreasaí a bheidh ar fáil a innéacsú ar bhonn ráta comhréidh i gcomhair clárú.

(54) Chun bainistiú chistí an CETFT a éascú, ba cheart ráta ranníocaíochta amháin a shocrú don EAFRD maidir le cláir forbartha tuaithe i ndáil le caiteachas poiblí sna Ballstáit. Chun aird a thabhairt ar thábhacht nó ar nádúr ar leith na gcineálacha áirithe oibríochtaí, ba cheart rátaí ranníocaíochta ar leith a shocrú maidir leo. Chun maolú a dhéanamh ar na srianta ar leith atá ann de thoradh an leibhéil forbartha, iargúltachta nó toisc iad a bheith ina n-oileáin ba cheart ráta cuí ranníocaíochta an CETFT a shocrú i gcomhair na réigiún tearcfhorbartha agus na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear sa Chonradh agus i gcomhair na n-oileán Aeigéach is lú.

(55) Maidir leis na cistí a scaoiltear i mBallstáit de thoradh chur i bhfeidhm uasteorann ar íocaíochtaí díreacha arna bhfáil ag feirmeacha móra aonair faoin gcéad cholún den chomhbheartas talmhaíochta ba cheart na cistí sin a chur in áirithe le haghaidh maoiniú a dhéanamh, i ngach Ballstát ar thionscadail a bhaineann le nuálaíocht chun cabhrú le feirmeacha, lena n-áirítear feirmeacha móra, a n-iomaíocht a mhéadú faoi chuimsiú chuspóirí an CBT. Is iad na feirmeoirí, ar neamhaird le méid a bhfeirmeacha, na grúpaí

---

20 IO L , , lch. .

oibriúcháin CEN nó grúpaí áitiúla gníomhaíochta, na grúpaí comhpháirtithe atá gafa le hearnáil na talmhaíochta ar ceart dóibh na tionscadail seo a thionscnamh.

(56) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh agus forálacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil a gcuid beart forbartha tuaithe infhíoraithe agus inrialaithe. Chun na críche sin ba cheart don Ghníomhaireacht Bainistíochta agus don Údarás Íocaíochta measúnú ex-ante a chur ar fáil agus a ghabháil de láimh chun measúnú a dhéanamh ar bhearta le linn chur chun feidhme an chláir. Ba cheart bearta nach gcomhlíonann an coinníoll seo a choigeartú.

(57) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun bainistíocht fhónta na gclár forbartha tuaithe a áirithiú. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún rialuithe leordhóthanacha a ghabháil ar láimh agus ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun feidhmiú fónta a gcórais bainistíochta a ráthú.

(58) Ba cheart d'Údarás Bainistíochta amháin a bheith freagrach as bainistiú agus cur chun feidhme gach cláir forbartha tuaithe. Ba cheart a chuid dualgas a shonrú sa Rialachán seo. Ba cheart don Údarás Bainistíochta a bheith in ann cuid dá dhualgais a tharmligean agus freagracht a choinneáil as éifeachtúlacht agus as ceartaiseacht na bainistíochta. I gcás ina mbeadh fochlár téamach mar chuid de chlár forbartha tuaithe ba cheart don Údarás Bainistíochta a bheith in ann comhlacht eile a ainmniú chun an fochlár sin a bhainistiú agus a chur chun feidhme go hiomlán i ndáil leis na leithdháiltí airgeadais a bheadh aitheanta dó sa chlár ach a áirithiú i gcónaí go ndéanfar bainistíocht fhónta airgeadais ar na fochláir sin.

(59) Ba cheart faireachán a dhéanamh ar gach clár forbartha tuaithe chun súil a choinneáil go rialta ar chur chun feidhme an chláir agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo spriocanna bunaithe an chláir. Maidir le héifeachtacht agus tionchar gníomhaíochtaí faoin CETFT a thaispeáint agus a fheabhsú, tá sé ag brath freisin ar mheastóireacht iomchuí le linn ullmhú agus chur chun feidhme agus tabhairt chun críche cláir. Ba cheart dá bhrí sin don Choimisiún agus do na Ballstáit le chéile córas faireacháin agus meastóireachta a chur ar bun chun dul chun cinn an bheartais forbartha tuaithe a léiriú agus chun a thionchar agus a éifeachtúlacht a mheasúnú.

(60) Chun a áirithiú gur féidir faisnéis a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais ba cheart foireann comhtháscairí a bheith mar chuid den chóras. Ba cheart faisnéis thábhachtach maidir le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe a thaifeadadh agus a chothabháil go leictreonach chun comhiomlánú sonraí a éascú. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-iarrfaí ar thairbhithe an oiread faisnéise sin is lú atá riachtanach a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta.

(61) Ba cheart an fhreagracht as faireacháin an chláir a roinnt idir an tÚdarás Bainistíochta agus Coiste Faireacháin a chuirfear ar bun chun na críche seo. Ba cheart é a bheith de chúram ar an gCoiste Faireacháin faireachán a dhéanamh ar a éifeachtúla is a chuirfear an clár chun feidhme. Chuige sin ba cheart a fhreagrachtaí a shonrú.

(62) Ba cheart é a bheith i gceist le faireachán ar an gclár go n-ullmhófaí tuarascáil bhliantúil ar an gcur chun feidhme, atá le cur chuig an gCoimisiún.

(63) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar gach clár forbartha tuaithe chun a cháilíocht a fheabhsú agus chun a bhfuil bainte amach a léiriú.

(64) Beidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 den Chonradh maidir le tacaíocht a thabhairt do na bearta forbartha tuaithe faoin Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart a shuíomh, i bhfianaise sainiúlacht earnáil na talmhaíochta, gur cheart na bearta forbartha tuaithe maidir le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh, a dhéantar faoin Rialachán seo agus i gcomhlíonadh an Rialacháin seo, chomh maith leis na h-íocaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit, lena mbeartaítear maoiniú náisiúnta breise a sholáthar d'oibríochtaí forbartha tuaithe a dtugtar tacaíocht ón Aontas ina leith, agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh, ba cheart iad a eisiamh ó chur i bhfeidhm Airteagail 107, 108 agus 109 den Chonradh.

(65) Lena chois sin, chun comhchuibheas a áirithiú leis na bearta forbartha tuaithe atá incháilithe chun tacaíocht a fháil ón Aontas agus chun nósanna imeachta a shimpliú, i gcás íocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit, a bhfuil sé d'aidhm acu maoiniú breise a sholáthar le haghaidh oibríochtaí náisiúnta forbartha tuaithe ar deonaíodh tacaíocht an Aontais dóibh agus a thagann faoi réim feidhme Airteagal 42 den Chonradh, ba cheart iad a údarú mar chuid de cheapadh clár faoi réir nós imeachta um fhógra a thabhairt i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar na híocaíochtaí sin, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún orthu ba cheart dó na critéir sin a leagadh síos le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagal 107 den Chonradh a chur i bhfeidhm ar mhodh analaí. Chun a áirithiú nach gcuirfear maoiniú breise náisiúnta nach bhfuil údaraithe ag an gCoimisiún chun feidhme, níor cheart don Bhallstát lena mbaineann an maoiniú breise atá beartaithe le haghaidh forbartha tuaithe a chur i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta. Maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag Ballstáit lena mbeartaítear maoiniú náisiúnta breise a sholáthar d'oibríochtaí forbartha tuaithe a ndeonaítear tacaíocht ón Aontas ina leith agus atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh ba cheart iad a chur i bhfios don Choimisiún de bhun Airteagal 108(3) den Chonradh, mura rud é go dtagann siad faoi rialachán, arna ghlacadh de bhun Rialachán 944/98 ón gComhairle[21], agus ní fhéadfar iad a chur i bhfeidhm go dtí go ndéanann an Coimisiún an nós imeachta seo a fhormheas.

(66) Ba cheart córas leictreonach faisnéise a bhunú chun sonraí a mhalartú ar bhealach a bheidh slán agus éifeachtúil.

(67) Tá feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[22] agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta arna ndéanamh ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[23].

---

21 Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine maidir le hAirteagal 92 agus Airteagal 93 (anois Airteagal 107 agus Airteagal 108 faoi seach) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí, IO L 142, 14.5.1998, lch. 1.

22 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

23 IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

(68) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo i ndáil le tíolacadh clár forbartha tuaithe, formheas na gclár agus leasuithe orthu, na nósanna imeachta agus na tráthchláir do na leasuithe ar an gclár formheasta, lena n-áirítear a dteacht i bhfeidhm agus minicíocht an tíolactha, coinníollacha sonracha maidir le cur chun feidhme beart forbartha tuaithe, struchtúr agus feidhmiú na ngréasán a chuirtear ar bun leis an Rialachán seo, an córas faireacháin agus meastóireachta a ghlacadh, na rialacha maidir le hoibriú an chórais faisnéise, ba cheart cumhachtaí chur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta maidir le meicníochtaí rialaithe do na Ballstáit maidir le feidhmiú chumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin[24].

(69) Tá an scéim tacaíochta nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo á cur in áit na scéime tacaíochta a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 a aisghairm ón 1 Eanáir 2014.

(70) Chun trasdul rianúil a éascú ón gcóras a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 chuig an gcóras arna bhunú ag an Rialachán seo ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le forálacha idirthréimhseacha a bhunú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[24] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

# CLÁR NA nÁBHAR

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ..... 11

TEIDEAL I Cuspóirí agus Straitéis ..... 31

Caibidil I Raon feidhme agus Sainmhínithe ..... 31

Caibidil II Misean, cuspóirí agus comhsheasmhacht ..... 34

TEIDEAL II Clárú ..... 37

Caibidil I Ábhar an Chláraithe ..... 37

Caibidil II Cláir forbartha tuaithe a ullmhú, a fhormheas agus a leasú ..... 41

TEIDEAL III Tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ..... 43

Caibidil I Bearta ..... 43

Roinn 1 ..... 43

Bearta Aonair ..... 43

Roinn 2 ..... 68

Comhar ..... 68

Caibidil II Forálacha comhchoiteanna do roinnt beart ..... 70

Caibidil III Cúnamh teicniúil agus líonrú ..... 73

Caibidil IV Duais do chomhar áitiúil, nuálach i limistéir thuaithe ..... 77

TEIDEAL IV CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta ..... 80

TEIDEAL V Forálacha airgeadais ..... 82

TEIDEAL VI Bainistíocht, rialú agus poiblíocht ..... 87

TEIDEAL VII Faireachán agus meastóireacht ..... 90

Caibidil I Forálacha ginearálta ..... 90

Roinn 1 Bunú agus Cuspóirí córais faireacháin agus meastóireachta ..................................... 90

Roinn 2 Forálacha teicniúla ..................................... 90

Caibidil II Faireachán ..................................... 91

Caibidil III Meastóireacht ..................................... 93

TEIDEAL VIII Forálacha Iomaíochta ..................................... 95

TEIDEAL IX Cumhachtaí an Choimisiúin, forálacha coiteanna agus forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha ..................................... 96

Caibidil I Cumhachtaí an Choimisiúin ..................................... 96

Caibidil II ..................................... 97

Caibidil III ..................................... 97

IARSCRÍBHINN I Méideanna agus rátaí tacaíochta ..................................... 99

IARSCRÍBHINN II Critéir bhithfhisiceacha maidir le teorannú áiteanna a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu ..................................... 103

IARSCRÍBHINN III Liosta táscach beart agus oibríochtaí a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo maidir le fochláir théamacha dá dtagraítear in Airteagal 8 ..................................... 105

IARSCRÍBHINN IV Coinníollachtaí ex ante le haghaidh forbartha tuaithe ..................................... 107

IARSCRÍBHINN V Liosta táscach beart atá ábhartha maidir le tosaíocht amháin nó níos mó de chuid an Aontais maidir le forbairt tuaithe ..................................... 114

# TEIDEAL I
# Cuspóirí agus Straitéis

## Caibidil I
## Raon feidhme agus Sainmhínithe

*Airteagal 1*

*Raon Feidhme*

1. Leis an Rialachán seo:

(a) leagtar síos na rialacha ginearálta a rialaíonn tacaíocht an Aontais le haghaidh forbartha tuaithe, arna maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (ar a dtabharfar feasta “an CETFT”) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. HR/2012;

(b) tugtar sainmhíniú ar na cuspóirí sin a rannchuideoidh an beartas forbartha tuaithe leo agus ar thosaíochtaí ábhartha an Aontais maidir le forbairt tuaithe;

(c) tugtar cuntas imlíne ar an gcomhthéacs straitéiseach maidir le beartas forbartha tuaithe;

(d) tugtar sainmhíniú ar bhearta an beartais forbartha tuaithe;

(e) leagtar síos rialacha maidir le cláreagrú, líonrú, bainistiú, faireachán agus meastóireacht ar bhonn na bhfreagrachtaí arna roinnt idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

(f) leagtar síos rialacha chun comhordú an CETFT le hionstraimí eile an Aontais a áirithiú.

2. Leis an Rialachán seo comhlántar forálacha Chuid a Dó de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012]

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) 'clárú': próiseas maidir le heagrú, cinneadh a ghlacadh agus na hacmhainní airgeadais a leithdháileadh de réir céimeanna éagsúla a bhfuil sé d’aidhm acu gníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais agus na mBallstát a chur chun feidhme, ar bhonn ilbhliantúil, chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach;

(b) 'réigiún': aonad críochach a fhreagraíonn do leibhéal 1 nó 2 d'Ainmníocht na n-aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS leibhéal 1 agus 2) de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25];

(c) 'beart': sraith oibríochtaí a thacaíonn le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe;

(d) 'oibríocht': tionscadal, grúpa tionscadal, conradh, nó comhshocraíocht nó gníomhaíocht eile a roghnaítear de réir critéar don chlár forbartha tuaithe lena mbaineann agus á chur chun feidhme ag tairbhí amháin nó níos mó sa chaoi gur féidir ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaint amach;

(e) 'tairbhí': duine nádúrtha nó dlítheanach nó comhlacht eile, cibé acu poiblí nó príobháideach, atá freagrach as oibríochtaí a chur chun feidhme nó a fhaigheann tacaíocht;

(f) 'córas faireacháin agus meastóireachta': cur chuige ginearálta a d'fhorbair an Coimisiún agus na Ballstáit lena sainítear líon teoranta comhtháscairí a bhaineann leis an staid bonnlíne agus le feidhmiú airgeadais, aschur, torthaí, agus tionchair na gclár;

(g) 'straitéis forbartha áitiúla': sraith chomhtháite oibríochtaí chun freastal ar chuspóirí agus ar riachtanais áitiúla, a cabhraíonn chun tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a bhaint amach, agus a chuirtear i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht ar an leibhéal cuí;

(h) 'ráta tacaíochta': ráta na ranníocaíochta poiblí iomlán d'oibríocht;

(i) 'caiteachas poiblí': aon ranníocaíocht phoiblí le haghaidh maoiniú oibríochtaí arb é buiséad an Stáit, na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, an Aontais agus aon chaiteachas den chineál céanna is bunús léi. Aon ranníocaíocht maidir le maoiniú oibríochtaí arb é buiséad na gcomhlachtaí dlí poiblí nó na gcomhlachas d'údarás réigiúnach nó áitiúil amháin nó níos mó nó comhlachtaí dlí poiblí is bunús léi, de réir bhrí Threoir 2004/18/CE[26], glacfar léi mar ranníocaíocht phoiblí;

(j) 'réigiúin lagfhorbartha': réigiúin ar lú a n-olltáirgeacht intíre (OTI) per capita ná 75 % de mheán OTI an AE-27;

(k) 'micrifhiontair-, fiontair bheaga agus mheánmhéide' (anseo feasta 'FBManna)': micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide mar atá sainmhínithe i Moladh ón gCoimisiún 2003/361/CE[27];

(l) 'costas idirbhirt': costas a bhaineann le gealltanas ach nach bhfuil inchurtha go díreach lena chur chun feidhme;

---

25 IO L 154, 21.6.2003, lch 1.
26 IO L 134, 30.4.2004, lch 114.
27 IO L 124, 20.5.2003, lch 36.

(m) limistéar talmhaíochta arna úsáid ('UAA' anseo feasta): limistéar talmhaíochta arna úsáid de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1200/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009[28];

(n) 'caillteanas eacnamaíoch': aon chostas breise arna thabhú ag feirmeoir mar thoradh ar bhearta eisceachtúla arna nglacadh ag an bhfeirmeoir chun soláthar ar an margadh lena mbaineann a laghdú nó aon chaillteanas suntasach táirgeachta;

(o) 'teagmhas díobhálach aeráide': an aimsir, amhail sioc, stoirmeacha agus clocha sneachta, oighear, báisteach throm nó triomach dian a d’fheadfadh a bheith ina cuid de thubaiste nádúrtha;

(p) 'galair ainmhithe': galair atá luaite sa liosta galar ainmhithe arna bhunú ag an Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhithe nó san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 90/424/EEC ón gComhairle[29];

(q) 'teagmhas comhshaoil': imeacht sonrach trína dtarlaíonn éilliú, truailliú, nó díghrádú do cháilíocht an chomhshaoil a bhaineann le teagmhas ar leith agus a bhfuil raon feidhme geografach teoranta aici. Ní chuimsíonn sé rioscaí ginearálta comhshaoil nach bhfuil baint acu le hócáid ar leith, amhail athrú aeráide nó truailliú an atmaisféir;

(r) 'tubaiste nádúrtha': teagmhas a tharlaíonn go nádúrtha de chineál bitheach nó aibitheach as a thagann suaití ar chórais táirgthe talmhaíochta agus ar struchtúir foraoisí, a bheadh ina chúis le dochar suntasach eacnamaíoch d'earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta

(s) 'teagmhas turraingeach': teagmhas gan choinne de chineál bitheach nó aibitheach a tharlaíonn de thoradh gníomhaíocht dhaonna de chineál bitheach nó aibitheach as a thagann suaití ar chórais táirgthe talmhaíochta agus ar struchtúir foraoisí, a bheadh ina chúis le dochar suntasach eacnamaíoch d'earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta

(t) 'slabhra soláthair gairid': slabhra soláthair lena mbaineann líon teoranta oibreoirí eacnamaíocha, atá tiomanta do chomhar, d’fhorbairt eacnamaíoch áitiúil, agus do dlúthchaidreamh geografach agus sóisialta idir táirgeoirí agus tomhaltóirí;

(u) 'feirmeoir óg': feirmeoir atá níos óige ná 40 bliain d'aois ag an am a chuirtear isteach an t-iarratas, a bhfuil scileanna ceirde agus inniúlacht leordhóthanach aige agus atá á chur féin ar bhun don chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháltais.

(v) ciallaíonn 'oibríocht chríochnaithe' oibríocht atá críochnaithe go fisiciúil nó curtha chun feidhme go hiomlán agus a ndearna tairbhithe gach íocaíocht bhainteach ina leith agus a n-íocadh an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach leis na tairbhithe ina leith;

---

28 IO L 329, 15.12.2009, lch 1.
29 IO L 224, 18.8.1990, lch 19.

(w) 'cuspóirí téamacha': na cuspóirí téamacha arna sainiú in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30].

(x) 'Comhchreat Straitéiseach ('CCS' anseo feasta)': An Comhchreat Straitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2010].

2. Maidir leis an sainmhíniú ar fheirmeoir óg atá leagtha síos i mír 1(u), tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na coinníollacha faoina measfar duine dlítheanach mar 'fheirmeoir óg', lena n-áirítear tréimhse chairde a shocrú chun scileanna ceirde a fháil.

# Caibidil II
# Misean, cuspóirí agus comhsheasmhacht

*Airteagal 3*

*Misean*

Cuirfidh an CETFT le an straitéis Eoraip 2020 trí fhorbairt inbhuanaithe tuaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais ar bhealach comhlántach le hionstraimí eile an chomhbheartais talmhaíochta ('CBT' anseo feasta), agus leis an mbeartas ar chomhtháthaithe agus leis an gcomhbheartas iascaigh. Cuideoidh sé earnáil talmhaíochta an Aontais a dhéanamh níos nuálaí agus níos cothromúla ó thaobh críche agus comhshaoil de, níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus níos athléimní ina taobh.

*Airteagal 4*

*Cuspóirí*

Laistigh de chreat foriomlán an CBT, cabhróidh an tacaíocht a thabharfar d'fhorbairt tuaithe le baint amach na gcuspóirí seo a leanas:

(1) iomaíochas na talmhaíochta;

(2) bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide;

(3) forbairt chothromúil chríochach na limistéar tuaithe.

30 IO L , , lch. .

*Airteagal 5*

*Tosaíochtaí an Aontais d'fhorbairt tuaithe*

Déanfar na cuspóirí maidir le forbairt tuaithe, a chuidíonn leis an straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, a bhaint amach trí na sé thosaíocht seo a leanas, ar thosaíochtaí de chuid an Aontais maidir le forbairt tuaithe iad, a chuimsíonn Cuspóirí Téamacha an CCS:

(1) aistriú eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe a chothú, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:

 (a) nuálaíocht agus bonn eolais a chothú i limistéir thuaithe;

 (b) na naisc idir an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht agus an taighde agus an nuálaíocht a neartú.

 (c) foghlaim ar feadh an tsaoil agus gairmoiliúint in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta a chothú.

(2) cur le hiomaíochas gach cineál talmhaíochta agus cur le hinmharthanacht feirme, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:

 (a) athstruchtúrú feirme atá i ngleic le fadhbanna móra struchtúrtha a éascú, go háirithe feirmeacha nach bhfuil rannpháirteach go mór sa mhargadh, feirmeacha dírithe ar an margadh in earnálacha áirithe agus feirmeacha a dteastaíonn éagsúlú talmhaíochta iontu;

 (b) athnuachan glúine a éascú in earnáil na talmhaíochta.

(3) eagrúchán biashlabhra agus bainistíocht riosca sa talmhaíocht a chur chun cinn, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:

 (a) táirgeoirí tosaigh a lánpháirtiú níos fearr sa bhiashlabhra trí scéimeanna cáilíochta, trí chur chun cinn i margaí áitiúla agus ciorcad soláthair gairid, grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe;

 (b) tacú le bainistíocht riosca feirme:

(4) éiceachórais atá ag brath ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht a athshlánú, a bhuanú agus cur leo, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:

 (a) bithéagsúlacht agus riocht thírdhreacha na hEorpa, lena n-áirítear i limistéir Natura 2000 agus feirmeoireacht a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra uirthi, a athshlánú agus a bhuanú;

 (b) bainistíocht uisce a fheabhsú;

 (c) bainistíocht ithreach a fheabhsú.

(5) éifeachtúlacht acmhainní agus an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil na foraoiseachta, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:

(a) éifeachtúlacht úsáide uisce sa talmhaíocht a mhéadú;

(b) éifeachtúlacht úsáide fuinnimh sa talmhaíochta agus sa phróiseáil bia a mhéadú;

(c) soláthar agus úsáid acmhainní in-athnuaite fuinnimh, seachtháirgí, cineálacha dramhaíola, iarmhair agus amhábhar neamhbhia eile a éascú chun críocha an bhithgheilleagair;

(d) astaíochtaí ocsaíde nítriúla agus meatáin ón talmhaíocht a laghdú;

(e) ceapadh carbóin sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a chothú;

(6) cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i limistéir thuaithe a chur chun cinn, ag díriú ar na réimsí seo a leanas:

(a) éagsúlú a éascú, fiontair bheaga nua a chruthú agus cruthú post;

(b) forbairt áitiúil i limistéir thuaithe a chothú.

(c) feabhas a chur le hinrochtaineacht, úsáid agus cáilíocht teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) i limistéir thuaithe.

Cuirfidh na tosaíochtaí go léir le cuspóirí trasnaí maidir le nuálaíocht, comhshaol agus maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin.

*Airteagal 6*

*Comhsheasmhacht*

1. Beidh comhsheasmhacht idir an tacaíocht ón CETFT agus na bearta arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta.

2. Ní dheonófar aon tacaíocht faoin Rialachán seo d'oibríochtaí arna dtacú faoi eagraíochtaí cómhargaidh. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 90 chun eisceachtaí ón riail seo a shainiú.

# TEIDEAL II
# Clárú

## Caibidil I
## Ábhar an Chláraithe

*Airteagal 7*

*Cláir forbartha tuaithe*

1. Gníomhóidh an CETFT sna Ballstáit trí chláir forbartha tuaithe. Cuirfear chun feidhme leis na cláir sin straitéis forbartha tuaithe chun tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a chomhlíonadh trí shraith beart arna sainiú i dTeideal III, a lorgófar cabhair ón CETFT chun é a bhaint amach.

2. Féadfaidh Ballstát clár aonair dá chríoch iomlán nó sraith de chláir réigiúnacha a chur isteach.

3. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil cláir réigiúnacha acu creat náisiúnta ina bhfuil gnéithe comónta do na cláir sin gan leithdháileadh buiséadach ar leith a chur isteach dá fhormheas.

*Airteagal 8*

*Fochláir théamacha*

1. Féadfaidh na Ballstáit fochláir théamacha a áireamh ina gcláir forbartha tuaithe freisin, ag cur le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe, a bhfuil d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha shainaitheanta, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) feirmeoirí óga;

   (b) feirmeacha beaga mar a dtagraítear dóibh sa tríú fomhír de Airteagal 20(2);

   (c) limistéir sléibhe mar a dtagraítear dóibh in Airteagal 33(2);

   (d) slabhraí soláthair gairide.

   Leagtar amach liosta táscach beart agus cineálacha oibríochta a bhfuil ábharthacht áirithe ag baint leo do gach fochlár téamach in Iarscríbhinn III.

2. Féadfar aghaidh a thabhairt sna fochláir théamacha ar riachtanais shonracha a bhaineann le hathstruchtúrú earnálacha na talmhaíochta a bhfuil tionchar suntasach acu ar fhorbairt limistéir thuaithe shonraigh.

3. Féadfar na rátaí tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a mhéadú 10 bpointe céatadáin i gcás oibríochtaí arna dtacú i gcreat na bhfochlár téamach i dtaobh feirmeacha beaga agus slabhraí soláthair gairide. I gcás feirmeoirí óga agus limistéar sléibhe, féadfar na huasrátaí tacaíochta a mhéadú i gcomhréir le hIarscríbhinn I. Mar sin féin, ní sháróidh an t-uasráta tacaíochta comhcheangailte 90% .

*Airteagal 9*

*Ábhar na gclár forbartha tuaithe*

1. Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012], áireofar i ngach limistéar tuaithe:

(a) an mheastóireacht *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012].

(b) anailís ar an gcás i dtéarmaí láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí ("SWOT" anseo feasta) agus sainaithint na riachtanas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa limistéar geografach cuimsithe ag an gclár agus, nuair is ábhartha, ag na fochláir théamacha dá dtagraítear in Airteagal 8.

Déanfar an anailís a struchtúrú thart ar thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe. Déanfar measúnú ar riachtanais shonracha maidir leis an gcomhshaol, maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus an nuálaíocht thar thosaíochtaí an Aontais, i bhfianaise freagairtí ábhartha a shainaithint sna trí réimse sin ar leibhéal gach tosaíochta;

(c) tuairisc ar an straitéis lena n-áirítear socrú sprice do gach ceann de réimsí tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirítear sa chlár, ar bhonn comhtháscairí dá dtagraítear in Airteagal 76, le sainiú mar chuid den chóras faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 74, agus rogha beart, bunaithe ar loighic fhónta idirghabhála an chláir, lena n-áirítear measúnú ar ranníocaíocht ionchasach na mbeart arna roghnú chun na spriocanna a bhaint amach.

Léireofar an méid seo a leanas sa chlár forbartha tuaithe:

(i) go n-áirítear teaglamaí iomchuí beart i dtaca le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirítear sa chlár, ag leanúint go loighciúil ón meastóireacht *ex ante* dá dtagraítear i bpointe (a) agus ón anailís dá dtagraítear i bpointe (b);

(ii) go bhfuil leithdháileadh acmhainní airgeadais ar bhearta an chláir cothromúil agus leormhaith chun na spriocanna arna leagan amach a chur i gcrích;

(iii) go gcuirtear riachtanais shonracha nasctha le coinníollacha shonracha ar leibhéal réigiúnach nó foréigiúnach san áireamh agus tugtar aghaidh go

nithiúil orthu trí theaglamaí beart nó fochlár téamach arna gceapadh go leormhaith;

(iv) go gcomhtháthaítear cur chuige cuí maidir le nuálaíocht, leis an gcomhshaol, lena n-áirítear riachtanais shonracha limistéir Natura 2000, agus le maolú maidir le hathrú aeráide agus le hoiriúnú sa chlár;

(v) go mbeartaítear gníomhaíocht iomchuí chun cur chun feidhme an chláir a shimpliú;

(vi) gur glacadh bearta chun infhaighteacht cumais leordhóthanaigh comhairligh ar na ceanglais rialála agus gach gné a bhaineann le bainistíocht inbhuanaithe sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide freisin a áirithiú;

(vii) go mbeartaítear tionscnaimh chun feasacht a mhúscailt agus gníomhartha nuálacha a bheochan agus grúpaí oibríochta an 'CEN' maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta;

(viii) gur sainíodh cur chuige iomchuí ina leagtar síos prionsabail agus aird ar shocrú critéar roghnúcháin do thionscadail agus do straitéisí d'fhorbairt áitiúil, a chuireann spriocanna ábhartha san áireamh. Sa chomhthéacs seo féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh chun tosaíocht nó ráta tacaíochta níos airde a thabhairt d'oibríochtaí a ghabhann grúpaí feirmeoirí ar láimh;

(d) an measúnú ar na coinníollachtaí *ex ante* agus, nuair a éilítear, na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] agus na garspriocanna a bunaíodh chun críocha Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012];

(e) tuairisc ar gach beart a roghnaítear;

(f) maidir le forbairt áitiúil, tuairisc shonrach ar na meicníochtaí comhordaithe idir straitéisí forbartha áitiúla, an beart 'comhar' dá dtagraítear in Airteagal 36, an beart 'seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhaile limistéir thuaithe' dá dtagraítear in Airteagal 21 agus an tacaíocht do ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe faoin mbeart 'forbairt gnó agus feirme i limistéir thuaithe' dá dtagraítear in Airteagal 20.

(g) tuairisc ar an gcur chuige i dtreo nuálaíochta i bhfianaise táirgiúlacht agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní a fheabhsú agus an ranníocaíocht do bhaint amach chuspóirí CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 61;

(h) Anailísiú ar riachtanais a bhaineann le ceanglais faireacháin agus meastóireachta agus an plean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012]. Forálfaidh na Ballstáit leordhóthain acmhainní agus gníomhaíochtaí neartaithe cumais chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shainaitheanta;

(i) plean maoinithe a chuimseoidh an méid seo a leanas:

(i) tábla ina leagtar amach, i gcomhréir le hAirteagal 64(4), ranníocaíocht iomlán an CETFT atá beartaithe do gach bliain. Nuair is infheidhme léireofar sa tábla sin ar leithligh laistigh de ranníocaíocht iomlán an CETFT na leithreasaí dá bhforáiltear do na réigiúin thearcfhorbartha agus na cistí arna n-aistriú chuig an CETFT i gcur chun feidhme Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012. Beidh ranníocaíocht bheartaithe bhliantúil an CETFT comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil;

(ii) tábla ina leagtar amach, do gach beart, an cineál oibríochta le ráta sonrach ranníocaíochta agus cúnamh teicniúil an CETFT, ranníocaíocht bheartaithe iomlán an Aontais agus ráta infheidhme ranníocaíochta an CETFT. Nuair is infheidhme, léireofar sa tábla sin ar leithligh ráta ranníocaíochta an CETFT do réigiúin thearcfhorbartha agus do réigiúin eile;

(j) plean táscaire ina gcuimseofar i gcás gach ceann de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirítear sa chlár na táscairí agus na bearta roghnaithe mar aon le haschur beartaithe agus caiteachas beartaithe, miondealaithe idir poiblí agus príobháideach;

(k) nuair is infheidhme, tábla ar mhaoiniú breise náisiúnta in aghaidh an bhirt i gcomhréir le hAirteagal 89;

(l) na gnéithe atá riachtanach don mheastachán faoi Airteagal 89 agus, nuair is infheidhme, liosta na scéimeanna cabhrach a thig faoi Airteagal 88(1) atá le húsáid do chur chun feidhme na gclár;

(m) faisnéis ar an gcomhlántacht le bearta arna maoiniú ag ionstraimí eile an chomhbheartais talmhaíochta, trí bheartas comhtháthaithe nó ag an CEMI;

(n) socruithe chun cláir a chur chun feidhme, lena n-áirítear:

(i) ainmniúchán an Bhallstáit de na húdaráis uile dá dtagraítear in Airteagal 72(2) agus, i gcomhair faisnéise, tuairisc achomair ar an struchtúr bainistíochta agus rialaithe;

(ii) tuairisc ar na nósanna imeachta faireacháin agus meastóireachta, mar aon le comhdhéanamh an Choiste Faireacháin;

(iii) na forálacha lena áirithiú go bpoiblítear an clár, lena n-áirítear tríd an ngréasán náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 55;

(o) ainmniúchán na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Uimh. [CCS/2012] agus torthaí an chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe;

(p) nuair is infheidhme, príomhghnéithe struchtúr agus phlean gníomhaíochta an ghréasáin náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 55(3), agus forálacha dá bhainistíocht, arbh ionann é agus bonn a phleananna gníomhaíochta bliantúla.

2. I gcás ina n-áirítear fochláir théamacha i gclár forbartha tuaithe, áireofar i ngach fochlár:

(a) anailís shonrach ar an gcás i dtéarmaí SWOT agus sainaithint na riachtanas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu de réir fochláir;

(b) spriocanna sonracha ar leibhéal fochláir agus rogha beart, bunaithe ar shainiú críochnúil loighic idirghabhála an fhochláir, lena n-áirítear measúnú ar ranníocaíocht ionchasach na mbeart arna roghnú chun na spriocanna a bhaint amach;

(c) plean táscaire sonrach ar leith, mar aon le haschur beartaithe agus caiteachas beartaithe, miondealaithe idir poiblí agus príobháideach;

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a leagan síos do chur i láthair na ngnéithe dá dtuairiscítear i míreanna 1 agus 2 i gcláir forbartha tuaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

# Caibidil II
# Cláir forbartha tuaithe a ullmhú, a fhormheas agus a leasú

*Airteagal 10*

*Coinníollachtaí ex ante*

Sa bhreis ar na coinníollachtaí *ex ante* ginearálta atá bunaithe in Iarscríbhinn IV, beidh feidhm ag an gcoinníollachtaí *ex ante* dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] maidir leis an CETFT.

*Airteagal 11*

*Na cláir forbartha tuaithe a fhormheas*

1. Cuirfidh na Ballstáit togra faoi bhráid an Choimisiúin do gach clár forbartha tuaithe, ina mbeidh an fhaisnéis atá luaite in Airteagal 9.

2. Formheasfaidh an Coimisiún gach clár forbartha tuaithe trí ghníomh cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

*Airteagal 12*

*Na cláir forbartha tuaithe a leasú*

1. Formheasfar iarratais ar leasuithe cláir ó Bhallstáit i gcomhréir leis na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, cinneadh ar iarratais ar chláir a leasú maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) athrú ar straitéis an chláir trí mhór-athshocrú na spriocanna cainníochtaithe;

(ii) athrú ar ráta ranníocaíochta an CETFT de bheart amháin nó níos mó;

(iii) athrú ar ranníocaíocht iomlán an Aontais nó ar a leithdháileadh bliantúil ar leibhéal an chláir;

(iv) aistriú cistí idir bearta a cuireadh chun feidhme faoi rátaí éagsúla ranníocaíochta an CETFT.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

(b) Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, cinneadh ar iarratais ar chlár a leasú i ngach cás eile. Áireofar orthu siúd go háirithe:

(i) tabhairt isteach nó aistarraingt beart nó cineálacha oibríochta;

(ii) athruithe ar thuairisc na mbeart, lena n-áirítear athruithe ar choinníollacha incháilitheachta.

2. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na critéir a shainíonn mór-athshocrú na spriocanna cainníochtaithe dá dtagraítear i mír 1(a)(i).

*Airteagal 13*

*Rialacha maidir le nósanna imeachta agus tráthchláir*

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le nósanna imeachta agus tráthchláir don mhéid seo a leanas:

(a) formheas na gclár forbartha tuaithe;

(b) cur isteach agus formheas moltaí do leasuithe ar chláir forbartha tuaithe, lena n-áirítear a dteacht i bhfeidhm agus a mhinicí agus a chuirtear isteach iad le linn na tréimhse cláraithe.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

# TEIDEAL III
# Tacaíocht d'fhorbairt tuaithe

## Caibidil I
## Bearta

*Airteagal 14*

*Bearta*

Clárófar gach beart forbartha tuaithe chun cur go sonrach le baint amach tosaíochta amháin nó níos mó ón Aontas maidir le forbairt tuaithe. Tá liosta táscach beart a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo do thosaíochtaí an Aontais leagtha amach in Iarscríbhinn V.

### ROINN 1

### BEARTA AONAIR

*Airteagal 15*

*Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise*

1. Cumhdóidh tacaíocht faoin mbeart seo gníomhaíochtaí gairmoiliúna agus éadála scileanna, gníomhaíochtaí taispeántais agus gníomhaíochtaí faisnéise. Féadfaidh gníomhaíochtaí gairmoiliúna agus éadála scileanna cúrsaí oiliúna, ceardlanna agus oiliúnú a áireamh.

   Féadfaidh tacaíocht malairt ghearrthéarma bainistíochta feirme agus cuairt feirme a chumhdach freisin.

2. Rachaidh tacaíocht faoin mbeart seo chun sochair daoine atá fostaithe in earnáil na talmhaíochta, an bhia agus na foraoise, bainisteoirí talún agus gníomhaithe eacnamaíocha eile ar FBManna atá ag feidhmiú i limistéir thuaithe.

   An soláthraí gníomhaíochta oiliúna nó aistrithe eile eolais agus faisnéise a bheidh mar thairbhí na tacaíochta.

3. Ní áireoidh tacaíocht faoin mbeart seo cúrsaí teagaisc ná oiliúna, ar cuid de ghnáthchláir nó de ghnáthchórais oideachais ar leibhéal meánscoile nó níos airde iad.

Beidh na cumais iomchuí i bhfoirm cáilíochtaí foirne agus oiliúint rialta chun an tasc seo a chur i gcrích ag comhlachtaí a chuireann seirbhísí aistrithe eolais agus faisnéise ar fáil.

4. Beidh costais a bhaineann le heagrú agus le seachadadh na gníomhaíochta aistrithe eolais nó faisnéise ar na costais incháilithe faoin mbeart seo. I gcás tionscadal taispeántais, féadfaidh an tacaíocht costais ábhartha infheistíochta a chumhdach freisin. Beidh costais taistil, cóiríochta agus speansais cothaithe laethúil na rannpháirtithe mar aon le costas athsholáthair feirmeoirí incháilithe freisin.

5. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le sonraíocht bhreise costas incháilithe, íoscháilíochtaí na gcomhlachtaí a chuireann seirbhísí aistrithe eolais ar fáil agus fad tréimhse agus ábhar na scéimeanna malairte feirme agus na gcuairteanna feirme.

*Airteagal 16*

*Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme*

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cabhrú le feirmeoirí, le sealbhóirí foraoisí agus le FBManna i limistéir thuaithe tairbhe a bhaint as seirbhísí comhairleacha um fheabhsú fheidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil chomh maith le neamhdhíobhálacht don aeráid agus athléimneacht ina taobh a ngabháltais nó a bhfiontair.

(b) bunú seirbhísí bainistíochta feirme, seirbhísí faoisimh feirme agus seirbhísí comhairleacha feirme, chomh maith le seirbhísí comhairleacha foraoiseachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Córas Comhairleach Feirme dá dtagraítear in Airteagal 12, Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012;

(c) oiliúint comhairleoirí a chur chun cinn.

2. Soláthraí na comhairle nó na hoiliúna a bheidh mar thairbhí na tacaíochta atá tugtha i mír 1(a) agus (c). Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(b) don údarás nó don chomhlacht roghnaithe chun an tseirbhís bainistíochta feirme, an tseirbhís faoisimh feirme, an tseirbhís chomhairleach feirme nó an tseirbhís chomhairleach foraoiseachta a bhunú.

3. Beidh na hacmhainní iomchuí ag na húdaráis nó ag na comhlachtaí roghnaithe chun comhairle a thabhairt i bhfoirm foirne cáilithe a gcuirtear oiliúint go rialta orthu agus beidh taithí chomhairleach acu agus beidh siad iontaofach maidir leis na réimsí a dtugann siad comhairle ina leith. Roghnófar na tairbhithe trí ghlaonna ar thograí. Beidh an nós imeachta roghnaithe oibiachtúil agus beidh comhlachtaí poiblí agus príobháideacha araon incháilithe dó.

Agus comhairle á tabhairt, déanfaidh seirbhísí comhairleacha na hoibleagáidí neamhnochta dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 a urramú.

4. Nascfar comhairle d'fheirmeoirí le tosaíocht amháin ón Aontas ar a laghad maidir le forbairt tuaithe agus cumhdófar inti ceann amháin de na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin agus/nó na ceanglais reachtúla bainistíochta do dhálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil dá bhforáiltear i gCaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012;

(b) i gcás inar infheidhme, na cleachtais talmhaíochta is tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol mar atá leagtha síos i gCaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012 agus cothabháil an limistéir talamhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012;

(c) na ceanglais nó gníomhaíochtaí a bhaineann le maolú ar an hathrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, le bithéagsúlacht, le cosaint uisce agus ithreach, le galar ainmhithe agus plandaí a fhógairt agus le nuálaíocht atá leagtha síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012;

(d) forbairt inbhuanaithe ghníomhaíocht eacnamaíoch na bhfeirmeacha beaga mar atá sainithe ag na Ballstáit agus ar a laghad na bhfeirmeacha atá rannpháirteach i scéim na bhfeirmeoirí beaga dá dtagraítear faoi Theideal V de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012; nó

(e) nuair is ábhartha, caighdeáin sábháilteachta ceirde bunaithe ar reachtaíocht an Aontais.

Féadfaidh an chomhairle saincheisteanna eile a chumhdach a bhaineann le feidhmíocht eacnamaíoch, talmhaíochta agus chomhshaoil an ghabháltais talmhaíochta.

5. Cumhdófar le comhairle do shealbhóirí foraoiseachta na hoibleagáidí ábhartha faoi Threoracha 92/43/CEE, 2009/147/CE, 92/43/CEE agus 2000/60/CE ar a laghad. Féadfaidh sí saincheisteanna a chumhdach freisin a bhaineann le feidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil an ghabháltais foraoiseachta.

6. Féadfaidh comhairle d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide saincheisteanna a chumhdach a bhaineann le feidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil an fhiontair.

7. Nuair atá údar cuí leis agus é iomchuí, féadfar comhairle a thabhairt go páirteach i ngrúpa, agus cásanna úsáideoir aonair na seirbhísí comhairleacha san áireamh.

8. Beidh an tacaíocht faoi mhíreanna 1(a) agus (c) teoranta don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I. Beidh tacaíocht faoi mhír 1(b) céimlaghdaitheach thar uastréimhse cúig bliana ón mbunú.

9. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 a bhaineann le sonraíocht bhreise íoscháilíochtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí a thugann comhairle.

*Airteagal 17*

*Grúpaí táirgeoirí a bhunú Leader*

1. Cumhdófar sa tacaíocht faoin mbeart seo rannpháirtíocht nua feirmeoirí sa mhéid seo a leanas:

(a) scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta, do chadás nó d'earraí bia arna mbunú le reachtaíocht an Aontais;

(b) scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta, do chadás nó d'earraí bia a aithníonn Ballstáit go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

(i) díorthaítear sainiúlacht an táirge deiridh faoi scéimeanna den sórt sin ó oibleagáidí soiléire chun an méid seo a leanas a ráthú:

- saintréithe sonracha táirgí, nó

- modhanna sonracha feirmeoireachta nó táirgthe, nó

- cáilíocht an táirge deiridh a théann go suntasach thar na caighdeáin tráchtearra tráchtála maidir le sláinte phoiblí, ainmhithe nó plandaí, le leas ainmhithe nó le cosaint an chomhshaoil;

(ii) tá an scéim ar fáil don uile tháirgeoir;

(iii) baineann an scéim le sonraíochtaí táirge atá ina gceangal agus fíoraíonn údaráis phoiblí nó comhlacht neamhspleách iniúchta comhlíonadh na sonraíochtaí sin;

(iv) tá an scéim trédhearcach agus ráthaíonn sé inrianaitheacht táirgí;

nó

(c) scéimeanna deonacha deimhniúcháin do tháirgí talmhaíochta a aithníonn na Ballstáit go gcomhlíonann siad treoirlínte dea-chleachtais an Aontais d'oibríocht scéimeanna deonacha deimhniúcháin[31] a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus le hearraí bia.

2. Deonófar tacaíocht mar íocaíocht bhliantúil dreasachta, agus cinnfear leibhéal na híocaíochta de réir leibhéal na gcostas seasta a thagann as rannpháirtíocht sna scéimeanna tacaithe, d'uastréimhse cúig bliana.

---

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún – EU best practice guidelines for voluntary certification schemes for agricultural products and foodstuffs (Treoirlínte dea-chleachtais an AE do scéimeanna deonacha deimhniúcháin do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia), IO C 341, 16.12.2010, lch. 5.

Chun críche na míre seo, ciallaíonn 'costais sheasta' na costais a thabhaítear de bharr dul isteach i scéim thacaithe cáilíochta agus an ranníocaíocht bhliantúil do rannpháirtíocht sa scéim sin, lena n-áirítear, más gá, caiteachas ar sheiceálacha a theastaíonn chun comhlíonadh le sonraíochtaí na scéime a fhíorú.

3. Beidh an tacaíocht teoranta don íosmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

4. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le scéimeanna sonracha cáilíochta an Aontais atá le cumhdach le mír 1(a).

*Airteagal 18*

*Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha*

1. Cumhdófar sa tacaíocht faoin mbeart seo infheistíochtaí inláimhsithe agus/nó doláimhsithe mar seo a leanas:

(a) infheistíochtaí a dhéanfaidh feidhmíocht fhoriomlán an ghabháltais talmhaíochta a fheabhsú;

(b) infheistíochtaí a bhainfidh le próiseáil, le margaíocht agus/nó le forbairt táirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh nó cadáis. D'fhéadfadh sé gur táirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin a bheadh in aschur an phróisis táirgeachta;

(c) infheistíochtaí a bhainfidh le bonneagar a bhaineann le forbairt agus le hoiriúnú talmhaíochta, lena n-áirítear rochtain ar thalamh feirme agus foraoise, feabhsú agus comhdhlúthú talún, soláthar fuinnimh, agus bainistíocht uisce; nó

(d) infheistíochtaí ar infheistíochtaí neamhtháirgiúla iad atá nasctha le baint amach ceanglais chomhshaoil talmhaíochta agus foraoiseachta, stádas caomhnaithe bitheagsúlachta speiceas agus gnáthóg chomh maith le cur le luach taitneamhachta poiblí limistéir Natura 2000 nó limistéar eile a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra aige atá le sainiú sa chlár.

2. Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(a) do ghabháltais talmhaíochta. I gcás infheistíochtaí chun tacú le hathstruchtúrú feirme, ní bheidh incháilithe ach feirmeacha nach sáraíonn méid áirithe, atá le sainiú ag na Ballstáit sa chlár bunaithe ar an anailís SWOT a dhéanfar i ndáil leis tosaíocht an Aontais maidir le forbairt tuaithe 'cur le hiomaíochas inmharthanacht gach cineál talmhaíochta agus feirme'.

3. Beidh tacaíocht faoin mbeart sin teoranta do na huasrátaí tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I. Féadfar na huasrátaí sin a mhéadú d'fheirmeoirí óga, d'infheistíochtaí comhchoiteanna agus do thionscadail chomhtháite a bhaineann le tacaíocht faoi níos mó ná beart amháin, d'infheistíochtaí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha suntasacha ag gabháil dóibh dá dtagraítear in Airteagal 33(3) agus d'oibríochtaí arna dtacú faoi chreat an CEN do tháirgiúlacht agus

inbhuanaitheacht talmhaíochta] i gcomhréir leis na rátaí tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an t-uasráta tacaíochta comhcheangailte a bheith os cionn 90% .

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le hinfheistíochtaí neamhtháirgiúla dá dtagraítear i mír 1(d).

*Airteagal 19*

*Acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh damáiste di de bharr tubaistí nádúrtha agus teagmhas turraingeach a athbhunú agus bearta iomchuí coisctheacha a thabhairt isteach*

1. Cuimseofar sa tacaíocht faoin mbeart seo:

   (a) infheistíochtaí i mbearta coisctheacha a bhfuil d'aidhm acu iarmhairtí tubaistí nádúrtha dóchúla agus teagmhas turraingeach a laghdú;

   (b) infheistíochtaí le haghaidh athchóiriú talamh talmhaíochta agus acmhainneacht táirgeachta a ndearnadh damáiste dóibh de bharr tubaistí nádúrtha agus teagmhas turraingeach.

2. Deonófar tacaíocht d'fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí. Féadfar tacaíocht a dheonú freisin d'eintitis phoiblí i gcás ina bhfuil nasc idir an infheistíocht a dhéanann eintitis den sórt sin agus acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta bunaithe.

3. Beidh tacaíocht faoi mhír 1(b) faoi réir aithint fhoirmiúil na n-údarás poiblí inniúil sna Ballstáit gur tharla tubaiste nádúrtha agus go raibh scrios 30 % ar laghad den acmhainneacht ábhartha talmhaíochta ina iarmhairt ar an tubaist sin nó ar bhearta arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle[32] chun galar plandaí nó foirgeacht lotnaidí a dhíothú nó rialú a dhéanamh orthu.

4. Ní dheonófar aon tacaíocht faoin mbeart seo do chaillteanas ioncaim a d'eascair ón tubaiste nádúrtha nó ón teagmhas turraingeach.

   Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaglaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais eile nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

5. Beidh tacaíocht faoi mhír 1(a) teoranta don uasráta tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I. Ní bheidh feidhm ag an uasráta sin maidir le tionscadail chomhchoiteanna ag níos mó ná tairbhí amháin.

6. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le sainiú na gcostas incháilithe faoi mbeart sin.

---

32 IO L 169, 10.7.2000, lch. 1.

*Airteagal 20*

*Forbairt feirme agus gnó*

1. Cuimseofar sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) cabhair nuathionscanta gnó dóibh seo a leanas:

(i) feirmeoirí óga;

(ii) gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe;

(iii) forbairt feirmeacha beaga;

(b) infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta.

(c) Íocaíochtaí bliantúla d'fheirmeoirí atá rannpháirteach sa scéim um fheirmeoirí beaga arna bunú faoiTheideal V de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012 ('an scéim um fheirmeoirí beaga' anseo feasta) a aistríonn a ngabháltas go buan chuig feirmeoir eile.

2. Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(a)(i) d’fheirmeoirí óga.

Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(a)(ii) d’fheirmeoirí nó do bhall de theaghlach na feirme ag éagsúlú i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta agus do mhicreafhiontair agus d’fhiontair bheaga neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe.

Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(a)(iii) d’fheirmeacha beaga arna sainiú ag na Ballstáit.

Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(b) do mhicreafhiontair agus d’fhiontair bheaga neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe agus d’fheirmeoirí nó do bhaill de theaghlach na feirme.

Deonófar tacaíocht faoi mhír 1(c) d'fheirmeoirí atá rannpháirteacah sa scéim um fheirmeoirí beaga, tráth a thíolacann siad a n-iarratais ar thacaíocht, ar feadh bliain amháin ar a laghad agus a thugann gealltanas a ngabháltas iomlán a aistriú go buan mar aon leis na teidlíochtaí íocaíochta comhfhreagracha chuig feirmeoir eile. Íocfar an tacaíocht ó dháta an aistrithe go dtí 31 Nollaig 2020.

3. Féadfar duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar bith nó grúpa daoine nádúrtha nó grúpa daoine dlítheanacha, pé stádas dlíthiúil a bhronntar ar an ngrúpa agus ar a bhaill ag an dlí náisiúnta, a mheas mar bhall de theaghlach feirme, cé is moite d’oibrithe feirme. I gcás ina meastar gur ball de theaghlach na feirme duine dlítheanach nó grúpa daoine dlítheanacha, ní mór don bhall sin gníomhaíocht talmhaíochta a fheidhmiú ar an bhfeirm tráth an iarratais ar thacaíocht.

4. Cuirfear de choinníoll ar thacaíocht faoi mhír 1(a) go gcuirtear plean gnó isteach. Ní mór cur chun feidhme an phlean gnó a thosú laistigh de shé mhí ó dháta an chinnidh lena ndeonaítear an chabhair.

Saineoidh na Ballstáit uastairsí agus íostairsí chun rochtain ar thacaíocht faoi mhíreanna 1(a)(i) agus 1(a)(iii) faoi seach a údarú do ghabháltais talmhaíochta. Beidh an íostairseach do thacaíocht faoi mhír 1(a)(i) níos airde go mór ná an uastairseach do thacaíocht faoi mhír 1(a)(iii). Beidh tacaíocht, áfach, teoranta do ghabháltais a chuimsítear sa sainmhíniú ar mhicreafhiontair agus ar fhiontair bheaga.

5. Beidh tacaíocht faoi mhír 1(a) i bhfoirm íocaíochta ar ráta comhréidh, a fhéadfar a íoc in dhá thráthchuid ar a laghad thar thréimhse cúig bliana ar a mhéad. Féadfaidh tráthchodanna a bheith ar bhonn céimlaghdaitheach. Cuirfear de choinníoll ar íocaíocht na tráthchoda deiridh, faoi mhír 1(a)(i) agus (ii), go cuirtear an plean gnó chun feidhme i gceart.

6. Tá an uas-suim tacaíochta do mhír 1(a) leagtha síos in Iarscríbhinn I. Saineoidh na Ballstáit an líon tacaíochta faoi mhír 1(a)(i) agus (ii) agus cás socheacnamaíoch limistéar an chláir á chur san áireamh.

7. Beidh an tacaíocht faoi mhír 1(c) comhionann le 120 % den íocaíocht bhliantúil a bhfuair an tairbhí faoin scéim um fheirmeoirí beaga.

8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis an méid ábhair is lú a nglacfar leis i bpleananna gnó agus na critéir atá le húsáid ag na Ballstáit chun na tairseacha dá dtagraítear i mír 4 a shocrú.

*Airteagal 21*

*Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhaile i limistéir thuaithe*

1. Cumhdófar go háirithe sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) bunú agus tabhairt cothrom le dáta pleananna d’fhorbairt bardas agus a seirbhísí bunúsacha agus pleananna cosanta agus bainistíochta a bhaineann le láithreáin NATURA 2000 agus le háiteanna eile a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra acu;

(b) infheistíochtaí i gcruthú, i bhfeabhsú nó i bhfairsingiú gach cineáil bonneagair ar mhionscála, lena n-áirítear infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite;

(c) bonneagar leathanbhanda, lena n-áirítear a chruthú, a fheabhsú agus a fhairsingiú, bonneagar éighníomhach leathanbhanda agus soláthar rochtana ar réitigh leathanbhanda agus ríomhsheirbhísí poiblí an rialtais;

(d) infheistíochtaí i mbunú, i bhfeabhsú nó i bhfairsingiú seirbhísí bunúsacha áitiúla don daonra tuaithe, lena n-áirítear fóillíocht agus cultúr agus an bonneagar lena mbaineann;

(e) infheistíochtaí comhlachtaí poiblí i mbonneagar áineasa, i bhfaisnéis do thurasóirí agus i gcomharthaíocht ar láithreáin turasóireachta;

(f) staidéir agus infheistíochtaí a bhaineann le cothabháil, le hathbhunú agus le huasghrádú oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha sráidbhailte agus tírdhreacha tuaithe, lena n-áirítear gnéithe socheacnamaíocha lena mbaineann;

(g) infheistíochtaí a dhírítear ar athlonnú gníomhaíochtaí agus athchóiriú foirgneamh nó saoráidí eile lonnaithe gar do lonnaíochtaí tuaithe, d'fhonn an cháilíocht beatha a fheabhsú nó feidhmíocht chomhshaoil na lonnaíochta a mhéadú.

2. Ní bhainfidh tacaíocht faoin mbeart seo ach le bonneagar ar mhionscála, mar a shainíonn gach Ballstát sa chlár. Mar sin féin, féadfaidh cláir forbartha tuaithe foráil a dhéanamh maidir le maoluithe sonracha ón riail seo d'infheistíochtaí i leathanbhanda agus i bhfuinneamh in-athnuaite. Sa chás seo, cuirfear critéir shoiléire a áirithíonn comhlántacht le tacaíocht faoi ionstraimí eile an Aontais ar fáil.

3. Beidh infheistíochtaí faoi mhír 1 incháilithe le haghaidh tacaíochta i gcás ina gcuirfear na hoibríochtaí ábhartha chun feidhme i gcomhréir le pleananna d'fhorbairt na mbardas agus a seirbhísí bunúsacha, i gcás ina bhfuil na pleananna sin ann agus beidh siad comhsheasmhach le haon straitéis forbartha áitiúla sa chás gur ann do cheann.

4. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le sainmhíniú na gcineálacha bonneagar fuinnimh in-athnuaite a bheidh incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin mbeart seo.

*Airteagal 22*

*Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus i bhfeabhsú inmharthanacht na bhforaoisí*

1. Bainfidh an tacaíocht faoin mbeart seo leis na nithe seo a leanas:

(a) foraoisiú agus cruthú coillearnaí;

(b) bunú córas agrafhoraoiseachta;

(c) damáiste d'fhoraoisí de bharr dóiteán foraoise agus tubaistí nádúrtha a chosc agus a n-athchóiriú, lena n-áirítear ráig de lotnaidí agus de ghalair, teagmhais thurraingeacha agus bagairtí a bhaineann leis an aeráid;

(d) infheistíochtaí a fheabhsaíonn athléimneacht agus luach comhshaoil chomh maith le hacmhainneacht maolaithe na n-éiceachóras foraoise;

(e) infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil agus i margaíocht táirgí foraoise.

2. Ní bheidh feidhm ag teorainneacha ar úinéireacht foraoisí dá bhforáiltear in Airteagail 36 go 40 maidir le foraoisí trópaiceacha nó fothrópaiceacha agus leis na

limistéir faoi chrainn i gcríocha na nAsór, Mhaidéara, na nOileán Canárach, na n-oileán Aeigéach is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93[33] ón gComhairle an 19 Iúil 1993 agus ranna thar lear na Fraince.

I gcás gabháltais thar mhéid áirithe, a chinnfidh na Ballstáit sa chlár, tabharfar tacaíocht ar choinníoll go gcuirfear plean bainistíochta foraoise isteach nó ionstraim chomhionann atá ag luí le bainistíocht inbhuanaithe foraoisí mar atá sainithe ag an gComhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993[34] ('bainistiú inbhuanaithe foraoisí' anseo feasta).

3. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na dálaí do bhunú tarlú tubaiste nádúrtha nó ráig lotnaide nó galar, agus sainmhíniú ar chineálacha incháilithe beart coisctheach.

*Airteagal 23*

*Foraoisiú agus cruthú coillearnaí*

1. Deonófrar tacaíocht faoi Airteagal 22(1) d'úinéirí talún príobháidí agus do thionóntaí, do bhardais agus dá gcomhlachais agus cumhdófar ann costais bunaithe agus préimh bhliantúil in aghaidh an heicteáir chun costais cothabhála a chumhdach, lena n-airítear glantachán luath agus deireanach, ar feadh uastréimhse deich mbliana.

2. Beidh talamh talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta araon incháilithe. Oiriúnófar speicis a chuirtear do dhálaí comhshaoil agus aeráide an limistéir agus comhlíonfaidh siad na híoscheanglais maidir leis an gcomhshaol. Ní dheonófar aon tacaíocht do chur barrscoite gearruainíochta, do chrainn Nollag ná do chrainn a fhásann go tapa do tháirgeadh fuinnimh. I limistéir ina bhfuil foraoisiú deacair de bharr diandálaí peidichlíomacha féadfar tacaíocht a thabhairt do chur speiceas eile ilbhliantúil adhmadach amhail toir nó sceacha a oireann do na dálaí áitiúla.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 i ndáil leis na h-íoscheanglais maidir leis an gcomhshaol dá dtagraítear i mír 2 a shainiú

*Airteagal 24*

*Córais agrafhoraoiseachta a bhunú*

1. Deonófar tacaíocht faoi Airteagal 22(1)(b) d'úinéirí talún príobháidí agus do thionóntaí, do bhardais agus dá gcomhlachais agus cumhdófar ann costais bunaithe

---

33 IO L 184, 27.7.1993, lch. 1.

34 An Dara Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip, 16-17 Meitheamh 1993. Heilsincí/an Fhionlainn, 'Rún H1 – Treoirlínte Ginearálta maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Foraoisí san Eoraip'.

agus préimh bhliantúil in aghaidh an heicteáir chun costais cothabhála a chumhdach ar feadh uastréimhse trí bliana.

2. Ciallóidh "córais agrafhoraoiseachta" córais úsáide talún ina bhfástar crainn i gcomhar le talmhaíocht fhairsing ar an talamh céanna. Cinnfidh na Ballstáit an t-uaslíon crann le cur in aghaidh an heicteáir ag cur dálaí áitiúla peidichlíomacha, speicis foraoiseachta agus an gá úsáid talmhaíochta na talún a áirithiú san áireamh.

3. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 25*

*Cosc agus athshlánú damáiste d'fhoraoisí de bharr dóiteán foraoise agus tubaistí nádúrtha agus teagmhas turraingeach*

1. Deonófar tacaíocht faoi Airteagal 22(1)(c) d'úinéirí foraoise príobháidí, leathphoiblí agus poiblí, do bhardais, d'fhoraoisí stáit agus dá gcomhlachais agus cumhdófar ann na costais do na nithe seo a leanas:

(a) bunú bonneagair chosanta. I gcás tóitbhearnaí, féadfaidh an tacaíocht cabhair a chuireann le costais chothabhála a chumhdach freisin. Ní dheonófar aon tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht i limistéir a chumhdaítear le ceanglais agra-chomhshaol;

(b) bearta coisctheacha áitiúla, ar mhionscála in aghaidh dóiteáin nó guaiseacha nádúrtha eile;

(c) trealamh cumarsáide agus áiseanna faireacháin ar dhóiteán foraoise, ar lotnaidí agus ar ghalair a bhunú agus a fheabhsú;

(d) acmhainneacht foraoise a ndearnadh dochar di de bharr dóiteán agus tubaistí nádúrtha eile a athchóiriú, lena n-áirítear lotnaidí, galair agus teagmhais thurraingeacha agus teagmhais a bhaineann le hathrú aeráide.

2. I gcás bearta coisctheacha a bhaineann le lotnaidí agus le galair, caithfear tacú leis an riosca go dtarlóidh tubaiste ábhartha trí fhianaise eolaíoch agus caithfidh eagraíochtaí poiblí eolaíochta tacú leis. Nuair is ábhartha, caithfear an liosta de speicis orgánach a dhéanann díobháil do phlandaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tubaiste a chur sa chlár.

Beidh oibríochtaí incháilithe comhsheasmhach leis an bplean um chosaint foraoisí arna bhunú ag na Ballstáit. I gcás gabháltais thar mhéid áirithe, a chinnfidh na Ballstáit sa chlár, cuirfear de choinníoll ar thacaíocht go gcuirfear plean bainistíochta foraoise isteach ina mionsonraítear na cuspóirí coisctheacha.

Beidh limistéir foraoise atá aicmithe mar riosca meánach go hard do dhóiteán foraoise de réir an phlean um chosaint foraoise arna bhunú ag Ballstáit incháilithe le haghaidh tacaíocht a bhaineann le cosc dóiteán foraoise.

3. Beidh tacaíocht faoi mhír 1(d) faoi réir aithint fhoirmiúil na n-údarás poiblí inniúil sna Ballstáit inar tharla tubaiste nádúrtha agus go raibh scrios 30 % ar laghad den acmhainneacht ábhartha talmhaíochta ina iarmhairt ar an tubaist seo nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE chun galar plandaí nó foirgeacht lotnaidí a dhíothú nó rialú a dhéanamh orthu. Cinnfear an céatadán seo ar bhonn na meánacmhainneachta foraoise atá ann cheana sa tréimhse trí bliana díreach roimh an tubaiste nó ar an meán sa tréimhse cúig bliana díreach roimh an tubaiste, gan an iontráil is airde ná is ísle san áireamh.

4. Ní dheonófar aon tacaíocht faoin mbeart seo do chaillteanas ioncaim a d'eascair ón tubaiste nádúrtha.

Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaglaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais eile nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

*Airteagal 26*

*Infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear solúbthacht agus luach comhshaol éiceachóras foraoise*

1. Deonófar tacaíocht faoi Airteagal 22(1)(d) do dhaoine nádúrtha, d'úinéirí foraoise príobháidí, do chomhlachtaí leathphoiblí agus dlí príobháideacha, do bhardais agus dá gcomhlachais. I gcás foraoisí stáit, féadfar tacaíocht a dheonú freisin do chomhlachtaí a bhainistíonn foraoisí den sórt sin, atá neamhspleách ar bhuiséad an stáit.

2. Díreofar infheistíochtaí ar bhaint amach gealltanas arna ndéanamh chun críoch comhshaoil nó seirbhísí éiceachórais a sholáthar agus/nó a chuireann le luach taitneamhachta poiblí foraoise agus limistéir faoi chrainn sa limistéar lena mbaineann, nó acmhainneacht eiceachóras maidir le maolú ar an athrú aeráide a fheabhsú, gan sochair eacnamaíocha a eisiamh go fadtéarmach.

*Airteagal 27*

*Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil agus i margaíocht táirgí foraoiseachta*

1. Deonófar tacaíocht faoi Airteagal 22(1)(e) d'úinéirí foraoise príobháidí, do bhardais agus dá gcomhlachais agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide d'infheistíochtaí a chuireann le hacmhainneacht foraoiseachta nó a bhaineann le próiseáil agus le margaíocht lena gcuirtear le luach táirgí foraoiseachta. I gcríocha na nAsór, na nOileán Canárach, na n-oileán Aeigéach is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93 agus na ranna Francacha thar lear, féadfar tacaíocht a thabhairt d'fhiontair nach fiontair bheaga ná fiontair mheánmhéide iad.

2. Beidh infheistíochtaí a bhaineann le feabhsú luach eacnamaíoch na bhforaoisí ar leibhéal an ghabháltais foraoise agus féadfaidh siad infheistíochtaí in innealra

buainte agus i gcleachtais atá neamhdhíobhálach don ithir agus d'acmhainní a áireamh.

3. Beidh infheistíochtaí a bhaineann le húsáid adhmaid mar amhábhar nó mar fhoinse fuinnimh teoranta don uile oibríochtaí oibre roimh phróiseáil thionsclaíoch.

4. Beidh an tacaíocht teoranta do na huasrátaí tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 28*

*Slabhraí soláthair gairide:*

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo chun bunú grúpaí táirgeoirí a éascú in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta chun na críocha seo a leanas:

(a) táirgeacht agus aschur táirgeoirí ar baill iad de ghrúpaí den sórt sin a oiriúnú do riachtanais an mhargaidh;

(b) earraí a chur sa mhargadh go comhpháirteach, lena n-áirítear ullmhúchán do dhíolachán, lárú díolacháin agus soláthar do bhulc-cheannaitheoirí;

(c) comhrialacha a bhunú ar fhaisnéis táirgthe, agus aird áirithe ar bhuaint agus ar infhaighteacht; agus

(d) gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh grúpaí táirgeoirí a dhéanamh, amhail forbairt scileanna gnó agus margaíochta agus eagrú agus éascú próiseas nuálaíochta.

2. Deonófar tacaíocht do ghrúpaí táirgeoirí a aithníonn údarás inniúil an Bhallstáit go hoifigiúil iad ar bhonn plean gnó. Beidh sé teoranta do ghrúpaí táirgeoirí atá de réir shainmhíniú na FBManna.

Fíoróidh na Ballstáit gur baineadh amach cuspóirí an phlean gnó laistigh de chúig bliana ó aithint an ghrúpa táirgeoirí.

3. Íocfar an tacaíocht mar chabhair ráta chomhréidh i dtráthchodanna bliantúla do na chéad chúig bliana tar éis an dáta ar aithníodh an grúpa táirgeoirí ar bhonn a phlean gnó. Ríomhfar í ar bhonn táirgeachta bliantúla arna margú ag an ngrúpa. Ní íocfaidh na Ballstáit an tráthchuid dheireanach ach tar éis cur chun feidhme ceart an phlean gnó a fhíorú.

Sa chéad bhliain, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a íoc leis an ngrúpa táirgeoirí arna ríomh ar bhonn meánluach bliantúil na táirgeachta arna margú ag a bhaill thar na trí bliana sula ndeachaigh siad isteach sa ghrúpa. I gcás grúpaí táirgeoirí in earnáil na foraoiseachta, féadfar an tacaíocht a ríomh ar bhonn meántáirgeachta arna margú ag baill an ghrúpa thar na cúig bliana roimh an aithint, gan an luach is airde ná is ísle san áireamh.

4. Beidh an tacaíocht teoranta do na huasrátaí agus na huasmhéideanna atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 29*

*Agra-chomhshaoil-aeráide*

1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht faoin mbeart seo ar fáil ar fud a gcríoch, i gcomhréir lena riachtanais agus lena dtosaíochtaí sonracha náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla. Beidh cuimsiú an bhirt seo i gcláir forbartha tuaithe éigeantach.

2. Deonófar íocaíochtaí agra-comhshaoil-aeráide d'fheirmeoirí, do ghrúpaí feirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí agus bainisteoirí eile talún a ghabhfaidh orthu féin, ar bhonn deonach, oibríochtaí a dheanamh, arb ionann iad agus gealltanas agra-comhshaoil-aeráide amháin nó níos mó ar thalamh talmhaíochta. Nuair atá údar cuí leis chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, féadfar íocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide a dheonú do bhainisteoirí eile talún nó do ghrúpaí de bhainisteoirí eile talún.

3. Ní chumhdóidh íocaíochtaí comhshaoil talmhaíochta ach na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha a bhunaítear de bhun Chaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 agus oibleagáidí ábhartha eile a bhunaítear faoi Chaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (AE) DP/2012, íoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí mar aon le ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú le reachtaíocht náisiúnta. Aithneofar na ceanglais shainordaitheacha uile den sórt sin seo sa chlár.

4. Féachfaidh na Ballstáit leis an eolas agus leis an bhfaisnéis a theastaíonn chun oibríochtaí faoin mbeart sin a chur chun feidhme a chur ar fáil do dhaoine ag tabhairt fúthu lena n-áirítear trí chomhairle na saineolaithe a bhaineann leis an gceanglas agus/nó trí thacaíocht faoin mbeart seo a bheith coinníollach ar oiliúint ábhartha.

5. Tabharfar faoi ghealltanais faoin mbeart seo ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Mar sin féin, más gá chun na sochair chomhshaoil a lorgaítear a bhaint amach nó a chothabháil, féadfaidh Ballstáit tréimhse níos faide a chinneadh ina gcláir forbartha tuaithe le haghaidh cineálacha áirithe gealltanas, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir lena bhfadú bliantúil tar éis fhoirceannadh na tréimhse tosaigh.

6. Deonófar na híocaíochtaí go bliantúil agus tabharfaidh siad cúiteamh do na tairbhithe as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar na ceanglais a rinneadh, nó cuid díobh. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas go luach 20 % den phréimh a íocadh as na gealltanais agra-comhshaoil-aeráide. I gcás go dtugann grúpa feirmeoirí faoi ghealltanais, is é 30 % an t-uasleibhéal a bheidh ann.

7. I gcás ina dteastaíonn sé chun cur i bhfeidhm éifeachtach an bhirt a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(3) do roghnú tairbhithe.

8. Beidh an tacaíocht teoranta do na híosmhéideanna atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

Ní fhéadfar aon tacaíocht faoin mbeart seo a dheonú do ghealltanais atá cumhdaithe faoin mbeart feirmeoireachta orgánaí.

9. Féadfar tacaíocht a thabhairt do chaomhnú acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht i gcás oibríochtaí nach gcumhdaítear leis na forálacha faoi mhír 1 go 8.

10. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le fadú bliantúil na ngealltanas tar éis thréimhse tosaigh na hoibríochta, dálaí is infheidhme maidir le gealltanais chun fairsingiú a dhéanamh, nó bainistiú de chineál eile a dhéanamh ar fheirmeoireachta beostoic, teorainneacha a chur le leasacháin, le táirgí cosanta plandaí nó le hionchur eile, pórtha áitiúla a thógáil a bhfuil an baol ann go gcaillfear don fheirmeoireacht iad nó acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú mar aon leis an sainmhíniú lena mbaineann d'oibríochtaí incháilithe faoi mhír 9.

*Airteagal 30*

*Feirmeoireacht Orgánach*

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo, in aghaidh an heicteáir UAA d'fheirmeoirí nó do ghrúpaí feirmeoirí a dhéanfaidh, ar bhonn deonach, modhanna agus cleachtais feirmeoireachta orgánaí a chothabháil nó aistriú chuici a ghabháil ar láimh mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[35].

2. Ní dheonófar tacaíocht ach do ghealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha a bhunaítear de bhun Chaibidil 1 de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012, íoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí mar aon le ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú le reachtaíocht náisiúnta. Sainaithneofar na ceanglais uile den sórt sin sa chlár.

3. Tabharfar faoi ghealltanais faoin mbeart seo ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. I gcás ina ndeonaítear tacaíocht do chothabháil feirmeoireachta orgánaí, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina gcláir forbartha tuaithe fadú bliantúil tar éis fhoirceannadh na tréimhse tosaigh.

4. Deonófar na híocaíochtaí go bliantúil agus tabharfaidh siad cúiteamh do na tairbhithe as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar na ceanglais a rinneadh, nó as cuid díobh. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas go luach 20 % den phréimh a íocadh as an ngealltanas. I gcás go dtugann grúpa feirmeoirí faoi ghealltanais, is é 30 % an t-uasleibhéal a bheidh ann.

5. Beidh an tacaíocht teoranta do na híosmhéideanna atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

---

[35] IO L 189, 20.7.2007, lch 1.

*Airteagal 31*

*Íocaíochtaí Natura 2000 agus na Creat-Treorach Uisce*

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart sin go bliantúil agus in aghaidh an heicteáir limistéar talmhaíochta arna úsáid nó in aghaidh an heicteáir foraoise chun cúiteamh a íoc le tairbhithe as costais thabhaithe agus ioncam ligthe thar ceal de bharr míbhuntáistí sna limistéir lena mbaineann, a bhaineann le cur chun feidhme na dTreoracha 2009/147/CE, 92/43/CEE agus 2000/60/CE.

2. Deonófar tacaíocht d'fheirmeoirí agus d'úinéirí foraoise príobháidí agus do chomhlachais úinéirí foraoise faoi seach. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar í a dheonú ar bhainisteoirí eile talún freisin.

3. Ní dheonófar tacaíocht d'fheirmeoirí, nasctha le Treoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE , ach i ndáil le míbhuntáistí a d'eascair ó cheangaltais a théann thar an dáil mhaith talmhaíochta agus comhshaoil dá bhforáiltear in Airteagal 94 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 ón gComhairle.

4. Ní dheonófar tacaíocht d'fheirmeoirí, nasctha le Treoir 2000/60/CE, ach i ndáil leis an méid seo a leanas:

   (a) ceanglais shonracha a tugadh isteach le Treoir 2000/60/CE, atá i gcomhréir leis na cláir beart do phleananna bainistíochta abhantracha chun críche cuspóirí comhshaoil na Treorach sin a bhaint amach agus a théann thar na bearta a theastaíonn chun reachtaíocht eile an Aontais a chur chun feidhme do chosaint an uisce;

   (b) ceanglais shonracha a théann thar na ceanglais reachtúla bainistíochta agus an dáil mhaith talmhaíochta agus comhshaoil dá bhforáiltear i gCaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. HR/xxxx agus na hoibleagáidí a bunaíodh faoi Chaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. DP/xxxx;

   (c) ceanglais shonracha a théann thar an leibhéal cosanta i reachtaíocht an Aontais a bhí ann tráth ar glacadh Treoir 2000/60/CE mar atá leagtha síos in Airteagal 4(9) de Threoir 2000/60/CE; agus

   (d) ceanglais shonracha a fhorchuireann mórathruithe ar chineál úsáide talún, agus/nó mórshrianta ar chleachtais feirmeoireachta a bhfuil caillteanas suntasach ioncaim de thoradh air.

5. Sainaithneofar na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 sa chlár.

6. Beidh na limistéir seo a leanas incháilithe d'íocaíochtaí:

   (a) limistéir talmhaíochta agus foraoiseachta Natura 2000 arna n-ainmniú de bhun Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE;

   (b) limistéir cosanta dúlra eile arna dteorannú ina bhfuil srianta comhshaoil atá infheidhme maidir le feirmeoireacht agus le foraoisí agus a chuidíonn le cur chun feidhme Airteagal 10 de Threoir 92/43/CEE. Ní sháróidh na limistéir

seo, de réir an chláir forbartha tuaithe, 5 % de limistéir ainmnithe Natura 2000 a chumhdaítear ina raon feidhme críochach.

(c) limistéir talmhaíochta a áirítear i bpleananna bainistíochta abhantrach de réir Threoir 2000/60/CE.

7. Beidh an tacaíocht teoranta do na híosmhéideanna atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 32*

*Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag gabháil dóibh*

1. Deonófar íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir sléibhe nó i limistéir eile a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag gabháil dóibh go bliantúil in aghaidh an heicteáir limistéar talmhaíochta arna úsáid chun cúiteamh a íoc le feirmeoirí as costais bhreise agus ioncam ligthe thar ceal a bhaineann leis na srianta do tháirgeacht talmhaíochta sa limistéar lena mbaineann.

Ríomhfar costais bhreise agus ioncam ligthe thar ceal i gcomparáid le limistéir nach bhfuil srianta nádúrtha ná srianta eile sonracha ag gabháil dóibh, ag cur íocaíochtaí de bhun Chaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012 san áireamh.

2. Deonófar íocaíochtaí d'fheirmeoirí a dhéanfaidh a ngníomhaíocht feirmeoireachta i limistéir ainmnithe de bhun Airteagal 33 a ghabháil ar láimh.

3. Beidh íocaíochtaí seasta idir an t-íosmhéid agus an t-uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

4. Forálfaidh na Ballstáit do chéimlaghdaitheacht na n-íocaíochtaí thar leibhéal tairsí limistéir in aghaidh an ghabháltais, atá le sainmhíniú sa chlár.

5. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin mbeart seo idir 2014 agus 2017 d'fheirmeoirí i limistéir a bhí incháilithe faoi Airteagal 36(a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 le linn na tréimhse cláraithe 2007-2013 ach nach bhfuil incháilithe níos mó i ndiaidh an teorannaithe nua dá dtagraítear in Airteagal 33(3). Beidh na híocaíochtaí sin céimlaghdaitheach ag tosú in 2014 ag 80 % den íocaíocht a fuarthas in 2013 agus ag críochnú in 2017 ag 20 % .

6. I mBallstáit nach bhfuil an teorannú dá dtagraítear in Airteagal 33(3) curtha i gcrích acu roimh an 1 Eanáir 2014, beidh feidhm ag mír 5 maidir le feirmeoirí a fhaigheann íocaíochtaí i limistéir a bhí incháilithe d'íocaíochtaí den sórt sin le linn na tréimhse 2007-2013. Tar éis chur i gcrích an teorannaithe, gheobhaidh feirmeoirí i limistéir atá incháilithe go fóill íocaíochtaí iomlána faoin mbeart seo. Leanfaidh feirmeoirí i limistéir nach bhfuil incháilithe níos mó d'íocaíochtaí a fháil i gcomhréir le mír 5.

*Airteagal 33*

*Ainmniúchán limistéar a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag gabháil dóibh*

1. Ainmneoidh na Ballstáit, ar bhonn mhíreanna 2, 3 agus 4, limistéir incháilithe d'íocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 32 faoi na catagóirí seo a leanas:

(a) limistéir sléibhe;

(b) limistéir, seachas limistéir sléibhe, a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha ag bagairt orthu; agus

(c) limistéir eile a bhfuil tionchar ag srianta sonracha orthu;

2. Chun a bheith incháilithe d'íocaíochtaí faoi Airteagal 32, déanfar limistéir sléibhe a shaintréithriú trí shrian suntasach a chur leis na féidearthachtaí chun an talamh a úsáid agus trí mhórmhéadú ar chostais táirgeachta i ngeall ar na nithe seo a leanas:

(a) dálaí aeráide thar a bheith deacair, mar gheall ar airde, a bhfuil mar éifeacht orthu an séasúr saothraithe a ghiorrú go substaintiúil.

(b) ag airde níos ísle, láithreacht thar chuid mhór den limistéar i dtrácht d'fhánaí atá róghéar d'úsáid innealra nó a bhfuil gá le húsáid trealaimh speisialta an-chostasach mar gheall orthu, nó teaglaim den dá fhachtóir sin, i gcás nach bhfuil na srianta a eascraíonn ón dá cheann ar leith chomh géar sin ach go n-eascraíonn srianta cothroma ó theaglaim an dá fhachtóir.

Measfar limistéir ó thuaidh den 62ú líne dhomhanleithid agus limistéir áirithe chóngaracha mar limistéir sléibhe.

3. D'fhonn a bheith incháilithe d'íocaíochtaí faoi Airteagal 32, measfar limistéir, seachas limistéir sléibhe, mar limistéir a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha ag bagairt orthu má chomhlíonann 66 % ar a laghad den limistéar talmhaíochta arna úsáid ceann amháin ar a laghad de na critéir atá liostaithe in Iarscríbhinn II ar an luach tairsí léirithe. Áiritheofar urramú an choinníoll seo ar leibhéal iomchuí na n-aonad riaracháin áitiúil (leibhéal LAU 2').

Nuair atá teorannú á dhéanamh ar na limistéir lena mbaineann an mhír seo, tabharfaidh na Ballstáit faoi chleachtadh mionchoigeartaithe, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus é mar chuspóir limistéir a chur as an áireamh inar tuairiscíodh srianta suntasacha nádúrtha i gcomhréir leis an gcéad fhomhír ach gur sháraigh infheistíochtaí nó gníomhaíocht eacnamaíoch iad.

4. Beidh limistéir seachas iad siúd dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 incháilithe d'íocaíochtaí faoi Airteagal 32 má tá tionchar ag srianta sonracha orthu agus i gcás gur cheart leanúint ar aghaidh le bainistíocht talún chun an comhshaol a chaomhnú nó a fheabhsú, an tuath a chothabháil agus acmhainneacht turasóireachta an limistéir a chaomhnú nó chun an t-imeallbhord a chosaint.

Beidh limistéir a bhfuil tionchar ag srianta sonracha orthu comhdhéanta de limistéir feirmeoireachta atá aonchineálach ó thaobh dálaí cosanta nádúrtha de agus ní sháróidh a raon iomlán 10 % d'achar an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Ceanglóidh Ballstáit lena gcláir forbartha tuaithe:

(a) an teorannú reatha nó leasaithe de bhun mhíreanna 2 agus 4;

(b) teorannú nua na limistéar dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 34*

*Leas ainmhithe*

1. Bronnfar íocaíochtaí leasa ainmhithe faoin mbeart seo ar fheirmeoirí a ghabhann ar láimh, ar bhonn deonach, oibríochtaí a dhéanamh arb ionann iad agus gealltanas amháin nó níos mó maidir le leas ainmhithe.

2. Ní chumhdóidh íocaíochtaí leasa ainmhithe ach na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha a bhunaítear de bhun Chaibidil 1 de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 agus ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú le reachtaíocht náisiúnta. Aithneofar na ceanglais ábhartha seo sa chlár.

Tabharfar faoi na gealltanais sin ar feadh tréimhse inathnuaite de bhliain amháin.

3. Deonófar na híocaíochtaí bunaithe ar achar nó ar chostais aonaid eile go bliantúil agus tabharfaidh siad cúiteamh d'fheirmeoirí as an uile chostas breise agus as ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar an gceanglas arna ndéanamh, nó as cuid díobh. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas go luach 20 % den phréimh a íocadh as na gealltanais maidir le leas ainmhithe.

Beidh an tacaíocht teoranta don íosmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

4. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na limistéir ina dtabharfaidh gealltanais maidir le leas ainmhithe caighdeáin uasghrádaithe ó thaobh modhanna táirgthe de.

*Airteagal 35*

*Seirbhísí comhshaoil foraoise agus caomhnú foraoise*

1. Deonófar tacaíocht faoin mbeart seo in aghaidh an heicteáir foraoise, ar shealbhóirí foraoise, ar bhardais agus ar na cumainn atá acu a ghabhann ar láimh, ar bhonn deonach, oibríochtaí arb ionann iad agus gealltanas amháin nó níos mó maidir leis an gcomhshaol foraoise. Féadfaidh comhlachtaí a dhéanann bainistíocht ar fhoraoisí atá faoi úinéireacht an stáit leas a bhaint as an tacaíocht freisin ar chuntar go bhfuil siad neamhspleách ó bhuiséad an stáit.

I gcás gabháltais thar mhéid áirithe, a chinnfidh na Ballstáit ina gcláir forbartha tuaithe, tabharfar tacaíocht faoi mhír 1 ar choinníoll go gcuirfear plean bainistíochta foraoise isteach nó ionstraim chomhionann atá ag luí le bainistíocht inbhuanaithe foraoisí.

2. Ní chumhdóidh íocaíochtaí leasa ainmhithe ach na gealltanais a théann thar na caighdeáin shainordaitheacha ábhartha arna mbunú leis an acht foraoiseachta náisiúnta nó le reachtaíocht náisiúnta ábhartha eile. Sainaithneofar na ceanglais uile den sórt sin sa chlár.

Tabharfar faoi na gealltanais ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Féadfaidh Ballstáit tréimhse níos faide a shocrú ina gcláir forbartha tuaithe le haghaidh cineálacha áirithe gealltanas nuair is gá agus nuair atá údar cuí leis, áfach.

3. Tabharfaidh na híocaíochtaí cúiteamh do na tairbhithe as an uile chostas breise agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh ar na gealltanais a rinneadh, nó as cuid díobh. Más gá, féadfaidh siad costais na n-idirbheart a chumhdach suas le luach 20 % den phréimh a íocadh as na gealltanais comhshaoil foraoise. Beidh an tacaíocht teoranta don uasmhéid atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

4. Féadfar tacaíocht a sholáthar d’aonáin phríobháideacha, do bhardais agus do na cumainn atá acu as acmhainní géiniteacha foraoise a chaomhnú agus a chur chun cinn le haghaidh oibríochtaí nach gclúdaítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3.

5. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na cineálacha oibríochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi mhír 4.

*Airteagal 36*

*Comhar*

1. Cuirfidh tacaíocht faoin mbeart seo cineálacha comhair chun cinn a bhfuil baint ag dhá eintiteas ar a laghad leo agus go háirithe:

(a) cineálacha cur chuige comhair i measc gníomhaithe difriúla i slabhra talrmhaíochta agus bia an Aontais, san earnáil foraoiseachta agus i measc gníomhaithe eile a rannchuidíonn chun cuspóirí agus tosaíochtaí an bheartais forbartha tuaithe a bhaint amach, lena n-áirítear eagraíochtaí idirchraoibhe;

(b) braislí agus gréasáin a chruthú;

**(c)** grúpaí oibriúcháin de chuid an CEN i gcomhair táirgiúlachta agus inbhuanaitheachta talmhaíochta dá dtagraítear dóibh in Airteagal 62 a bhunú agus a oibriú.

2. Bainfidh an comhar faoi mhír 1 go háirithe leo seo a leanas:

(a) treoirthionscadail;

(b) táirgí, cleachtais, próisis agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt in earnálacha na talmhaíochta, an bhia agus na foraoiseachta;

(c) comhar i measc oibreoirí beaga maidir le comhphróisis oibre a eagrú agus áiseanna agus acmhainní a chomhroinnt;

(d) comhar cothrománach agus ingearach i measc gníomhaithe sa slabhra bia chun ardáin lóistíochta a bhunú chun slabhraí soláthair gearra agus margaí áitiúla a chur chun cinn;

(e) gníomhaíochtaí cur chun cinn i gcomhthéacs áitiúil a bhaineann le slabhraí soláthair gearra agus margaí áitiúla a fhorbairt;

(f) gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéantar d'fhonn an t-athrú aeráide a mhaolú nó oiriúnú don athrú sin;

(g) cineálacha cur chuige comhchoiteann i leith tionscadal comhshaoil agus cleachtas comhshaoil leanúnach;

(h) comhar cothrómánach agus ingearach i measc gníomhaithe sa slabhra soláthair i dtáirgeadh inbhuanaithe bithmhaise le húsáid i mbia, i dtáirgeadh fuinnimh agus i bpróisis thionsclaíocha;

(i) straitéisí forbartha áitiúla a théann i ngleic le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a chur chun feidhme, go háirithe ag comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí seachas na cinn sin a shainítear in Airteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. CCS/2012;

(j) pleananna bainistíochta foraoise nó ionstraimí coibhéiseacha a tharraingt suas.

3. Ní dheonófar tacaíocht faoi mhír 1(b) ach ar bhraislí agus ar ghréasáin nuabhunaithe agus orthusan faoina mbunaítear gníomhaíocht nua.

Féadfar tacaíocht le haghaidh oibríochtaí faoi mhír 2(b) a dheonú freisin ar ghníomhaithe aonair sa chás ina ndéantar foráil don fhéidearthacht seo sa chlár forbartha tuaithe.

4. Scaipfear na torthaí ó threoirthionscadail agus ó oibríochtaí le gníomhaithe aonair faoi mhír 2(b).

5. Beidh na costais seo a leanas, atá nasctha leis na cineálacha comhair dá dtagraítear i mír 1, incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin mbeart seo:

(a) staidéir ar an limistéar lena mbaineann, staidéir indéantachta, agus costais maidir le plean gnó, nó plean bainistíochta foraoise nó a choibhéis nó straitéis forbartha áitiúil a chur i dtoll a chéile, seachas an ceann dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012];

(b) beochan an limistéir lena mbaineann ionas go mbeadh tionscadal críche comhchoiteann indéanta. I gcás braislí, d'fhéadfadh eagrú oiliúna, líonrú i measc na mball agus baill nua a earcú a bheith i gceist le beochan freisin;

(c) costais reatha an chomhair;

(d) costais dhíreacha tionscadal sonrach a bhfuil baint acu le plean gnó, straitéis forbartha áitiúil seachas an ceann dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012, nó gníomh atá dírithe ar nuálaíocht, a chur chun feidhme;

(e) costais na ngníomhaíochtaí cur chun cinn.

6. I gcás ina gcuirtear plean gnó nó plean bainistíochta foraoise nó a choibhéis nó straitéis forbartha chun feidhme, féadfaidh Ballstáit an chabhair a dheonú mar shuim uilíoch a chumhdóidh costais an chomhair agus costais na dtionscadal a chuirtear chun feidhme, é sin nó suim a chumhdóidh costais an chomhair amháin agus úsáidfidh Ballstáit cistí ó bhearta eile nó ó Chistí eile an Aontais le haghaidh cur chun feidhme na dtionscadal.

7. Beidh comhar i measc gníomhaithe atá lonnaithe i réigiúin nó i mBallstáit dhifriúla incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin.

8. Beidh an tacaíocht teoranta d’uastréimhse seacht mbliana seachas le haghaidh gníomhartha comhchoitinne comhshaoil i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

9. Féadfar an comhar faoin mbeart seo a chur le chéile le tionscadail a bhfuil tacaíocht acu ó chistí an Aontais seachas ón CETFT sa chríoch céanna. Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaglaim den bheart seo agus d’ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais.

10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le tuilleadh sonraíochta ar shaintréithe na dtreoirthionscdal, na mbraislí, na ngréasán, na slabhraí soláthair gairide agus na margaí áitiúil a bheidh incháilithe chun tacaíocht a fháil, agus maidir leis na coinníollacha chun cabhair a dheonú do na cineálacha oibríochta arna liostú i mír 2 chomh maith.

*Airteagal 37*

*Bainistíocht riosca*

1. Cuimseofar sa tacaíocht faoin mbeart seo:

(a) ranníocaíochtaí airgeadais, arna n-íoc go díreach le feirmeoirí, le préimheanna le haghaidh árachas barr, ainmhithe agus plandaí i gcoinne caillteanas eacnamaíoch a tharla de dhroim teagmhas díobhálach aeráide agus galar ainmhithe nó plandaí nó foirgeacht le lotnaidí;

(b) ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha chun cúitimh airgeadais a íoc le feirmeoirí, as caillteanais eacnamaíocha a tharla de dhroim ráige de ghalair ainmhithe nó phlandaí nó teagmhais comhshaoil;

(c) uirlis cobhsaithe ioncaim, i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha, trína gcuirtear cúiteamh ar fáil d'fheirmeoirí a mbíonn titim ghéar ar a n-ioncam.

2. Chun críocha mhír 1, pointí (b) agus (c), ciallaíonn 'ciste frithpháirteach' scéim arna creidiúnú ag an Ballstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta le haghaidh feirmeoirí cleamhnaithe chun iad féin a chur faoi árachas, trína ndéantar íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí cleamhnaithe a raibh tionchar ag caillteanais eacnamaíocha orthu a tharla de dhroim ráige de galair ainmhithe nó phlandaí nó teagmhais comhshaoil nó titim ghéar a bheith ar a n-ioncam.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh ar theaglaim den bheart seo agus d'ionstraimí eile tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais nó scéimeanna árachais phríobháidigh. Déanfar tacaíocht ioncaim dhírigh a fhaightear faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú[36] ('EGF' anseo feasta) a chur san áireamh freisin nuair atá leibhéal ioncaim feirmeoirí á mheas.

4. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le híostréimhse agus le huastréimhse na n-iasachtaí tráchtála le cistí frithpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 39(3)(b) agus Airteagal 40(4).

*Airteagal 38*

*Árachas barr, ainmhithe agus plandaí*

1. Ní dheonófar tacaíocht faoi Airteagal 37(1)(a) ach le haghaidh conarthaí árachais lena gclúdaítear caillteanas a tharla de dhroim teagmhais dhíobhálaigh aeráide nó galair ainmhithe nó phlandaí nó foirgeachta le lotnaidí nó beart a glacadh i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE maidir le díothú nó rialú a dhéanamh ar ghalar plandaí nó ar fhoirgeacht le lotnaidí a scriosann níos mó ná 30 % den mheán-táirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár.

2. Ní mór d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann tarlú de theagmhas díobhálach aeráide nó ráig de ghalair ainmhithe nó phlandaí nó foirgeacht le lotnaidí a aithint go foirmiúil mar tharlú den sórt sin.

Féadfaidh na Ballstáit, nuair is iomchuí, critéir a bhunú roimh ré faoin mbunús faoina measfar go bhfuil aitheantas foirmiúil den sórt sin deonaithe.

3. Ní thabharfaidh íocaíochtaí árachais cúiteamh as níos mó ná iomlán an chostais a bhaineann leis na caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 37(1)(a) a ionadú agus ní cheanglófar leo cineál nó méid na táirgeachta amach anseo, agus ní shonróidh siad an cineál ná an méid sin.

---

[36] Rialachán (AE) Uimh. […] an […] ó Pharlaimint na hEorpa agus on gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020, IO L […], […], lch. […].

Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur le méid na préimhe atá incháilithe le haghaidh tacaíochta trí uasteorainneacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm.

4. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 39*

*Cistí frithpháirteacha le haghaidh galar ainmhithe agus plandaí agus teagmhas comhshaoil*

1. Chun a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, beidh an méid seo a leanas ag an gciste frithpháirteach lena mbaineann:

(a) creidiúnú ón údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) beartas trédhearcach i leith íocaíochtaí isteach agus aistarraingtí amach as an gciste;

(c) rialacha soiléire lena leagtar síos freagrachtaí as fiacha ar bith a thabhaítear.

2. Saineoidh na Ballstáit na rialacha maidir le comhdhéanamh agus bainistíocht na gcistí frithpháirteacha, go háirithe maidir le deonú íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí i gcás géarchéime agus maidir le riarachán agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin.

3. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 37(1)(b) ach leo seo a leanas:

(d) na costais riaracháin chun an ciste frithpháirteach a bhunú, dáilte thar trí bliana ar a mhéad ar mhodh céimlaghdaitheach;

(e) na suimeanna arna n-íoc ag an gciste frithpháirteach mar chúiteamh airgeadais le feirmeoirí. Ina theannta sin, féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais a bheith bainteach le hús ar iasachtaí tráchtála a thógann an ciste frithpháirteach amach ar mhaithe le cúiteamh airgeadais a íoc le feirmeoirí i gcás géarchéime.

Ní dhéanfar ranníocaíocht ó chistí poiblí i leith stoic caipitil tosaigh.

4. Maidir le galair ainmhithe, ní fhéadfar cúiteamh airgeadais faoi Airteagal 37(1)(b) a dheonú ach i leith na ngalar a luaitear sa liosta de ghalair ainmhithe a bhunaigh an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe agus/nó san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 90/424/CÉ.

5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta tacaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur leis na costais atá incháilithe le haghaidh tacaíochta trí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) uasteorainneacha in aghaidh an chiste;

(b) uasteorainneacha oiriúnacha in aghaidh an aonaid.

*Airteagal 40*

*Gléas Cobhsaithe Ioncaim*

1. Ní fhéadfar tacaíocht faoi Airteagal 37(1)(c) a dheonú ach amháin má tá an titim san ioncam níos mó ná 30 % de mheán-ioncam bliantúil an fheirmeora aonair sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, ag fágáil an iontráil is airde agus an iontráil is ísle ar lár. Chun críocha Airteagal 37(1)(c), tagróidh ioncam do shuim na n-ioncam a fhaigheann an feirmeoir ón margadh, lena n-áirítear tacaíocht phoiblí de chineál ar bith, lúide costais ionchuir. Ní thabharfaidh íocaíochtaí ón gciste frithpháirteach le feirmeoirí cúiteamh as níos mó ná 70 % den ioncam a cailleadh.

2. Chun a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, beidh an méid seo a leanas ag an gciste frithpháirteach lena mbaineann:

(a) creidiúnú ón údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) beartas trédhearcach i leith íocaíochtaí isteach agus aistarraingtí amach as an gciste;

(c) rialacha soiléire lena leagtar síos freagrachtaí as fiacha ar bith a thabhaítear.

3. Saineoidh na Ballstáit na rialacha maidir le comhdhéanamh agus bainistíocht na gcistí frithpháirteacha, go háirithe maidir le deonú íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí i gcás géarchéime agus maidir le riarachán agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin.

4. Ní fhéadfaidh na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 37(1)(c) baint a bheith acu ach leis na suimeanna arna n-íoc ag an gciste frithpháirteach mar chúiteamh airgeadais le feirmeoirí. Ina theannta sin, féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais a bheith bainteach le hús ar iasachtaí tráchtála a thógann an ciste frithpháirteach amach ar mhaithe le cúiteamh airgeadais a íoc le feirmeoirí i gcás géarchéime.

Ní dhéanfar ranníocaíocht ó chistí poiblí i leith stoic caipitil tosaigh.

5. Beidh an tacaíocht teoranta don uasráta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 41*

*Rialacha maidir leis na bearta a chur chun feidhme*

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le cur chun feidhme na mbeart sa roinn seo a ghlacadh i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta maidir le húdaráis nó comhlachtaí a roghnú a thairgeann seirbhísí comhairleacha feirme agus foraoiseachta, seirbhísí bainistíochta feirme nó faoisimh feirme agus céimlaghdú na cabhrach faoin mbeart seirbhísí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 16;

(b) measúnú an Bhallstáit ar dhul chun cinn an phlean gnó, roghanna íocaíochta chomh maith le módúlachtaí maidir le rochtain ar bhearta eile le haghaidh feirmeoirí óga faoin mbeart forbartha feirme agus gnó dá dtagraítear in Airteagal 20;

(c) críochadóireacht le bearta eile, comhshó go haonaid eile seachas na haonaid sin a úsáidtear in Iarscríbhinn I, costais idirbhirt a ríomh agus comhshó nó coigeartú na ngealltanas faoin mbeart agra-comhshaoil-aeráide dá dtagraítear in Airteagal 29, an beart feirmeoireachta orgánaí dá dtagraítear in Airteagal 30 agus an beart maidir le seirbhísí comhshaoil foraoise agus aeráide agus caomhnú foraoise dá dtagraítear in Airteagal 35;

(d) an fhéidearthacht maidir le toimhdí caighdeánacha a úsáid maidir leis an ioncam a ligtear thar ceal faoi bhearta Airteagail 29, 30, 31, 32, 34 agus 35 agus na critéir chun é a ríomh;

(e) méid na tacaíochta a ríomh nuair atá oibríocht incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi níos mó ná beart amháin.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

## ROINN 2

## COMHAR

### *Airteagal 42*

### *Grúpaí áitiúla gníomhaíochta LEADER*

1. Sa bhreis ar chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta cúraimí breise arna dtarmligean chucu ag an Údarás Bainistíochta agus/nó ag an ngníomhaireacht íocaíochta a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta réamhíocaíocht a iarraidh ón ngníomhaireacht íocaíochta inniúil má dhéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht sin sa chlár forbartha tuaithe. Ní bheidh méid na réamhíocaíochtaí níos mó ná 50 % den tacaíocht phoiblí a bhaineann leis na costais reatha agus bheochana.

*Airteagal 43*

*Tacaíocht ullmhúcháin*

1. Cumhdófar faoi Airteagal 31(a) de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012]:

(a) 'pacáiste tionscnaimh LEADER' a chuimseoidh gníomhaíochtaí forbartha acmhainní do ghrúpaí nár chuir LEADER chun feidhme sa tréimhse chláraithe 2007-2013 agus tacaíocht do threoirthionscadail bheaga;

(b) forbairt acmhainní, oiliúint agus líonrú d'fhonn straitéis forbartha áitiúla a ullmhú agus a chur chun feidhme.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le costais incháilithe na ngníomhaíochtaí faoi mhír 1 a shainiú.

*Airteagal 44*

*Gníomhaíochtaí comhair LEADER*

1. Deonófar an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 31(c) de Rialachán (AE) [CCS/2012] a dheonú do:

(a) tionscadail comhair idir chríocha nó thrasnáisiúnta;

ciallaíonn 'comhar idir chríocha' comhar laistigh de Bhallstát. Ciallaíonn 'comhar trasnáisiúnta' comhar idir chríocha i roinnt Ballstát agus le críocha i dtríú tíortha.

(b) tacaíocht theicniúil ullmhúcháin le haghaidh tionscadal comhair idir chríocha agus thrasnáisiúnta, ar chuntar gur féidir le grúpaí áitiúla gníomhaíochta a léiriú go bhfuil cur chun feidhme tionscadail nithiúil faoi chaibidil acu.

2. Cé is moite de ghrúpaí áitiúil gníomhaíochta eile, féadfaidh siad seo a leanas a bheith ina gcomhpháirtithe i ngrúpa áitiúil gníomhaíochta faoin CETFT:

(a) comhpháirtíocht áitiúil phríobháideach phoiblí i gcrích tuaithe a bhfuil straitéis forbartha áitiúla á cur chun feidhme aici laistigh den Aontas nó lasmuigh de.

(b) comhpháirtíocht áitiúil phríobháideach phoiblí i gcrích neamh-tuaithe a bhfuil straitéis forbartha áitiúla á cur chun feidhme aici.

3. I gcásanna nach roghnaíonn na grúpaí áitiúla gníomhaíochta na tionscadail comhair, bunóidh na Ballstáit córas iarratais leanúnaigh le haghaidh tionscadal comhair.

Poibleoidh siad na nósanna imeachta riaracháin náisiúnta nó réigiúnacha a bhaineann le roghnúchán na dtionscadal comhair thrasnáisiúnta chomh maith le

liosta de na costais incháilithe dhá bliain ar a dhéanaí tar éis dháta formheasa a gclár forbartha tuaithe.

Formheasfar tionscadail comhair tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis an dáta ar cuireadh isteach an tionscadal.

4. Cuirfidh na Ballstáit na tionscadail comhair thrasnáisiúnta fhaofa in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 45*

*Costais reatha agus beochan*

1. Na costais dá dtagraítear in Airteagal 31(d) de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012[, is costais iad a bhaineann le bainistíocht ar chur chun feidhme na straitéise forbartha áitiúla tríd an grúpa áitiúil gníomhaíochta.

2. Na costais a bhaineann le beochan an chríocha dá dtagraítear in Airteagal 31(d) de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012], is costais iad chun gníomhaíochtaí a chumhdach le faisnéis a sholáthar maidir leis an straitéis forbartha áitiúla chomh maith le cúraimí forbartha tionscadail.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir le costais incháilithe na ngníomhaíochtaí faoi mhír 2 a shainiú.

# Caibidil II
# Forálacha comhchoiteanna do roinnt beart

*Airteagal 46*

*Infheistíochtaí*

1. Chun a bheith incháilithe le haghaidh oibríochta infheistíochta tacaíochta an CETFT déanfar measúnú roimh ré ar an tionchar ionchasach ar an gcomhshaol i gcomhréir le reachtaíocht a bhaineann go sonrach leis an gcineál infheistíochta sin i gcás gur dócha go mbeidh drochthionchar ag an infheistíocht ar an gcomhshaol.

2. Beidh caiteachas incháilithe teoranta dóibh seo a leanas:

(a) réadmhaoin a thógáil, a fháil, lena n-áirítear léasú, nó a fheabhsú;

(b) innealra agus trealamh nua, lena n-áirítear bogearraí ríomhaireachta, a cheannach nó a cheannach ar léas suas go luach margaidh na sócmhainne;

(c) costais ghinearálta a bhaineann le caiteachas dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), cosúil le táillí ailtire, innealtóra agus comhairliúcháin, staidéir indéantachta agus paitinní nó ceadúnais a fháil.

3. I gcás uiscithe, ní mheasfar ach infheistíochtaí a mbeidh íoslaghdú de 25 % i gcomparáid leis an méid uisce a úsáideadh roimhe sin de thoradh orthu mar caiteachas incháilithe. Mar mhaolú, sna Ballstáit a tháinig isteach san Aontas ón mbliain 2004 i leith, féadfar glacadh le hinfheistíochtaí i suiteálacha uiscithe nua mar chaiteachas incháilithe sna cásanna ina gcuirtear fianaise ar fáil in anailís chomhshaoil go bhfuil an infheistíocht lena mbaineann inbhuanaithe agus nach bhfuil aon drochthionchar aici ar an gcomhshaol.

4. I gcás infheistíochtaí talmhaíochta, ní bheidh ceannach ceart táirgthe talmhaíochta, teidlíochtaí íocaíochta, ainmhithe, plandaí bliantúla agus iad a phlandáil incháilithe le haghaidh tacaíochta infheistíochta. Mar sin féin, i gcás athshlánaithe ar chumas féideartha táirgthe talmhaíochta a ndearna tubaistí nádúrtha damáiste dóibh i gcomhréir le hAirteagal 19(1)(b), d'fhéadfadh caiteachas chun ainmhithe a cheannach a bheith ina chaiteachas incháilithe.

5. Féadfaidh tairbhithe na tacaíochta a bhaineann le hinfheistíocht iarratas a dhéanamh ar réamhíocaíocht de suas le 50 % den chúnamh poiblí a bhaineann leis an infheistíocht chuig na húdaráis íoctha inniúla má tá an rogha sin san áireamh sa chlár forbartha tuaithe.

6. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na coinníollacha faoinar féidir glacadh le costais eile a bhaineann le conarthaí léasaithe, trealamh athláimhe agus infheistíochta shimplí athsholáthair mar chaiteachas incháilithe.

*Airteagal 47*

*Rialacha le haghaidh íocaíochtaí a bhaineann le hachar*

1. Féadfar líon na heicteár a mbeidh feidhm ag gealltanas de bhun Airteagail 29, 30 agus 35 ina leith a bheith éagsúil ó bhliain go bliain sna cásanna seo a leanas:

(a) déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht seo sa chlár forbartha tuaithe.

(b) ní bhaineann an gealltanas atá i gceist le dáileachtaí seasta; agus

(c) ní bheidh baol ann maidir le cuspóir an ghealltanais a bhaint amach.

2. I gcás ina ndéantar an talamh ar fad faoin ngealltanas, nó cuid de, nó an sealúchas ar fad a aistriú chuig duine eile i rith na tréimhse a bhfuil tiomantas a tugtha ina leith mar choinníoll chun an cúnamh a dheonú, féadfaidh an duine eile an gealltanas a ghlacadh chuige/chuici féin don chuid eile den tréimhse nó féadfar go rachaidh sé in éag.

3. I gcás nach bhfuil tairbhí in ann leanúint de chloí leis na gealltanais a tugadh toisc go ndéantar an sealúchas a roinnt ina dháileachtaí nua nó go bhfuil sé faoi réir ag

bearta comhdhlúthaithe talún poiblí nó bearta comhdhlúthaithe talún atá formheasta ag na húdaráis phoiblí inniúla, glacfaidh na Ballstáit na bearta atá riachtanach ionas gur féidir na gealltanais a chur in oiriúint do chás nua an tsealúchais. Más rud é go bhfuil sé dodhéanta cur in oiriúint den sórt sin a dhéanamh, rachaidh an gealltanas in éag.

4. Ní gá an chabhair a fuarthas a aisíoc i gcásanna *force majeure*.

5. Beidh feidhm ag mír 2 i ndáil leis an sealúchas iomlán a aistriú agus beidh feidhm ag mír 4 freisin maidir leis na gealltanas faoi Airteagal 34.

6. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na coinníollacha is infheidhme i gcás aistrithe sealúchais i bpáirt, maidir le cásanna eile a shainiú nach mbeidh aisíocaíocht na cabhrach de dhíth.

*Airteagal 48*

*Clásal um athbhreithniú*

Déanfar foráil do chlásal um athbhreithniú d'oibríochtaí arna ngabháil ar láimh de bhun Airteagail 29, 30, 34 agus 35 chun a áirithiú go ndéantar oiriúnú orthu i gcás leasuithe ar na caighdeáin, ceanglais nó oibleagáidí sainordaitheacha ábhartha dá dtagraítear sna hAirteagail sin nach mór do na gealltanais a shárú. Beidh clásal um athbhreithniú in oibríochtaí arna ngabháil ar láimh de bhun Airteagail 29, 30 agus 35 a shíneann thar an tréimhse cláraithe reatha chun iad a oiriúnú do chreat dlí na tréimhse cláraithe dar gcionn.

I gcás nach nglacann an tairbhí leis an oiriúnú sin, rachaidh an gealltanas in éag.

*Airteagal 49*

*Roghnú tionscadal*

1. Saineoidh Údarás Bainistíochta an chláir forbartha tuaithe na critéir roghnaithe i gcomhair oibríochtaí faoi gach beart tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin. Beidh sé d’aidhm ag na critéir roghnúcháin cothrom de chóir a áirithiú i leith na n-iarratasóirí agus úsáid fheabhsaithe acmhainní airgeadais agus spriocdhíriú beart i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe a áirithiú. Cuirfear prionsabal na comhréireachta san áireamh i leith deontas beag agus critéir roghnaithe á sainiú.

2. Áiritheoidh údarás an Bhallstáit atá freagrach as roghnú tionscadal go roghnófar tionscadail i gcomhréir leis na critéir roghnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus de réir nós imeachta trédhearcach a mbeidh doiciméadú maith ann ina leith. Ní bheidh cur i bhfeidhm critéar roghnaithe éigeantach i gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 29 go 32, 34 agus 35 seachas i gcás nach bhfuil na cistí atá ar fáil leordhóthanach chun gach iarratasóir incháilithe a chuimsiú.

3. Nuair is iomchuí, féadfar na tairbhithe a roghnú ar bhonn glaonna ar thograí, le critéir éifeachtúlachta eacnamaíche agus comhshaoil á gcur i bhfeidhm.

*Airteagal 50*

*Sainmhíniú ar limistéar tuaithe*

Chun críocha an Rialacháin seo saineoidh an tÚdarás Bainistíochta 'limistéar tuaithe' ar leibhéal an chláir.

# Caibidil III
# Cúnamh teicniúil agus líonrú

*Airteagal 51*

*Cúnamh teicniúil a chistiú*

1. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 féadfaidh an CETFT suas le 0,25 % dá leithdháileadh bliantúil chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] a mhaoiniú, lena n-áirítear na costais dá dtagraítear in Airteagal 52 chun an gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe, gréasán an CEN dá dtagraítear in Airteagal 53 agus an gréasán meastóireachta Eorpach um fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 54 a bhunú agus a oibriú, ar thionscnamh an Choimisiúin agus/nó thar a cheann.

Féadfaidh an CETFT maoiniú a dhéanamh freisin ar na gníomhartha dá bhforáiltear in Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/XXXX [rialú cáilíochta], i ndáil le siombailí agus táscairí scéime cáilíochta an Aontais.

Cuirfear na gníomhartha sin i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 53(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 agus i gcomhréir le haon fhorálacha eile den Rialachán sin agus dá fhorálacha cur chun feidhme is infheidhme maidir le forghníomhú an bhuiséid.

2. Aistarraingeofar suim EUR 30 milliún ón leithdháileadh dá dtagraítear i mír 1 agus úsáidfear é chun an duais i leith an chomhoibrithe áitiúil nuálaigh dá dtagraítear in Airteagal 56 a mhaoiniú.

3. Ar thionscnamh na mBallstát féadfar suas go 4 % de mhéid iomlán gach clár forbartha tuaithe a thiomnú do chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (CE) Uimh. [CCS/2012], chomh maith le costais a bhaineann le hobair ullmhúcháin le haghaidh teorannú limistéar a bhfuil srianta nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 33(3) ag bagairt orthu.

Ní bheidh costais a bhaineann leis an gcomhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 incháilithe faoin mír seo.

Laistigh den teorainn 4 % forchoimeádfar méid áirithe do bhunú agus oibriú an ghréasáin náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 55.

4. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 i leith sainithe bhreise ar ghníomhaíochtaí rialaithe a bheidh incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi mhír 3.

*Airteagal 52*

*Gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe*

1. Cuirfear gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe i bhfeidhm do líonrú líonraí náisiúnta, eagraíochtaí agus ranna riaracháin atá gníomhach i réimsí forbartha tuaithe ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 51(1).

2. Beidh sé d'aidhm ag líonrú trí bhíthin an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe:

(a) rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gcur chun feidhme na forbartha tuaithe a mhéadú

(b) caighdeán na gclár forbartha tuaithe a fheabhsú

(c) ról a ghlacadh maidir leis an bpobal a chur ar an eolas i leith na sochar a bhaineann le beartas forbartha tuaithe.

3. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an ngréasán:

(a) faisnéis a bhailiú maidir le gníomhú i réimse na forbartha tuaithe, anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin agus í a scaipeadh;

(b) dea-chleachtais forbartha tuaithe a bhailiú, a chomhtháthú agus a scaipeadh ar leibhéal an Aontais;

(c) grúpaí agus/nó ceardlanna téamacha a bhunú agus a reáchtáil d'fhonn malartú saineolais a éascú agus tacú le cur chun feidhme agus faireachán agus forbairt bhreise a dhéanamh ar bheartas forbartha tuaithe;

(d) faisnéis a sholáthar maidir le forbairtí i limistéir thuaithe an Aontais agus i dtríú tíortha;

(e) cruinnithe agus seimineáir a eagrú ar leibhéal an Aontais dóibh siúd atá páirteach go gníomhach san fhorbairt tuaithe;

(f) tacú le tionscnaimh comhair na ngréasán náisiúnta agus trasnáisiúnta;

(g) i gcás grúpaí áitiúla gníomhaíochta go sonrach:

(i) sineirgí a chruthú leis na gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ar leibhéal náisiúnta agus/nó réigiúnach ag na gréasáin faoi seach ag féachaint do ghníomhaíochtaí forbartha acmhainní agus do chomhroinnt taithí; agus

(ii) comhoibriú leis na comhlachtaí líonraithe agus leis na comhlachtaí tacaíochta teicniúla d'fhorbairt áitiúil arna mbunú ag CFRE, CSE, agus an CEMI maidir le gníomhaíochtaí forbartha áitiúla agus comhar trasnáisiúnta.

4. Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, struchtúr agus feidhmiú eagraíochtúil an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

*Airteagal 53*

*Gréasán CEN*

1. Cuirfear gréasán CEN i bhfeidhm chun tacú leis an CEN maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 86, i gcomhréir le hAirteagal 61(1). Cumasóidh sé líonrú grúpaí oibriúcháin, seirbhísí comhairleacha agus taighdeoirí

2. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an ngréasán CEN:

(a) feidhm deisce cabhrach a sholáthar agus faisnéis a sholáthar do phríomhghníomhaithe maidir leis an CEN;

(b) plé a spreagadh ar leibhéal an chláir d'fhonn bunú grúpaí oibriúcháin a spreagadh;

(c) scagadh agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí taighde agus ar eolas ábhartha a bhaineann leis an CEN;

(d) dea-chleachtas a bhaineann le nuálaíocht a bhailiú, a chomhtháthú agus a scaipeadh;

(e) comhdhálacha agus ceardlanna a eagrú agus faisnéis a scaipeadh i réimse an CEN.

3. Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, struchtúr agus feidhmiú eagraíochtúil an ghréasáin CEN. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

*Airteagal 54*

*Gréasán meastóireachta Eorpach um fhorbairt tuaithe*

1. Cuirfear gréasán meastóireachta Eorpach um fhorbairt tuaithe i bhfeidhm chun tacú le meastóireacht ar chláir forbartha tuaithe i gcomhréir le hAirteagal 51(1). Cumasóidh sé líonrú na ndaoine sin atá bainteach le meastóireacht ar chláir forbartha tuaithe.

2. Is í an aidhm a bheidh ag an ngréasán meastóireachta Eorpach um fhorbairt tuaithe malartú saineolais agus dea-chleachtas maidir le modheolaíochtaí meastóireachta a éascú, modhanna agus uirlisí meastóireachta a fhorbairt, tacaíocht a sholáthar maidir le próisis meastóireachta, agus sonraí a bhailiú agus a bhainistiú.

3. Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, struchtúr agus feidhmiú eagraíochtúil an ghréasáin meastóireachta Eorpach um fhorbairt Tuaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

*Airteagal 55*

*Gréasán náisiúnta tuaithe*

1. Bunóidh gach Ballstát gréasán náisiúnta tuaithe, a thabharfaidh le chéile na heagraíochtaí agus na ranna riaracháin atá bainteach leis an bhforbairt tuaithe. Beidh an chomhpháirtíocht dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] mar chuid den ghréasán náisiúnta tuaithe freisin.

Féadfaidh Ballstáit a bhfuil cláir réigiúnacha acu formheas a lorg do chlár sonrach maidir le bunú agus feidhmiú a ngréasáin náisiúnta tuaithe.

2. Beidh sé d'aidhm ag líonrú sa ghréasán náisiúnta tuaithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

(a) rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gcur chun feidhme na forbartha tuaithe a mhéadú;

(b) caighdeán na gclár forbartha tuaithe a fheabhsú;

(c) eolas a chur ar fáil don phobal níos leithne agus do thairbhithe féideartha maidir le beartas forbartha tuaithe;

(d) nuálaíocht a chothú sa talmhaíocht

3. Bainfear úsáid as tacaíocht an CETFT faoi Airteagal 51(3):

(a) i gcomhair na struchtúr a theastaíonn chun an gréasán a reáchtáil;

(b) chun plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme ina mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) bainistíocht gréasáin;

(ii) rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara i dtaca le dearadh cláir;

(iii) tacaíocht d'fhaireachán, go háirithe trí bhailiú agus roinnt aiseolais, moltaí agus anailíse ábhartha ó na Coistí Faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. [xxx/CCS/2012] go príomha. Tacóidh an gréasán náisiúnta tuaithe le grúpaí áitiúla gníomhaíochta

freisin, maidir le faireachán agus meastóireacht ar na straitéisí áitiúla forbartha;

(iv) soláthar gníomhaíochtaí oiliúna do chomhlachtaí cur chun feidhme agus do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta atá á mbunú;

(v) bailiú samplaí de thionscadail ina gcuimsítear gach tosaíocht de chuid na gclár forbartha tuaithe;

(vi) anailís leanúnach agus staidéir leanúnacha;

(vii) gníomhaíochtaí líonraithe do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus go háirithe cúnamh teicniúil maidir le comhar idir-chríochach agus trasnáisiúnta, comhar a éascú idir ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus comhpháirtithe a lorg don bheart dá dtagraítear in Airteagal 36;

(viii) malartuithe cleachtais agus taithí a éascú i measc comhairleoirí agus/nó seirbhísí comhairleacha;

(ix) gníomhaíochtaí líonraithe a bhaineann le nuálaíocht;

(x) plean cumarsáide lena n-áirítear poiblíocht agus faisnéis maidir leis an gclár forbartha tuaithe i gcomhaontú leis na hÚdaráis Bainistíochta agus gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide arna ndíriú ar phobal níos leithne.

(xi) foráil maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an ghréasáin Eorpaigh um fhorbairt tuaithe agus rannchuidiú leo;

(c) bord saineolaithe neamhspleácha réamhroghnaithe a bhunú agus an próiseas réamhroghnaithe maidir le hiarratais ar an duais do chomhar áitiúil, nuálach dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le bunú agus feidhmiú gréasán náisiúnta tuaithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

## Caibidil IV
## Duais do chomhar áitiúil, nuálach i limistéir thuaithe

*Airteagal 56*

*Duais do chomhar áitiúil, nuálach i limistéir thuaithe*

Úsáidfear na cistí dá dtagraítear in Airteagal 51(2) chun maoiniú a dhéanamh ar bhronnadh duaise ar thionscadail chomhair lena mbaineann ar a laghad dhá eintiteas atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla a bhaineann amach coincheap áitiúil, nuálach.

*Airteagal 57*

*Glao ar thograí*

1. Ag tosú in 2015 ar a dhéanaí, agus gach bliain dá éis, déanfaidh an Coimisiún glao ar thograí agus é mar aidhm aige an duais dá dtagraítear in Airteagal 56 a bhronnadh. Seolfar an glao deiridh ar thograí tráth nach déanaí ná 2019.

2. Léireoidh an glao ar thograí téama do na tograí a bheith nasctha le ceann de thosaíochta an Aontais maidir le forbairt tuaithe. Beidh an téama iomchuí freisin do chur chun feidhme trí bhíthin chomhair ar leibhéal trasnáisiúnta.

3. Beidh an glao ar thograí oscailte do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta agus aonáin aonair atá ag comhoibriú chun críocha an tionscadail ar leith.

*Airteagal 58*

*An nós imeachta roghnúcháin*

1. Seolfaidh iarratasóirí i ngach Ballstát iarratais ar an duais chuig an ngréasán náisiúnta tuaithe atá i gceist, a bheidh freagrach as iarratais a réamhroghnú.

2. Bunóidh gréasáin náisiúnta tuaithe, óna gcomhaltaí féin, bord réamhroghnúcháin de shaineolaithe neamhspleácha chun iarratais a réamhroghnú. Déanfar réamhroghnú ar iarratais ar bhonn na gcritéar eisiaimh, roghnúcháin agus bronnta arna sainiú sa ghlao ar thograí. Réamhroghnóidh gach gréasán náisiúnta tuaithe 10 n-iarratas ar a mhéad agus seolfaidh sé iad chuig an gCoimisiún.

3. Beidh an Coimisiún freagrach as caoga tionscadal buacach a roghnú i measc na n-iarratas réamhroghnaithe sna Ballstáit go léir. Bunóidh an Coimisiún grúpa stiúrtha ad hoc a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe neamhspleácha seachtracha. Ullmhóidh an grúpa stiúrtha seo roghnúchán na n-iarratas buacach ar bhonn na gcritéar eisiaimh, roghnúcháin agus bronnta arna sainiú sa ghlao ar thograí.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh chur chun feidhme cinneadh maidir leis an liosta tionscadal ar a mbronnfar an duais.

*Airteagal 59*

*Duais Airgeadais – coinníollacha agus íocaíocht*

1. Ionas go mbeidh tionscadail incháilithe chun an duais a fháil, ní sháróidh an t-am a theastaíonn chun iad a chur i gcrích dhá bhliain ón dáta a ghlactar leis an ngníomh cur chun feidhme lena mbronntar an duais. Déanfar fráma ama do chur i gcrích an tionscadail a shainiú san iarratas.

2. Deonófar an duais i bhfoirm íocaíochta cnapshuime. Is é an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a chinnfidh suim na híocaíochta i gcomhréir le critéir arna sainiú sa ghlao ar thograí agus ag féachaint don chostas measta a bhaineann le cur i gcrích an tionscadail atá sonraithe san iarratas. Ní sháróidh an duais uasta in aghaidh an tionscadail 100 000 euro.

3. Íocfaidh Ballstáit an duais le hiarratasóirí buacacha tar éis dóibh a dheimhniú go bhfuil an tionscadal críochnaithe. Aisíocfaidh an tAontas an caiteachas ábhartha leis na Ballstáit i gcomhréir le forálacha Chuid 4 de Chaibidil II de Theideal IV de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh cuid den duais nó an duais iomlán a íoc leis na hiarratasóirí buacacha roimh dóibh a dheimhniú go bhfuil an tionscadal críochnaithe ach sa chás sin, is orthu a bheidh an fhreagracht as an gcaiteachas go dtí go ndeimhnítear go bhfuil an tionscadal críochnaithe.

*Airteagal 60*

*Rialacha maidir le nósanna imeachta, tráthchláir agus grúpa stiúrtha a bhunú*

Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha mionsonraithe maidir le nós imeachta agus clár ama do roghnúchán tionscadal agus rialacha maidir le bunú an ghrúpa stiúrtha saineolaithe neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 58(3). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

# TEIDEAL IV
# CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta

*Airteagal 61*

*Aidhmeanna*

1. Déanfaidh an CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta an méid seo a leanas:

(a) earnáil talmhaíochta a chur chun cinn atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní, atá táirgiúil, a bhfuil astaíochtaí ísle i gceist léi, atá neamhdhíobhálach don aeráid agus athléimneach ina taobh, a oibríonn i gcomhar leis na hacmhainní nádúrtha fíor-riachtanacha ar a bhfuil an fheirmeoireacht ag brath;

(b) cabhrú le soláthar seasta bia, beatha agus bithábhar a sheachadadh, idir cinn atá ann cheana féin agus cinn nua;

(c) próisis a fheabhsú chun an comhshaol a chaomhnú, dul in oiriúint don athrú aeráide agus an t-athrú aeráide a mhaolú;

(d) nasc a chruthú idir an teicneolaíocht agus eolas ó thaighde cheannródaíoch agus feirmeoirí, gnóthais agus seirbhísí comhairleacha.

2. Déanfaidh an CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta iarracht a aidhmeanna a bhaint amach mar seo a leanas:

(a) breisluach a chruthú trí nasc níos láidre a chruthú idir taighde agus cleachtas feirmeoireachta agus úsáid níos leithne na mbeart nuálaíochta atá ar fáil a spreagadh;

(b) trasuíomh níos tapúla agus níos forleithne de réitigh nuálacha a chur chun cinn; agus

(c) pobal na heolaíochta a chur ar an eolas maidir leis na riachtanais taighde a bhaineann le cleachtas feirmeoireachta.

3. Rannchuideoidh an CETFT le haidhmeanna an CEN i leith táirgiúlachta agus inbhuanaitheachta talmhaíochta le tacaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 36, ó na grúpaí oibriúcháin an CEN dá dtagraítear in Airteagal 62 agus sa Ghréasán CEN dá dtagraítear in Airteagal 53.

*Airteagal 62*

*Grúpaí oibriúcháin*

1. Beidh grúpaí oibriúcháin an CEN mar chuid den CEN do tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta. Is iad gníomhaithe leasmhara amhail feirmeoirí, taighdeoirí, comhairleoirí agus gnóthais atá bainteach leis an earnáil talmhaíochta agus bia a bhunóidh na grúpaí sin.

2. Bunóidh grúpaí oibriúcháin an CEN nósanna imeachta inmheánacha lena n-áiritheofar trédhearcacht ina bhfeidhmiú agus lena seachnófar cásanna coinbhleachta leasa.

*Airteagal 63*

*Cúraimí grúpaí oibriúcháin*

1. Déanfaidh grúpaí oibriúcháin an CEN plean a tharraingt suas ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) cur síos ar an tionscadal nuálach atá le forbairt, le tástáil, le hoiriúnú nó le cur chun feidhme;

(b) cur síos ar na torthaí a bhfuil súil leo agus ar an méid a chuirfidh siad le cuspóir an CEN táirgiúlacht agus bainistíocht acmhainní inbhuanaithe a fheabhsú.

2. Le linn dóibh a dtionscadail nuálacha a chur chun feidhme, déanfaidh grúpaí oibriúcháin an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh siad cinntí maidir le leagan amach agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí nuálacha; agus

(b) cuirfidh siad gníomhaíochtaí nuálacha chun feidhme trí bhearta arna maoiniú trí na cláir forbartha tuaithe.

3. Scaipfidh grúpaí oibriúcháin torthaí a dtionscadail, go háirithe trí bhíthin an ghréasáin an CEN.

# TEIDEAL V
# Forálacha airgeadais

*Airteagal 64*

*Acmhainní agus a ndáileadh*

1. Socróidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa méid iomlán tacaíochta an Aontais d'fhorbairt tuaithe faoin Rialachán seo don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, a mhiondealú bliantúil agua an t-íosmhéid atá le díriú ar réigiúin lagfhorbartha, ar mholadh ón gCoimisiún i gcomhréir le creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2014 go dtí 2020 agus an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais[37] don tréimhse sin.

2. Úsáidfear 0,25 % de na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 chun críocha cuspóirí cúnaimh theicniúil don Choimisiún dá dtagraítear in Airteagal 51(1).

3. Ar mhaithe lena gclárú agus lena gcuimsiú ina dhiaidh sin i mbuiséad ginearálta an Aontais, beidh na méideanna dá dtagraítear i mír 1 innéacsaithe ag 2 % in aghaidh na bliana.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh chur chun feidhme, miondealú bliantúil de réir an Bhallstáit ar na méideanna dá dtagraítear i mír 1, tar éis an méid dá dtagraítear i mír 2 a bhaint, agus ag cur san áireamh aistriú na gcistí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012. Agus an miondealú bliantúil á dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

   (a) critéir chuspóireacha atá nasctha leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4; agus

   (b) feidhmiú san am a chuaigh thart.

5. I dteannta na méideanna dá dtagraítear i mír 4, áireofar sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír chéanna na cistí arna n-aistriú chuig an CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 7(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012..

6. Chun críocha leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012], déanfar ioncam sannta arna bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 don CETFT atá ar fáil a chur leis na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán Uimh. [CCS/2012]. Leithdháilfear é ar na Ballstáit ar bhonn cionmhar lena sciar den mhéid iomlán tacaíochta ón CETFT.

---

[37] xxx

*Airteagal 65*

*Ranníocaíocht don chiste*

1. Is leis an gCinneadh lena nglacfar clár forbartha tuaithe a shocrófar an ranníocaíocht uasta ón CETFT le haghaidh an chláir. Sainaithneofar go follasach leis an gCinneadh, más gá, na leithreasaí arna leithdháileadh ar na réigiúin thearcfhorbartha.

2. Ríomhfar ranníocaíocht ón CETFT ar bhonn shuim an chaiteachais phoiblí incháilithe.

3. Bunófar leis na cláir forbartha tuaithe ráta ranníocaíochta amháin ón CETFT is infheidhme maidir le gach beart. I gcás inar infheidhme, bunófar rannaíocht ar leith ón CETFT do na réigiúin thearcfhorbartha, agus do na réigiún is forimeallaí agus do na h-oileáin Aeigéacha is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93. Is é an t-uasráta ranníocaíochta ón CETFT a bheidh i gceist ná:

   (a) 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin thearcfhorbartha na réigiúin is forimeallaí agus na hoileáin Aeigeacha is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93;

   (b) 50 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin eile.

   Is é an t-íosráta ranníocaíochta ón CETFT a bheidh i gceist ná 20 % .

4. De mhaolú ar mhír 3, is é an t-uasráta ranníocaíochta ón CETFT a bheidh i gceist ná:

   (a) 80 % i gcomhair na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 15, 28 agus 36, don fhorbairt áitiúil LEADER dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] agus i gcomhair oibríochtaí faoi Airteagal 20(1)(a)(i). Féadfar é a mhéadú go 90 % i gcás na gclár do na réigiúin thearcfhorbartha, do na réigiúin is forimeallaí agus do na hoileáin Aeigéacha is lú de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93;

   (b) 100 % i gcás oibríochtaí arna maoiniú faoi Airteagal 66.

5. Beidh ar a laghad 5 % den ranníocaíocht iomlán ón CETFT chuig an gclár forbartha tuaithe forchoimeádta do LEADER.

6. Ní bheidh caiteachas atá cómhaoinithe ag an CETFT cómhaoinithe trí ranníocaíocht ó na Cistí Struchtúracha, an Ciste Comhtháthaithe nó aon ionstraim airgeadais eile de chuid an Aontais.

7. Comhlíonfaidh caiteachas poiblí ar chabhair d'fhiontair na teorainneacha cabhrach atá leagtha síos i leith státchabhrach, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

*Airteagal 66*

*Maoiniú ar oibríochtaí a chuireann go mór le nuálaíocht*

Beidh na cistí arna n-aistriú chuig an CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. DP/2012 forchoimeádta d'oibríochtaí a chuireann go mór le nuálaíocht a bhaineann le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta, lena n-áirítear maolú ar athrú aeráide nó oiriúnú don athrú sin.

*Airteagal 67*

*Incháilitheacht caiteachais*

1. De mhaolú ar Airteagal 55(7) de Rialachán (CE) Uimh. [CCS/2012], i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaiste nádúrtha, féadfaidh cláir forbartha tuaithe a fhoráil go dtosóidh incháilitheacht an chaiteachais a bhaineann le hathrú ar an gclár ón dáta a tharla an tubaiste nádúrtha.

2. Ní bheidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ón CETFT ach amháin i gcás ina dtabhaítear iad i leith oibríochtaí arna gcinneadh ag Údarás Bainistíochta an chláir atá i gceist nó faoina fhreagracht, i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49.

   Cé is moite de chostais ghinearálta arna sainiú in Airteagal 46(2)(c), maidir le hoibríochtaí infheistíochta faoi bhearta atá faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh, ní mheasfar a bheith incháilithe ach amháin caiteachas arna thabhú tar éis don iarratas a bheith seolta isteach chuig an údarás inniúil.

   Féadfaidh Ballstáit a fhoráil ina gcláir nach mbeidh incháilithe ach amháin caiteachas arna thabhú tar éis don iarratas ar thacaíocht a bheith formheasta ag an údarás inniúil.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná mír 2 maidir le hAirteagal 51(1) agus (2).

4. Tacófar le híocaíochtaí ó thairbhithe le sonraisc agus le doiciméid a dheimhníonn an íocaíocht. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, tacófar le híocaíochtaí trí dhoiciméid a bhfuil luach fiorúcháin coibhéiseach acu, cé is moite de chineálacha tacaíochta faoi Airteagal 57(1)(b), (c) agus (d) de Rialachán (CE) [CCS/2012].

*Airteagal 68*

*Caiteachas incháilithe*

1. I gcás ina bhfuil costais reatha faoi chumhdach tacaíochta faoin Rialachán seo, beidh na cineálacha costais seo a leanas incháilithe:

   (a) costais oibriúcháin;

(b) costais phearsanra;

(c) costais oiliúna;

(d) costais a bhaineann le caidreamh poiblí;

(e) costais airgeadais;

(f) costais líonraithe.

2. Ní bheidh staidéir ina gcaiteachas incháilithe ach amháin i gcás ina bhfuil siad nasctha le hoibríocht ar leith faoin gclár nó le cuspóirí agus spriocanna sonracha an chláir.

3. Maidir le ranníocaíochtaí chomhchineáil i bhfoirm oibreacha, earraí, seirbhísí, talún agus réadmhaoin nach ndearnadh aon íocaíocht in airgead tirim arna dtacú le sonraisc nó doiciméid de luach fíorúcháin coibhéiseach ina leith, féadfaidh siad a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta ar chuntar go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012].

4. Beidh costais indíreacha incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi bhearta Airteagail 15, 16, 19, 21, 25 agus 36.

*Airteagal 69*

*Infhíoraitheacht agus inrialaitheacht na mbeart*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn gach beart forbartha tuaithe a bhfuil sé de rún acu iad a chur chun feidhme infhíoraithe agus inrialaithe. Chuige sin soláthróidh Údarás Bainistíochta agus gníomhaireacht íocaíochta gach cláir forbartha tuaithe measúnú ex-ante ar infhíoraitheacht agus inrialaitheacht na mbeart atá le cur san áireamh sa chlár forbartha tuaithe. Tabharfaidh an tÚdarás Bainistíocht agus an ghníomhaireacht íocaíochta freisin faoi mheasúnú infhíoraitheachta agus inrialaitheachta na mbeart le linn chur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú *ex ante* agus i measúnú le linn na tréimhse cur chun feidhme na torthaí ó rialuithe sa tréimhse cláraithe roimhe agus reatha. I gcás ina léirítear sa mheasúnú nach bhfuil ceanglais infhíoraitheachta agus inrialaitheachta comhlíonta, ba cheart go n-oiriúnófaí na bearta lena mbaineann dá réir.

2. I gcás ina mbíonn cabhair deonaithe ar bhonn costas caighdeánach nó costas breise agus ioncam ligthe thar ceal, áiritheoidh Ballstáit go mbíonn na ríomhanna iomchuí leormhaith agus cruinn agus bunaithe roimh ré ar bhonn ríofa atá cóir, cothrom agus infhíoraithe. Chuige sin, soláthróidh comhlacht atá neamhspleách ó na húdaráis atá freagrach as na ríomhanna agus a bhfuil an saineolas iomchuí aige deimhniú ina gcinntítear leordhóthanacht agus beachtas na ríomhanna. Áireofar an deimhniú sin sa chlár forbartha tuaithe.

*Airteagal 70*

*Airleacain*

1. Beidh íocaíocht airleacan faoi réir bunú ráthaíochta bainc nó ráthaíochta coibhéisí arb ionann agus 100 % de mhéid an airleacain é. Maidir le tairbhithe poiblí, íocfar airleacain le bardais, le húdaráis réigiúnacha agus le comhlachais díobh, mar aon le comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí.

   Measfar gurb ionann áis a sholáthraítear mar ráthaíocht ag údarás poiblí agus an ráthaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar chuntar go ngabhann an t-údarás ar láimh an méid atá clúdaithe ag an ráthaíocht sin a íoc sa chás nach mbunaítear teidlíocht don airleacan arna íoc roimh ré.

2. D'fhéadfaí an ráthaíocht a scaoileadh nuair a dhearbhaíonn an ghníomhaireacht inniúil íocaíochta go bhfuil méid iomlán an chaiteachais iarbhír atá comhionann leis an rannchuidiú poiblí a bhaineann leis an oibríocht os cionn mhéid an airleacain.

# TEIDEAL VI
# Bainistíocht, rialú agus poiblíocht

*Airteagal 71*

*Freagrachtaí an Choimisiúin*

Chun bainistíocht fhónta airgeadais de réir Airteagal 317 den Chonradh, i gcomhthéacs bainistíochta roinnte, a áirithiú cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na bearta agus na rialuithe atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. HR/2012.

*Airteagal 72*

*Freagrachtaí na mBallstát*

1. Glacfaidh na Ballstáit leis na forálacha reachtacha, reachtúla agus riaracháin uile i gcomhréir le hAirteagal 60(1) de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 chun a áirithiú go mbíonn leasanna airgeadais an Aontais arna gcosaint go héifeachtach.

2. Saineoidh Ballstáit, le haghaidh gach cláir forbartha tuaithe, na húdaráis seo a leanas:

   (a) an tÚdarás Bainistíochta, a d'fhéadfadh a bheith ina chomhlacht poiblí nó príobháideach ag feidhmiú ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó an Ballstát féin i gcás ina dtugann sé faoin gcúram sin, le bheith i gceannas ar bhainistíocht an chláir lena mbaineann;

   (b) an ghníomhaireacht chreidiúnaithe íocaíochta de réir bhrí Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012;

   (c) an comhlacht deimhniúcháin de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. HR/2012.

3. Áiritheoidh Ballstáit i dtaca le gach clár forbartha tuaithe go mbíonn an córas cuí bainistíochta agus rialaithe bunaithe le leithdháileadh soiléir agus deighilt shoiléir feidhmeanna a áirithiú idir an tÚdarás Bainistíochta agus comhlachtaí eile. Beidh Ballstáit freagrach as a áirithiú go mbeidh feidhm éifeachtach leis na córais le linn thréimhse an chláir.

4. Saineoidh Ballstáit go soiléir cúraimí an údaráis bhainistíochta, na Gníomhaireachta Íocaíochta agus, na ngrúpaí áitiúla gníomhaíochta faoi LEADER maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar incháilitheachta agus roghnúcháin agus nós imeachta roghnúcháin an tionscadail.

*Airteagal 73*

*Údarás Bainistíochta*

1. Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach as bainistiú agus cur chun feidhme an chláir ar bhealach éifreachtúil, éifeachtach agus ceart agus go háirithe as:

(a) a áirithiú go bhfuil córas leictreonach slán iomchuí ann le faisnéis staidrimh ar an gclár agus a chur chun feidhme a thaifeadadh, a choinneáil, a bhainistiú agus a thuairisciú, faisnéis atá riachtanach ar mhaithe le faireachán agus meastóireacht agus, go háirithe, faisnéis atá riachtanach le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí sainithe;

(b) sonraí iomchuí táscaire ar oibríochtaí atá roghnaithe le haghaidh cistiú a sholáthar don Choimisiún, ar bhonn ráithiúil, lena n-áirítear príomh-shaintréithe an tairbhí agus an tionscadail;

(c) a áirithiú, i gcás tairbhithe agus comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme oibríochtaí:

(i) go gcoinnítear ar an eolas iad faoina gcuid oibleagáidí a d'eascair ón gcabhair a tugadh, agus go gcoinníonn siad córas cuntasaíochta ar leith nó cód cuntasaíochta iomchuí le haghaidh gach idirbheart a bhaineann leis an oibríocht;

(ii) go bhfuil siad ar an eolas faoi na ceanglais maidir le soláthar sonraí don Údarás Bainistíochta agus taifeadadh aschur agus torthaí;

(d) a áirithiú go gcloíonn an mheastóireacht *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] leis an gcóras meastóireachta agus faireacháin agus go nglactar leis agus go gcuirtear faoi bhráid an Choimisiúin é;

(e) a áirithiú go bhfuil an plean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] curtha ar bun, go ndéantar an mheastóireacht cláir *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos sa Rialachán sin, lena n-áirithítear go gcloíonn na meastóireachtaí sin leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta agus iad a chur faoi bhráid an Choiste Faireacháin agus an Choimisiúin;

(f) faisnéis agus doiciméid atá ag teastáil le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir i bhfianaise a shainchuspóirí agus a thosaíochtaí, a sholáthar don Choiste Faireacháin;

(g) an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chur le chéile, lena n-áirítear táblaí faireacháin comhiomlána, agus, i ndiaidh formheasa ón gCoiste Faireacháin, í a chur faoi bhráid an Choimisiúin;

(h) áirithiú go bhfaigheann an ghníomhaireacht íocaíochta an fhaisnéis iomchuí uile, go háirithe ar na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agus rialuithe ar bith ar tugadh fúthu maidir le hoibríochtaí atá roghnaithe le haghaidh cistithe, sula gceadaítear íocaíochtaí;

(i) poiblíocht a áirithiú le haghaidh an chláir, lena n-áirítear trí bhíthin an Ghréasáin Náisiúnta Tuaithe, trí thairbhithe a d'fhéadfadh a bheith ann, eagraíochtaí gairmiúla, comhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta, comhlachtaí a bhfuil baint acu le comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná, agus na heagraíochtaí neamhrialtais lena mbaineann, lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil a chur ar an eolas faoi na féidearthachtaí atá á dtairiscint de réir an chláir agus na rialacha atá ann le rochtain a fháil ar chistiú cláir mar aon le tairbhithe a chur ar an eolas faoi rannchuidiú an Aontais agus an phobail go ginearálta ar an ról atá ag an Aontas sa chlár.

2. Féadtar go saineoidh an Ballstát nó an t-Údarás Bainistíochta comhlacht inmheánach amháin nó níos mó lena n-áirítear údaráis áitiúla, comhlachtaí forbartha réigiúnaí nó eagraíochtaí neamhrialtais, le tabhairt faoi bhainistíocht agus faoi chur chun feidhme oibríochtaí forbartha réigiúnaí.

Nuair a tharmligtear cuid dá chúraimí chuig comhlacht eile, coinneoidh an tÚdarás Bainistíochta freagracht iomlán as éifeachtúlacht agus ceartaiseacht bhainistíocht agus chur chun feidhme na gcúraimí sin. Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta go bhfuil forálacha iomchuí i bhfeidhm ionas go bhfuil sé ar chumas an chomhlachta eile gach sonraí agus faisnéis is gá a choinneáil leis na cúraimí seo a chur i gcrích.

3. I gcás ina n-áirítear fo-chlár téamach, dá dtagraítear in Airteagal 8, sa chlár forbartha réigiúnaí, d'fhéadfadh an tÚdarás Bainistíochta comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear údaráis áitiúla, grúpaí áitiúla gníomhaíochta nó eagraíochtaí neamhrialtais, a shainiú le tabhairt faoi bhainistíocht agus faoi chur chun feidhme na straitéise sin. Beidh feidhm ag mír 2 freisin sa chás seo.

Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta go mbíonn oibríochtaí agus aschur an fho-chláir théamaigh seo sainaitheanta ar leithligh ar mhaithe leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Alt 74.

# TEIDEAL VII
# Faireachán agus meastóireacht

## Caibidil I
## Forálacha ginearálta

### ROINN 1
### BUNÚ AGUS CUSPÓIRÍ CÓRAIS FAIREACHÁIN AGUS MEASTÓIREACHTA

*Airteagal 74*

*Córas faireacháin agus meastóireachta*

I gcomhréir leis an Teideal seo, dréachtófar comhchóras faireacháin agus meastóireachta trí bhíthin comhair idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus glacfaidh an Coimisiún leis trí ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

*Airteagal 75*

*Cuspóirí*

Beidh sé mar aidhm leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta:

(a) dul chun cinn agus comhlíonadh beartais forbartha tuaithe a léiriú agus tionchar, éifeacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht idirghabhálacha ar bheartas forbartha tuaithe a mheasúnú;

(b) rannchuidiú le tacaíocht níos spriocdhírithe le haghaidh forbartha tuaithe;

(c) comhphróiseas foghlama a chothú i dtaca le faireachán agus meastóireacht.

### ROINN 2
### FORÁLACHA TEICNIÚLA

*Airteagal 76*

*Comhtháscairí*

1. Beidh liosta de chomhtháscairí a bhaineann leis an stad tosaigh chomh maith le cur i gcrích airgeadais, aschur, torthaí agus tionchar an chláir agus a bheidh infheidhme

maidir le gach clár sainithe sa chóras faireacháin agus meastóireachta dá bhforáiltear in Airteagal 74 ionas gur féidir sonraí a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais.

2. Beidh na comhtháscairí nasctha le struchtúr agus le cuspóirí chreat beartais na forbartha tuaithe agus ceadófar iontu meastóireacht ar dhul chun cinn, ar éifeachtúlacht agus ar éifeacht chur chun feidhme an bheartais in aghaidh cuspóirí agus spriocanna ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an chláir.

*Airteagal 77*

*Córas Faisnéise Leictreonach*

3. Déanfar príomhfhaisnéis ar chur chun feidhme an chláir, ar gach oibríocht arna roghnú le haghaidh cistithe, chomh maith le faisnéis ar oibríochtaí lánchríochnaithe, atá riachtanach ar mhaithe le faireachán agus meastóireacht, lena n-áirítear príomhshaintréithe an tairbhí agus an tionscadail, a thaifeadadh agus a choinneáil go leictreonach.

4. Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil córas leictreonach slán iomchuí le príomhfhaisnéis a thaifeadadh, a choinneáil agus a bhainistiú agus le tuairisciú ar fhaireachán agus ar mheastóireacht.

*Airteagal 78*

*Faisnéis a chur ar fáil*

Glacfaidh tairbhithe a fuair tacaíocht ó bhearta forbartha tuaithe agus ó ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta mar chúram orthu féin an fhaisnéis is gá a sholáthar don Údarás Bainistíochta agus/nó do mheastóirí ceaptha nó do chomhlachtaí eile atá tarmligthe chun feidhmeanna a chomhlíonadh ar a shon ionas go mbeifear in ann faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár, go háirithe maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí sainithe a chomhlíonadh.

## Caibidil II
## Faireachán

*Airteagal 79*

*Nósanna imeachta faireacháin*

1. Déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an Coiste Faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] faireachán ar chaighdeán cur chun feidhme an chláir.

2. Tabharfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an Coiste Faireacháin faoi fhaireachán ar gach clár forbartha tuaithe trí bhíthin táscairí airgeadais, aschuir agus spriocanna.

*Airteagal 80*

*Coiste Faireacháin*

Féadfaidh Ballstáit a bhfuil cláir réigiúnacha acu Coiste Faireacháin náisiúnta a bhunú le cur chun feidhme na gclár seo a chomhordú i dtaca leis an gCreat Náisiúnta agus roghnú sócmhainní airgeadais.

*Airteagal 81*

*Freagrachtaí an Choiste Faireacháin*

1. Deimhneoidh an Coiste Faireacháin dó féin maidir le feidhmíocht chur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe agus éifeachtacht a chur chun feidhme. Chun na críche sin, i dteannta na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS]:

   (a) rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin agus eiseofar tuairim, laistigh de cheithre mhí ón gcinneadh a dhéanann an clár a fhormheas, ar na critéir roghnúcháin le haghaidh oibríochtaí maoinithe. Déanfar na critéir roghnúcháin seo a athbhreithniú de réir na riachtanas cláreagraithe;

   (b) déanfaidh an Coiste Faireacháin scrúdú ar ghníomhaíochtaí agus aschur maidir le plean meastóireachta an chláir;

   (c) déanfaidh an Coiste Faireacháin scrúdú ar ghníomhaíochtaí sa chlár a bhaineann le coinníollachtaí *ex ante* a chomhlíonadh;

   (d) glacfaidh an Coiste Faireacháin páirt sa Chreat Náisiúnta Tuaithe le faisnéis a mhalartú ar chur chun feidhme an chláir;

   (e) breithneoidh an Coiste Faireacháin na tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme agus déanfaidh sé iad a fhormheas sula gcuirtear chuig an gCoimisiún iad;

*Airteagal 82*

*Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme*

1. Faoin 31 Bealtaine 2016 agus faoin 31 Bealtaine gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2023 agus an bhliain sin san áireamh, cuirfidh an Ballstát tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme maidir le cur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe sa bhliain

féilire roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin. Cumhdóidh an tuarascáil a chuirfear isteach in 2016 na blianta féilire 2014 agus 2015.

2. I dteannta an méid dá bhforáiltear in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] áireofear sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme faisnéis *inter alia* faoi ghealltanais airgeadais agus caiteachas de réir birt, agus achoimre ar na gníomhaíochtaí a gabhadh ar láimh i ndáil leis an bplean meastóireachta.

3. I dteannta an méid dá bhforáiltear in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012], cumhdófar freisin sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2017 tuairisc ar chur chun feidhme aon fhochláir arna n-áireamh sa chlár, measúnú ar an dul chun cinn arna dhéanamh chun cur chuige comhtháite a áirithiú maidir le húsáid an CETFT agus ionstraimí airgeadais eile de chuid an AE chun tacú le forbairt chríochach limistéar tuaithe, lena n-áireofar trí straitéisí áitiúla forbartha, agus na torthaí maidir leis na spriocanna le haghaidh gach tosaíochta arna háireamh sa chlár forbartha tuaithe.

4. I dteannta an méid dá bhforáiltear in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012], cumhdófar freisin sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a chuirfear isteach in 2019 tuairisc ar chur chun feidhme aon fhochláir arna n-áireamh sa chlár, measúnú ar an dul chun cinn arna dhéanamh chun cur chuige comhtháite a áirithiú maidir le húsáid an CETFT agus ionstraimí airgeadais eile de chuid an AE chun tacú le forbairt chríochach limistéar tuaithe, lena n-áireofar trí straitéisí áitiúla forbartha.

5. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le heilimintí mionsonraithe nach mór a bheith sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme agus ina gcur i láthair. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

# Caibidil III
# Meastóireacht

*Airteagal 83*

*Forálacha ginearálta*

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, foráil maidir le heilimintí atá le háireamh sna meastóireachtaí *ex ante* agus *ex post* dá dtagraítear in Airteagal 48 agus in Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] agus na híoscheanglais maidir leis an bplean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. [CCS/2012] a bhunú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcloíonn meastóireachtaí leis an gcur chuige coitianta meastóireachta a comhaontaíodh i gcomhréir le hAirteagal 74, eagróidh siad

táirgeadh agus bailiú na sonraí riachtanacha, agus soláthróidh siad na píosaí áirithe faisnéise arna soláthar ón gcóras meastóireachta do na meastóirí.

3. Cuirfidh na Ballstáit na tuarascálacha measúnaithe ar fáil ar an Idirlíon agus déanfaidh an Coimisiún amhlaidh ar shuíomh Gréasáin an Aontais.

*Airteagal 84*

*Meastóireacht ex ante*

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an meastóir ex ante i ngleic le próiseas forbartha an chláir forbartha tuaithe ón gcéadchéim, lena n-áirítear forbairt na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(b), dearadh loighic idirghabhála an chláir agus bunú spriocanna an chláir.

*Airteagal 85*

*Meastóireacht ex ante*

Sa bhliain 2023 ullmhóidh na Ballstáit tuarascáil mheastóireachta *ex post* le haghaidh gach ceann dá gcláir forbartha tuaithe. Cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí.

*Airteagal 86*

*Sintéisí meastóireachtaí*

Déanfar sintéisí ar leibhéal Aontais na meastóireachtaí *ex ante*, meántéarma agus *ex post* a ghabháil ar láimh faoi fhreagracht an Choimisiúin.

Beidh sintéisí na dtuarascálacha meastóireachta críochnaithe ar a dhéanaí faoin 31ú Nollaig den bhliain i ndiaidh thaisceadh na meastóireachtaí iomchuí.

# TEIDEAL VIII
# Forálacha Iomaíochta

*Airteagal 87*

*Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le gnóthais*

I gcás ina ndeonaítear tacaíocht faoin Rialachán seo d'fhoirmeacha comhair idir gnólachtaí, ní fhéadfar í a dheonadh ach do na foirmeacha comhair idir gnólachtaí a chomhlíonann na rialacha iomaíochta mar atá feidhm acu de bhua Airteagal 143, Airteagal 144 agus Airteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. sCEM/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

*Airteagal 88*

*Státchabhair*

1. Seachas mar a bhforáiltear dá mhalairt sa Teideal seo, beidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 den Chonradh maidir le tacaíocht a thabhairt do na bearta forbartha tuaithe ag Ballstáit.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 den Chonradh maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus i gcomhréir leis, ná maidir leis an maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 89, faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh.

*Airteagal 89*

*Maoiniú náisiúnta breise*

I gcás íocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit maidir le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh agus a bhfuil sé d'fheidhm acu maoiniú breise a sholáthar le haghaidh forbartha tuaithe a bhfuil tacaíocht ón Aontas formheasta ina leith, ba cheart go gcuirfeadh Ballstáit na híocaíochtaí sin in iúl agus ba cheart go mbeidís formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo mar chuid den chlárú dá dtagraítear in Airteagal 7. Nuair atá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na híocaíochtaí seo, cuirfidh Coimisiún i bhfeidhm na critéir atá bunaithe le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagal 107 den Chonradh ar mhodh analaí. Ní chuirfidh an Ballstát lena mbaineann an maoiniú breise atá beartaithe le haghaidh forbartha tuaithe i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta.

# TEIDEAL IX
# Cumhachtaí an Choimisiúin, forálacha coiteanna agus forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

## Caibidil I
## Cumhachtaí an Choimisiúin

*Airteagal 90*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Is go ceann tréimhse neamhchinntithe ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinneadh maidir le haisghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ag dáta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 91*

*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an 'Coiste Forbartha Tuaithe' cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# Caibidil II

# Forálacha comhchoiteanna

*Airteagal 92*

*Malartú faisnéise agus doiciméad*

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, córas faisnéise a bhunú chun go bhféadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit sonraí comhleasa a mhalartú ar bhealach slán. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le hoibriú an chórais sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91.

*Airteagal 93*

*Forálacha ginearálta an CBT*

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. HR/2012 agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis na bearta atá leagtha amach sa Rialachán seo.

# Caibidil III

# Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 94*

*Aisghairmeacha*

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005.

Leanfar den fheidhm atá ag Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 maidir le hoibríochtaí atá curtha i bhfeidhm de bhun clár formheasta ag an gCoimisiún faoin Rialachán sin roimh an 1 Eanáir 2014.

*Airteagal 95*

*Forálacha idirthréimhseacha*

Chun an trasdul a éascú ón gcóras a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 chuig an gcóras arna bhunú ag an Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 90 maidir leis na dálaí faoinarbh fhéidir le tacaíocht atá formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 a chomhtháthú le tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear le haghaidh cúnaimh theicniúil agus na meastóireachtaí ex post.

*Airteagal 96*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN I**

**Méideanna agus rátaí tacaíochta**

| Airteagal | Ábhar | Uasmhéid in EUR nó ráta | |
|---|---|---|---|
| 16(8) | Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme | 1.500<br><br>200.000 | In aghaidh na míre comhairle<br><br>In aghaidh trí bliana i gcomhair oiliúint na gcomhairleoirí |
| 17(3) | Scéimeanna cáilíochta nó táirgí talmhaíochta agus earraí bia | 3.000 | In aghaidh an ghabháltais sa bhliain |
| | | | |
| 18(3) | Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha | <br>50%<br><br>75%<br><br>65%<br><br>40% | Earnáil na Talmhaíochta<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin lagfhorbartha<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna réigiúin is forimeallaí<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna hoileáin Aeigéacha is lú<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile<br><br>Féadfar na rátaí thuas a mhéadú 20 % , ar chuntar nach sáróidh an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte 90 % , le haghaidh:<br><br>- Feirmeoirí óga ag tosú amach<br><br>- Infheistíochtaí comhchoiteanna agus tionscadal comhtháite<br><br>- Limistéar a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu dá dtagraítear in Airteagal 33.<br><br>- Oibríochtaí arna dtacú laistigh de chreat an CEN<br><br>Próiseáil agus margú tháirgí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | 50%<br><br>75%<br><br>65%<br><br>40% | Iarscríbhinn I<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin lagfhorbartha<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna réigiúin is forimeallaí<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna hoileáin Aeigéacha is lú<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile<br><br>Féadfar go méadófar na rátaí thuas le 20 % ar chuntas nach sáróidh an t-uasmhéid tacaíochta comhcheangailte 90 % , le haghaidh oibríochtaí arna dtacú laistigh de chreat an CEN |
| 19(5) | Acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh damáiste di de bharr tubaistí nádúrtha a athbhunú agus gníomhaíochtaí iomchuí coisctheacha a thabhairt isteach | 80% | De mhéid chostais na hinfheistíochta incháilithe le haghaidh oibríochtaí coisctheacha arna ndéanamh ag feirmeoirí aonair. |
| 20(6) | Forbairt feirme agus gnó | 70.000<br><br>70.000<br><br>15.000 | In aghaidh an fheirmeora óig faoi 20(1)(a)(i)<br><br>In aghaidh an ghnóthais faoi 20(1)(a)(ii)<br><br>In aghaidh na feirme bige faoi 20(1)(a)(iii) |
| 24(3) | Córais agrafhoraoiseachta a bhunú | 80% | De mhéid na hinfheistíochta incháilithe le córais agrafhoraoiseachta a bhunú |
| 27(5) | Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil agus i margaíocht táirgí foraoiseachta | 50%<br><br>75%<br><br>65% | De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin thearcfhorbartha<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe sna réigiúin is forimeallaí<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | 40% | sna hoileáin Aeigéacha is lú<br><br>De mhéid na hinfheistíochta incháilithe i réigiúin eile |
| 28(4) | Slabhraí soláthair gairide: | 10% ,<br>10% ,<br>8% ,<br>6% ,<br>4%<br><br>5%<br>5%<br>4%<br>3%<br>2%<br><br>100.000 | <u>Le haghaidh táirgeadh a margaíodh suas le EUR 1 000 000</u><br><br>Mar chéatadán de tháirgeacht a margaíodh le linn na chéad chúig bliana i ndiaidh aitheantais, don 1ú, 2ú, 3ú, 4ú agus 5ú bliain faoi seach.<br><br><u>Le haghaidh táirgeacht a margaíodh thar EUR 1 000 000 mar chéatadán de tháirgeadh a margaíodh le linn na chéad chúig bliana i ndiaidh aitheantais, don 1ú, 2ú, 3ú, 4ú agus 5ú bliain faoi seach.</u><br><br>Uas-suim in aghaidh na bliana i ngach cás. |
| 29(8) | Comhshaol Talmhaíochta | 600(*)<br>900(*)<br><br>450(*)<br>200(*) | In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr bliantúil<br><br>In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr speisialaithe ilbhliantúil<br><br>In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh úsáidí eile talún<br><br>In aghaidh an Aonaid Bheostoic ('LU') sa bhliain le haghaidh pórtha áitiúla i mbaol a gcaillte d'fheirmeoirí |
| 30(5) | Feirmeoireacht Orgánach | 600(*)<br>900(*)<br><br>450(*) | In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr bliantúil<br><br>In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh barr speisialaithe ilbhliantúil<br><br>In aghaidh an heicteáir sa bhliain le haghaidh úsáidí eile talún |
| 31(7) | Íocaíochtaí Natura 2000 | 500(*) | Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus na Creat-Treorach Uisce | <br>200(*)<br>50 | bhliain sa tréimhse tosaigh nach faide ná cúig bliana<br>Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain<br>Íosmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain d'íocaíochtaí na Creat-treorach Uisce |
| 32(3) | Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag gabháil dóibh | 25<br>250(*)<br>300(*) | Íosmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain<br>Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain<br>Uasmhéid in aghaidh an heicteáir sa bhliain i limistéir sléibhe mar atá sainithe in Airteagal 46(2) |
| 34(3) | Leas ainmhithe | 500 | In aghaidh LU |
| 35(3) | Seirbhísí comhshaoil foraoise agus caomhnú foraoise | 200(*) | In aghaidh an heicteáir sa bhliain |
| 38(5) | Árachas barr, ainmhithe agus plandaí | 65% | den phréimh árachais dlite |
| 39(5) | Cistí frithpháirteacha le haghaidh galar ainmhithe agus plandaí agus teagmhas comhshaoil | 65% | de na costais incháilithe. |
| 40(5) | Gléas Cobhsaithe Ioncaim | 65% | de na costais incháilithe |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

* Féadfar go méadófar na méideanna seo i gcásanna eisceachtúla nuair a chuirtear san áireamh dálaí sonracha a bheidh le fírinniú sna cláir forbartha tuaithe.

## IARSCRÍBHINN II

## Critéir bhithfhisiceacha maidir le teorannú áiteanna a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu

| CRITÉAR | SAINMHÍNIÚ | TAIRSEACH |
|---|---|---|
| **AERÁID** | | |
| **Teocht Íseal** | Fad na Tréimhse Fáis (líon laethanta) arna sainiú ag líon na laethanta leis an meánteocht laethúil > 5°C ($LGP_{t5}$) NÓ | ≤180 lá |
| | Suim ama theirmigh (céimeanna-laethanta) le haghaidh na Tréimhse Fáis arna sainiú trí mheánteocht laethúil charnach > 5°C | ≤ 1500 céim-laethanta |
| **Tirimeacht** | Cóimheas na frasaíochta (P) leis an imghalú bliantúil a d'fhéadfadh a bheith ann (PET) | P/PET ≤ 0.5 |
| **ITHIR AGUS AERÁID** | | |
| **Ró-thaise ithreach** | Líon na laethanta ar thoilleadh Réimse nó níos mó ná sin | ≥ 230 lá |
| **ITHIR** | | |
| **Draenáil theoranta ithreach** | Limistéir leathbháite ar feadh tréimhse suntasaí den bhliain | Fliuch laistigh de 80 cm ón dromchlá ar feadh níos mó ná 6 mhí, nó fliuch laistigh de 40 cm ar feadh níos mó ná 11 mhí NÓ<br>Ithir draenáilte go dona nó go holc<br>Patrún i ndath gléirigh laistigh de 40cm ón dromchlá |
| **Uigeacht agus clochacht neamhfhabhrach** | Flúirse choibhneasta cré, síolta, gainimh, ábhair orgánaigh (meáchan % ) agus codáin gharbhábhair (toirtmhéadrach % ) | ≥ Garbhábhar is ea 15 % de thoirt bharrithreach, lena n-áirítear lomán carraigeach, bollán NÓ |
| | | Aicme uigeachta barrithreach gainimh, gaineamh dúrabháin sainithe mar:<br>siolta % + (2x cré % ) ≤30 % ) NÓ |
| | | Cré throm atá san aicme uigeachta barrithreach<br>(≥ 60 % cré) NÓ |

| | | |
|---|---|---|
| | | Ithir orgánach (ábhar orgánach ≥30% ) de 40cm ar a laghad NÓ |
| | | Aicme uaigeachta barrithreach cré, sioltchré, cré ghainimheach agus airíonna ceartingearacha laistigh de 100cm ón dromchlá |
| **Doimhneacht Éadomhain Fréamhaithe** | Doimhneacht (cm) ón dromchla ithreach go cruacharraig chomhtháiteach nó cruachiseal comhtháiteach | ≤ 30cm |
| **Airíonna Laga Ceimiceacha** | Láithreacht salainn sa bharrithir, sóidiam inmhalartaithe, aigéadacht iomarcach | Salandacht: ≥ 4 dheicishímin sa mhéadar (dS/m) NÓ |
| | | Tomhas Sóidiam: ≥ 6 chéatadán sóidiam inmhalartaithe (ESP) NÓ |
| | | Aigéadacht ithreach: pH ≤ 5 (in uisce) |
| **TÍR-RAON** | | |
| **Fána Ghéar** | Athrú airde maidir le hachar plánaiméadrach (% ) | ≥ 15% |

## IARSCRÍBHINN III

## Liosta táscach beart agus oibríochtaí a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo maidir le fochláir théamacha dá dtagraítear in Airteagal 8

**Feirmeoirí óga:**

Cabhair nuathionscanta gnó d'fheirmeoirí óga atá ag tosú amach i ngabháltas talún den chéad uair

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise

Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Leader

Infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta

**Feirmeacha beaga:**

Cabhair nuathionscanta gnó le haghaidh feirmeacha beaga a fhorbairt

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Grúpaí táirgeoirí a bhunú

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise

Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Comhar

Infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta

Slabhraí soláthair gairide:

Comhar

**Limistéir sléibhe;**

- Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu

- Oibríochtaí Comhshaoil Talmhaíochta

- Comhar

- Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

- Forbairt feirme agus gnó i limistéir thuaithe

- Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia

- Córais agrafhoraoiseachta a bhunú

Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhaile i limistéir thuaithe

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise

Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

Slabhraí soláthair gairide:

Comhar

**Slabhraí soláthair gairide:**

Leader

Slabhraí soláthair gairide:

Comhar

Grúpaí táirgeoirí a bhunú Leader

Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhaile i limistéir thuaithe

Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus faisnéise

Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme

## IARSCRÍBHINN IV

## Coinníollachtaí *ex ante* le haghaidh forbartha tuaithe

### 1. COINNÍOLLACHTAÍ ATÁ NASCTHA LE TOSAÍOCHTAÍ

| Tosaíocht de chuid AE maidir le forbairt tuaithe/CCS Cuspóir Téamach (CT) | Coinníollachtaí *ex ante* | Critéir atá le comhlíonadh |
|---|---|---|
| **Tosaíocht 1 maidir le taighde agus forbairt: aistriú faisnéise agus nuálaíocht sa talmhaíocht, foraoiseacht, agus i limistéir thuaithe a chothú**<br><br>CT 1: taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht a neartú | 1.1. **Taighde agus Nuálaíocht:** Straitéis nuálaíochta náisiúnta/réigiúnach um speisialtóireacht chliste i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe Náisiúnta a bheith ann, chun caiteachas príobháideach Taighde agus Nuálaíochta a ghiaráil, a chloíonn le gnéithe córas dea-fheidhmiúil taighde agus nuálaíochta náisiúnta nó réigiúnacha[38].<br><br>1.2. **Cumas comhairleach:** cumas leordhóthanach comhairleach d'fhonn comhairle ar na ceanglais rialála agus gach gné a bhaineann le bainistíocht inbhuanaithe agus gníomhaíocht ar son na haeráide sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a áirithiú | – Straitéis nuálaíochta náisiúnta agus/nó réigiúnach um speisialtóireacht chliste a bheith curtha ar bun:<br>– atá bunaithe ar anailís SWOT chun acmhainní a chomhbhailiú maidir le sraith theoranta tosaíochtaí i dtaca le taighde agus nuálaíocht<br>– ina leagtar amach bearta chun infheistíocht phríobháideach i dtaighde agus i bhforbairt theicneolaíoch a spreagadh;<br>– ina bhfuil córas faireacháin agus athbhreithnithe.<br>– Tá creat glactha ag Ballstát ina leagtar amach acmhainní buiséadacha atá ar fáil do thaighde agus d'fhorbairt;<br>– Tá plean ilbhliantúil glactha ag Ballstát chun infheistíochtaí a bhaineann le tosaíochtaí an AE a bhuiséadú agus a chur in ord tosaíochta (ESFRI).<br><br>– Tuairisc ar struchtúr na gcóras sínidh/comhairleach ar an scála |

[38] Sa teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún : Tionscnamh Suaitheanta Eoraip 2020 'Aontas na Nuálaíochta' (COIM92010) 546 críochnaitheach an 6.10.2010). Conclúidí na Comhairle Iomaíochais: Conclúidí maidir le hAontas na Nuálaíochta don Eoraip (doic. 17165/10 an 26.11.2010).

| | | |
|---|---|---|
| | | ábhartha geografach (náisiúnta/réigiúnach) - lena n-áirítear an ról a bheartaítear dóibh faoi raon feidhme na tosaíochta maidir le taighde agus forbairt – a léiríonn go bhfuil coinníollachtaí ex ante 1.2 comhlíonta, a bheith san áireamh sa chlár, |
| **Tosaíocht 2 maidir le taighde agus forbairt: iomaíochas gach cineál talmhaíochta a fheabhsú agus inmharthanacht feirmeacha a fheabhsú**<br><br>CT 3: iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide a fheabhsú | 2-3.1. **Gnólacht a chur ar bun:** Rinneadh gníomhaíochtaí sonracha chun an tAcht um Ghnólachtaí Beaga (SBA) a chur chun feidhme go héifeachtach agus an tAthbhreithniú air an 23 Feabhra 2011[39] lena n-áirítear an prionsabal 'Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dtús' | –Áirítear ar na gníomhaíochtaí sonracha:<br><br>– bearta chun an t-am is gá chun gnólacht a chur ar bun a laghdú go 3 lá oibre agus an costas a laghdú go EUR 100;<br><br>– bearta chun an t-am is gá chun ceadúnais agus ceadanna a fháil chun gníomhaíocht shonrach fiontair a thionscnamh agus a fheidhmiú a laghdú go 3 mhí;<br><br>– meicníocht le haghaidh measúnú córasach thionchar na reachtaíochta ar FBManna a úsáideann 'tástáil FBM' agus difríochtaí i méid fiontar a chur san áireamh, nuair is gá |
| **Tosaíocht 3 maidir le taighde agus forbairt: eagrúchán an tslabhra bia agus bainistíocht riosca a chur chun cinn sa talmhaíocht**<br><br>CT 3: iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide a fheabhsú | | |

39 Sa teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún: Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dtús – Acht um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip (COIM(2008) 394 an 23.6.2008; Conclúidí na Comhairle Iomaíochais: Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dtús – Acht um Ghnólachtaí don Eoraip (doic. 16788/08, 1.12.2008; Teachtaireacht ón gComhairle chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún: Athbhreithniú ar an 'Acht um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip (COIM(2008) 78 críochnaitheach, an 23.2.2011; Conclúidí na Comhairle Iomaíochais: Conclúidí an Athbhreithnithe ar an 'Acht um Ghnólachtaí Beaga' don Eoraip (doic. 10975/11 an 30.5.2011).

| | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht 4 maidir le taighde agus forbairt: na héiceachórais a bhraitheann ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht a athshlanú, a chaomhnú agus a fheabhsú;**<br><br>CT 5: Oiriúnú d'athrú aeráide, cosc agus bainistiú riosca a chur chun cinn<br><br>CT 6: an comhshaol a chosaint agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn | 4.1 **Dálaí Maithe Talmhaíochta agus Comhshaoil** (DMTC): déantar caighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún dá dtagraítear i gCaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) HR/xxxx a bhunú ar leibhéal náisiúnta | – déantar caighdeáin DMTC a shainiú sa dlí náisiúnta agus a shonrú sna cláir; |
| | **4.2 Íoscheanglais maidir le leasacháin agus táirgí cosanta plandaí**: déantar na híoscheanglais maidir le leasacháin agus táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 29 de Chaibidil I de Theideal III den Rialachán seo a shainiú ar leibhéal náisiúnta | –déantar na híoscheanglais maidir le leasacháin agus táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear i gCaibidil I de Theideal III den Rialachán seo a shainiú sna cláir; |
| | 4.3 **caighdeáin náisiúnta ábhartha eile:** sainítear na caighdeáin náisiúnta shainordaitheacha ábhartha chun críocha Airteagal 29 de Chaibidil I de Theideal III den Rialachán seo | –sonraítear caighdeáin náisiúnta shainordaitheacha ábhartha sna cláir; |
| | 4.4. **Riosca a chosc**: measúnuithe riosca náisiúnta um bainistiú tubaiste, ag cur san áireamh oiriúnú d'athrú aeráide[40] | –Beidh measúnú riosca náisiúnta curtha ar bun ina n-áireofar;<br><br>– Tuairisc ar an bpróiseas, ar an modheolaíocht, ar na modhanna agus na sonraí neamhíogaireacha a úsáidtear don mheasúnú riosca náisiúnta;<br><br>– Modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla a ghlacadh don mheasúnú riosca;<br><br>– Straitéisí náisiúnta oiriúnaithe d'athrú aeráide a chur san áireamh, nuair is iomchuí, |

[40] Conclúidí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile; Conclúid maidir le tuilleadh forbartha ar mheasúnuithe riosca maidir le bainistiú tubaiste san Aontas Eorpach. 11-12 Aibreán 2011.

| | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht 5 maidir le taighde agus forbairt: éifeachtúlacht ó thaobh acmhainní de agus an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil na foraoiseachta a chur chun cinn**<br><br>CT 4: tacú le hathrú go geilleagar ísealcharbóin in gach earnáil<br><br>CT 5: oiriúnú d'athrú aeráide, cosc agus bainistiú riosca a chur chun cinn | 5.1 **Astaíochtaí gáis cheaptha teasa:** Comhlíonadh Airteagal 6(1) de Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát a n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú chun gealltanais an Chomhphobail maidir le laghdú gáis cheaptha teasa a chomhlíonadh go 2020[41]<br><br>**5.2 Tíosacht ar fhuinneamh:** Treoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le tíosacht úsáide deiridh ar fhuinneamh agus seirbhísí fuinnimh a thrasuíomh sa dlí náisiúnta[42]<br><br>5.3 **Praghsáil uisce:** beartas praghsála uisce a bheith ann lena n-áirithítear rannchuidiú leormhaith na n-úsáidí uisce éagsúla le haisghabháil chostais na seirbhísí uisce, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[43].<br><br>5.4. **Pleananna bainistíochta dramhaíola:** Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe[44], go háirithe forbairt pleananna bainistíochta dramhaíola i gcomhréir leis an Treoir a thrasuíomh sa dlí | – Tá Ballstát tar éis tuarascáil maidir le beartais agus bearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 3 de Chinneadh Uimh. 406/2009/CE a chur faoi bhráid an Choimisiúin in 2013-2020;<br><br>– Tá Ballstát tar éis Plean Gníomhaíochta um Thíosacht ar Fhuinneamh a iompaíonn cuspóirí spárála fuinnimh ina mbearta nithiúla i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2006/32/CE a chur faoi bhráid an Choimisiúin;<br><br>– Tá Ballstát tar éis an prionsabal maidir le haisghabháil chostais na seirbhísí uisce a chur san áireamh, lena n-áirítear costais comhshaoil agus acmhainní i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 2000/60/CE;<br><br>– Tá Ballstát tar éis anailís eacnamaíoch a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2000/60/CE maidir le toirt, praghas agus costas seirbhísí uisce, agus meastacháin na n-infheistíochtaí ábhartha;<br><br>– Tá Ballstát tar éis rannchuidiú úsáidí éagsúla uisce de réir earnála a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Threoir 2000/60/CE<br><br>– Tá Ballstát tar éis a áirithiú go mbunaíonn a údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagail 1, 4, 13 agus 16 de Threoir 2008/98/CE, plean bainistíochta dramhaíola amháin nó níos mó mar a cheanglaítear le |

41 IO L 140, 5.6.2009, lch. 136.
42 IO L 48, 23.2.2011, lch 1.
43 IO L 327, 22.12.2000, lch 1.
44 IO L 312, 22.11.2008, lch 3.
45 IO L 140, 5.6.2009, lch 16.

| | | |
|---|---|---|
| | náisiúnta.<br><br>5.5 **Fuinneamh in-athnuaite:** Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE[45] | hAirteagal 28 den Treoir;<br><br>– Tá Ballstát tar éis plean gníomaíochta náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2009/28/CE |
| **Tosaíocht 6 maidir le taighde agus forbairt: cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i limistéir thuaithe a chur chun cinn**<br><br>CT 8: fostaíocht chur chun cinn agus tacú le soghluaiseacht saothair<br><br>CT 9: cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus bochtaineacht a chomhrac | 6.1 **Rochtain ar an CETFT**: Tacaíocht a sholáthar do gheallsealbhóirí ábhartha chun rochtain a fháil ar an CETFT<br><br>6.2 **Féinfhostaíocht, fiontraíocht agus cruthú gnó:** Straitéis chuimsitheach agus uilechuimsitheach maidir le tacaíocht nua-thionscanta uilechuimsitheach a bheith ann i gcomhréir leis an Acht um Ghnólachtaí Beaga[46] agus i gcomhchuibheas le treoirlíne 7 maidir le fostaíocht, i dtaca le coinníollacha cumasaithe le haghaidh cruthú post<br><br>6.3 ***Bonneagar do Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (Gréasáin do Rochtain na Chéad Ghlúine Eile - NGA):*** Pleananna náisiúnta NGA a chuireann san áireamh gníomhaíochtaí réigiúnacha chun spriocanna maidir le rochtain ardluais ar an Idirlíon a bhaint amach[47], ag díriú ar réimsí nach soláthraíonn an | – Tugtar tacaíocht do gheallsealbhóirí ábhartha chun iarratais ar thionscadail a chur isteach agus chun na tionscadail roghnaithe a chur chun feidhme agus a bhainistiú<br><br>–Tá straitéis chuimsitheach agus uilechuimsitheach curtha ar bun ag na Ballstáit ina n-aireofar:<br><br>– bearta chun an t-am agus an costas chun gnó a thionscnamh a laghdú go suntasach i gcomhréir leis an Acht um Ghnólachtaí Beaga;<br><br>– bearta chun an t-am is gá chun ceadúnais agus ceadanna a fháil chun gníomhaíocht shonrach gnó fiontair a thionscnamh agus a fheidhmiú a laghdú i gcomhréir leis an Acht um Ghnólachtaí Beaga ;<br><br>– Gníomhaíochtaí a nascann seirbhísí forbartha gnó oiriúnacha agus seirbhísí airgeadais oiriúnacha (rochtain ar chaipiteal), lena n-áirítear for-rochtain ar ghrúpaí agus ar limistéir faoi mhíbhuntáiste |

46 Tagairtí le háireamh.

47 Sa teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún: Clár Digiteach don Eoraip (COIM(2010) 245 críochnaitheach/2 an 26.8.2010); **Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin:** Scórchlár don Chlar Digiteach (SEC(2011) 708 an 31.5.2011). Scórchlár: http://ec.europa.eu/information_society/digital-agenda/scoreboard/index_en.htm

| | | |
|---|---|---|
| | margadh bonneagar oscailte ar chostas réasúnta agus de cháilíocht leormhaith | –Plean náisiúnta NGA a bheith curtha ar bun ina bhfuil:<br><br>– plean infheistíochtaí sa bhonneagar trí chomhiomlánú éilimh agus léarscáilíocht bonneagair agus seirbhísí, a thugtar cothrom le dáta go rialta;<br><br>– samhlacha infheistíochta inbhuanaithe a fheabhsaíonn iomaíocht agus a thugann rochtain ar bhonneagar agus sheirbhísí atá oscailte, ar chostas réasúnta, d'ardcháilíocht agus díonach ar an todhchaí;<br><br>– bearta chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh. |

## 2. COINNÍOLLACHTAÍ COTHROMÁNACHA (CC) A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LE ROINNT TOSAÍOCHTAÍ

| | | |
|---|---|---|
| | CC.1 Éifeachtúlacht riaracháin na mBallstát: straitéis a bheith ann chun éifeachtúlacht riaracháin na tíre a neartú lena n-áirítear athchóiriú an riaracháin phoiblí[48] | –Straitéis chun éifeachtúlacht riaracháin Bhallstáit a neartú a bheith curtha ar bun agus á cur chun feidhme[49]; áirítear sa straitéis:<br>– anailís agus pleanáil straitéiseach gníomhaíochtaí athchóirithe dlíthiúla, eagraíochtúla agus/nó nós imeachta;<br>– córais bhainistíochta d'ardcháilíocht a fhorbairt;<br>– gníomhaíochtaí comhtháite chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a chuíchóiriú;<br>– scileanna a fhorbairt ar gach leibhéal;<br>– nósanna imeachta agus uirlisí le haghaidh faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt |
| | CC. 2 **Leithdháileadh acmhainní daonna:** acmhainneacht leordhóthanach i leithdháileadh acmhainní daonna, bainistiú oiliúna agus córais TF a bheith ar fáil laistigh de na comhlachtaí atá freagrach as bainistiú agus cur chun feidhme clár forbartha tuaithe | –Tuairisc ar leithdháileadh acmhainní daonna, bainistíocht oiliúna agus córais TF laistigh d'Údaráis Bainistíochta an chláir, a léiríonn gur comhlíonadh coinníollachtaí ex-ante CC.2 a bheith ar áireamh sa chlár |
| | CC. 3 **Critéir roghnaithe**: sainítear cur chuige iomchuí ina leagtar síos prionsabail maidir le socrú critéar roghnaithe do thionscadail agus d'fhorbairt áitiúil | – Tuairisc ar an gcur chuige atá roghnaithe maidir le critéir roghnúcháin do thionscadail agus d'fhorbairt áitiúil, a léiríonn gur comhlíonadh coinníollachtaí CC.3 a beith ar áireamh sa chlár |

48 Má tá moladh ón gComhairleatá sonrach do thír áirithe i bhfeidhm, ceangailte go díreach leis an bhforáil seo maidir le coinníollachtaí, sa chás sin, agus measúnú á dhéanamh ar a chomhlíonadh, cuirfear san áireamh an dul chun cinn atá déanta ar chomhlíonadh an mholta atá sonrach don tír.

49 Féadfar spriocdhátaí le haghaidh sheachadadh na n-eilimintí uile atá anseo i gcás ina mbaineann sé le cur chun feidhme na straitéise a shocrú le linn thréimhse chur chun feidhme an chláir.

## IARSCRÍBHINN V

## Liosta táscach beart atá ábhartha maidir le tosaíocht amháin nó níos mó de chuid an Aontais maidir le forbairt tuaithe

### Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le roinnt tosaíochtaí de chuid an Aontais

Airteagal 16 Seirbhísí Comhairleacha, bainistíocht feirme agus seirbhísí um Fhaoiseamh Feirmeoireachta

Airteagal 18 Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Airteagal 20 Forbairt feirme agus gnó

Airteagal 36 Comhar

Airteagal 42 – LEADER.

### Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le haistriú eolas agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe a chothú

Airteagal 15 Aistriú eolais agus gníomhaíochtaí faisnéise

Airteagal 27 Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil agus margú táirgí foraoise

### Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le iomaíochas talamhaíochta de gach cineál a fheabhsú agus inmharthanacht feirme a fheabhsú

Airteagal 17 Scéimeanna Cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

Airteagal 32-33 Íocaíochtaí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó eile orthu

### Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an slabhra bia a eagrú agus bainistíocht riosca sa talmhaíochta

Airteagal 19 Athshlánú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh dochar di trí thubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha agus gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí a thabhairt isteach

Airteagal 25 Dochar d'fhoraoisí ó dhóiteáin foraoise agus ó thubaistí nádúrtha agus ó theagmhais thurraingeacha a chosc agus a athshlánú

Airteagal 28 Grúpaí táirgeoirí a bhunú

Airteagal 34 Leas ainmhithe

Airteagal 37 Bainistíocht riosca

Airteagal 38 Árachas do bharra, d'ainmhithe agus do phlandaí

Airteagal 39 Cistí frithpháirteacha le haghaidh galar ainmhithe agus plandaí agus teagmhas comhshaoil

Airteagal 40 Uirlis um chobhsaíocht ioncaim

**Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le héiceachórais atá ag brath ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht a athshlánú, a chaomhnú agus a fheabhsú**

**agus**

**Éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus tacú le hathrú go geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de in earnálacha na talmhaíochta, an bhia agus na foraoiseachta**

Airteagal 22 Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus inmharthanacht foraoisí a fheabhsú

Airteagal 23 Coillearnacha a fhoraoisiú agus a chruthú

Airteagal 24 Córais agrafhoraoiseachta a bhunú

Airteagal 26 Infheistíochtaí chun athléimneacht agus luach comhshaoil éiceachórais na bhforaoisí a fheabhsú

Airteagal 29 Agra-chomhshaoil-aeráide

Airteagal 30 Feirmeoireacht orgánach

Airteagal 31 Natura 2000 agus íocaíochtaí na creat-threorach maidir le hUisce

Airteagal 35 Seirbhísí foraoise-comhshaoil agus aeráide agus caomhnú foraoise

**Bearta a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíocht i limistéir thuaithe a chur chun cinn.**

Airteagal 21 Seirbhísí bunúsacha agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe

Airteagal 42 – 45 LEADER

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| - Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta;<br><br>- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair);<br><br>- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);<br><br>- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air;<br><br>- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí a chur i bhfeidhm i ndáil leis an mbliain 2013;<br><br>- Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta;<br><br>- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le córas na scéime aoníocaíochta agus tacaíocht do shaothraithe finiúnacha; |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[50]

| |
|---|
| Réimse beartais Theideal 05 de Cheannteideal 02. |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh (Creat reachtach don CBT ó 2013 amach)

x Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[51]

x Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

[50] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

[51] Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

x Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

## 1.4. Cuspóirí

### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Chun éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn d'fhonn fás cliste inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach i gcomhair thalmhaíocht an AE agus forbartha tuaithe i gcomhréir leis an straitéis "Eoraip 2020", is iad cuspóirí an CBT:<br><br>- Tairgeadh inmharthana bia;<br><br>- Bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide;<br><br>- Forbairt chríochach chothromúil. |

### *1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| **<u>Cuspóirí sonracha do Réimse beartais 05:</u>**<br><br><u>CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1:</u><br><br>Earraí poiblí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 2:</u><br><br>Deacrachtaí táirgthe i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha sonracha iontu a chúiteamh<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 3:</u><br><br>Gníomhaíochtaí maidir le maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a dhéanamh<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 4:</u><br><br>Buiséad an AE (CBT) a bhainistiú i gcomhréir le hardchaighdeáin bainistíochta airgeadais<br><br>**<u>Cuspóir sonrach d'ABB 05 02 – Idirghabhálacha i margaí talmhaíochta:</u>**<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 5:</u><br><br>Iomaíocht earnáil na talmhaíochta a fheabhsú agus cur lena luach sa slabhra bia<br><br>**<u>Cuspóir sonrach d'ABB 05 03 - Cabhair dhíreach:</u>**<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 6:</u><br><br>Cuidiú le hioncaim feirme agus le hinathraitheacht ioncam feirme a theorannú<br><br>**<u>Cuspóirí sonracha d'ABB 05 04 – Forbairt tuaithe:</u>**<br><br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 7:</u> |

Fás glas a chothú trí nuálaíocht

Cuspóir sonrach Uimh. 8:

Tacú le forbairt tuaithe agus uige shóisialta limistéar tuaithe a chothabháil

Cuspóir sonrach Uimh. 9:

An geilleagar tuaithe a fheabhsú agus éagsúlú a chur chun cinn

Cuspóir sonrach Uimh. 10:

An deis a thabhairt maidir le héagsúlacht i gcórais feirmeoireachta ó thaobh struchtúir de

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Ní féidir spriocanna cainníochtúla a shocrú le haghaidh táscairí tionchair ag an gcéim seo. Cé gur féidir leis an mbeartas cúrsaí a threorú i dtreo áirithe, bheadh na torthaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta ginearálta arna dtomhas leis na táscairí sin ag brath freisin ar thionchar raon fachtóirí seachtracha, ar fachtóirí iad, i bhfianaise na taithí is déanaí, atá anois suntasach agus neamh-intuartha Tá tuilleadh anailíse ar siúl ar bhonn leanúnach, le bheith réidh don tréimhse tar éis 2013.

Maidir leis na híocaíochtaí díreacha, beidh an deis ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, ar bhonn teoranta, maidir le cur chun feidhme ghnéithe áirithe na scéimeanna íocaíochta dírí.

I gcás na forbartha tuaithe, beidh na torthaí agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leo ag brath ar na cláir forbartha tuaithe a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiún. Iarrfar ar Bhallstáit spriocanna a shocrú ina gcláir.

***1.4.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar***

Déantar foráil sna tograí maidir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta a bhunú d'fhonn feidhmíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta a thomhas. Áireofar sa chreat sin na hionstraimí uile a bhaineann le faireachán agus meastóireacht ar bhearta an CBT agus go háirithe ar na híocaíochtaí díreacha, ar na bearta margaidh, ar na bearta forbartha tuaithe agus ar chur i bhfeidhm an tras-chomhlíonta.

Déanfar tionchar na mbeart sin a thomhas i ndáil leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) táirgeadh inmharthana bia agus béim ar ioncam talmhaíochta, ar tháirgeadh talmhaíochta agus ar chobhsaíocht praghsanna;

(b) acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, gníomhaíocht ar son na haeráide, agus béim a chur ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa, ar an mbithéagsúlacht, ar ithir agus ar uisce;

(c) forbairt chríochach chothromúil, agus béim ar fhostaíocht tuaithe, ar fhás agus ar bhochtaineacht i limistéir tuaithe.

Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an tacar táscairí a bhaineann go sonrach leis na cuspóirí agus na limistéir sin.

Ina theannta sin, maidir le forbairt tuaithe, moltar comhchóras neartaithe faireacháin agus meastóireachta. Dírítear sa chóras sin ar (a) dul chun cinn agus comhlíonadh beartais forbartha tuaithe a léiriú agus tionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht idirghabhálacha ar bheartas forbartha tuaithe a mheasúnú, (b) rannchuidiú le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe atá níos spriocdhírithe, agus (c) tacú le comhphróiseas foghlamtha i ndáil le faireachán agus meastóireacht. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, liosta na gcomhtháscairí atá ceangailte leis na cuspóirí beartais.

## 1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Chun cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an CBT a bhaint amach, arb ionann iad agus aistriúchán díreach ar straitéis Eoraip 2020 maidir le limistéir thuaithe Eorpacha agus chun ceanglais ábhartha an Chonartha a chomhlíonadh, dírítear sna tograí ar chreat reachtach don Chomhbheartas Talmhaíochta a leagan amach don tréimhse ó 2013 amach.

### *1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Amach anseo ní bheidh an CBT ina bheartas nach bhfreastalaíonn ach ar chuid bheag, bíodh go bhfuil an chuid sin sár-riachtanach, de gheilleagar an AE, ach beartas lena mbaineann tábhacht straitéiseach i gcomhair slándála bia, an chomhshaoil agus cothroime idir críocha a bheidh ann freisin. Ar an gcaoi sin, baineann an CBT, ar chomhbheartas i bhfírinne é, an úsáid is éifeachtúla as acmhainní buiséadacha teoranta chun talmhaíocht inbhuanaithe a chothabháil ar fud an AE, ag díriú ar shaincheisteanna tábhachtacha trasteorann amhail athrú aeráide, agus ag neartú na dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát.

Mar atá luaite sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Buiséad don Eoraip 2010"[52], is beartas Eorpach i bhfírinne an CBT. Seachas 27 beartas talmhaíochta agus buiséad talmhaíochta ar leith a fheidhmiú, déanann na Ballstáit a n-acmhainní a chomhthiomsú chun beartas Eorpach aonair mar aon le buiséad Eorpach aonair a fheidhmiú. Ciallaíonn sé seo go nádúrtha gurb ionann an CBT agus sciar suntasach de bhuiséad an AE. Mar sin féin, tá an cur chuige seo níos éifeachtúla agus níos eacnamaíche ná cur chuige náisiúnta neamh-chomhordaithe.

### *1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Bunaithe ar an meastóireacht ar an gcreat beartais reatha, agus comhairliúchán fhairsing leis na geallsealbhóirí chomh maith le hanailís ar dhúshláin agus ar riachtanais amach anseo, cuireadh measúnú cuimsitheach tionchair i gcrích. Tá mionsonraí breise ar fáil sa mheasúnú tionchar agus sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na tograí dlíthiúla.

[52] COIM(2011) 500 críochnaihteach, 29 Meitheamh 2011.

*1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

| |
|---|
| Ba cheart féachaint ar na tograí reachtacha a bhaineann leis an ráiteas airgeadais seo i gcomhthéacs níos leithne an togra le haghaidh creat-rialachán aonair le comhrialacha maidir le cistí an chomhchreata straitéisigh (CETFT, CFRE, CSE, an Ciste Comhtháite agus CEMI). Cuideoidh an creat-rialachán sin go suntasach leis an ualach riaracháin a laghdú, le cistí an AE a chaitheamh ar bhealach éifeachtach, agus le simpliú a chur i ngníomh. Leis seo daingnítear freisin coincheapa nua an chomhchreata straitéisigh le haghaidh na gcistí sin go léir agus na Conarthaí Comhpháirtíochta atá ag teacht aníos a chumhdóidh na cistí sin freisin.<br><br>Sa chomhchreat straitéiseach a bhunófar, déanfar cuspóirí agus tosaíochtaí Straitéis Eoraip 2020 a thiontú ina dtosaíochtaí don CETFT mar aon leis an CFRE, CSE, an Ciste Comhtháite agus CEMI, rud a áiritheoidh úsáid chomhtháite na gcistí chun comhchuspóirí a chur i gcrích.<br><br>Sa chomhchreat straitéiseach leagfar amach meicníochtaí comhordúcháin freisin le beartais agus ionstraimí ábhartha eile an Aontais.<br><br>Ina theannta sin, maidir leis an CBT, gheofar sineirgíochtaí agus éifeachtaí simpliúcháin suntasacha trí na rialacha maidir le bainistíocht agus rialú don chéad cholún (CERT) agus don dara colún (CETFT) den CBT a chomhchuibhiú agus a ailíniú. Ba cheart an nasc láidir idir an CERT agus an CETFT a chothabháil agus na struchtúir atá curtha ar bun cheana sna Ballstáit a choimeád. |

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

x Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta (i gcás na ndréacht-rialachán maidir le scéimeanna íocaíochta dírí, forbairt tuaithe agus rialacháin idirthréimhseacha)**

– x Togra/tionscnamh in éifeacht ón 1.1.2014 go dtí an 31.12.2020

– x Tionchar airgeadais do thréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile. D'fhorbairt tuaithe, tionchar ar íocaíochtaí go 2023.

x Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta (i gcás an dréacht-rialacháin maidir leis an CEM aonair agus an rialacháin chothrománaigh)**

– Cur chun feidhme ó 2014 amach

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[53]

